

Environmental Protection Agency
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

# An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil
# Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais | **2015**

# AN GHNÍOMHAIREACHT UM CHAOMHNÚ COMHSHAOIL

Tá an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) freagrach as an gcomhshaol a chaomhnú agus a fheabhsú mar shócmhainn luachmhar do mhuintir na hÉireann. Táimid tiomanta do dhaoine agus don chomhshaol a chosaint ó éifeachtaí díobhálacha na radaíochta agus an truaillithe.

## Is féidir obair na Gníomhaireachta a roinnt ina trí phríomhréimse:

Rialú: *Déanaimid córais éifeachtacha rialaithe agus comhlíonta comhshaoil a chur i bhfeidhm chun torthaí maithe comhshaoil a sholáthar agus chun díriú orthu siúd nach gcloíonn leis na córais sin.*

Eolas: *Soláthraímid sonraí, faisnéis agus measúnú comhshaoil atá ar ardchaighdeán, spriocdhírithe agus tráthúil chun bonn eolais a chur faoin gcinnteoireacht ar gach leibhéal.*

Tacaíocht: *Bímid ag saothrú i gcomhar le grúpaí eile chun tacú le comhshaol atá glan, táirgiúil agus cosanta go maith, agus le hiompar a chuirfidh le comhshaol inbhuanaithe.*

## Ár bhFreagrachtaí

### Ceadúnú

Déanaimid na gníomhaíochtaí seo a leanas a rialú ionas nach ndéanann siad dochar do shláinte an phobail ná don chomhshaol:

- saoráidí dramhaíola (*m.sh. láithreáin líonta talún, loisceoirí, stáisiúin aistrithe dramhaíola*);
- gníomhaíochtaí tionsclaíocha ar scála mór (*m.sh. déantúsaíocht cógaisíochta, déantúsaíocht stroighne, stáisiúin chumhachta*);
- an diantalmhaíocht (*m.sh. muca, éanlaith*);
- úsáid shrianta agus scaoileadh rialaithe Orgánach Géinmhodhnaithe (*OGM*);
- foinsí radaíochta ianúcháin (*m.sh. trealamh x-gha agus radaiteiripe, foinsí tionsclaíocha*);
- áiseanna móra stórála peitril;
- scardadh dramhuisce;
- gníomhaíochtaí dumpála ar farraige.

### Forfheidhmiú Náisiúnta i leith Cúrsaí Comhshaoil

- Clár náisiúnta iniúchtaí agus cigireachtaí a dhéanamh gach bliain ar shaoráidí a bhfuil ceadúnas ón nGníomhaireacht acu.
- Maoirseacht a dhéanamh ar fhreagrachtaí cosanta comhshaoil na n-údarás áitiúil.
- Caighdeán an uisce óil, arna sholáthar ag soláthraithe uisce phoiblí, a mhaoirsiú.
- Obair le húdaráis áitiúla agus le gníomhaireachtaí eile chun dul i ngleic le coireanna comhshaoil trí chomhordú a dhéanamh ar líonra forfheidhmiúcháin náisiúnta, trí dhíriú ar chiontóirí, agus trí mhaoirsiú a dhéanamh ar leasúchán.
- Cur i bhfeidhm rialachán ar nós na Rialachán um Dhramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach (DTLL), um Shrian ar Shubstaintí Guaiseacha agus na Rialachán um rialú ar shubstaintí a ídíonn an ciseal ózóin.
- An dlí a chur orthu siúd a bhriseann dlí an chomhshaoil agus a dhéanann dochar don chomhshaol.

### Bainistíocht Uisce

- Monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar cháilíocht aibhneacha, lochanna, uiscí idirchriosacha agus cósta na hÉireann, agus screamhuiscí; leibhéil uisce agus sruthanna aibhneacha a thomhas.
- Comhordú náisiúnta agus maoirsiú a dhéanamh ar an gCreat-Treoir Uisce.
- Monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar Cháilíocht an Uisce Snámha.

### Monatóireacht, Anailís agus Tuairisciú ar an gComhshaol

- Monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht an aeir agus Treoir an AE maidir le hAer Glan don Eoraip (CAFÉ) a chur chun feidhme.
- Tuairisciú neamhspleách le cabhrú le cinnteoireacht an rialtais náisiúnta agus na n-údarás áitiúil (*m.sh. tuairisciú tréimhsiúil ar staid Chomhshaol na hÉireann agus Tuarascálacha ar Tháscairí*).

### Rialú Astaíochtaí na nGás Ceaptha Teasa in Éirinn

- Fardail agus réamh-mheastacháin na hÉireann maidir le gáis cheaptha teasa a ullmhú.
- An Treoir maidir le Trádáil Astaíochtaí a chur chun feidhme i gcomhair breis agus 100 de na táirgeoirí dé-ocsaíde carbóin is mó in Éirinn

### Taighde agus Forbairt Comhshaoil

- Taighde comhshaoil a chistiú chun brúnna a shainaithint, bonn eolais a chur faoi bheartais, agus réitigh a sholáthar i réimsí na haeráide, an uisce agus na hinbhuanaitheachta.

### Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta

- Measúnacht a dhéanamh ar thionchar pleananna agus clár beartaithe ar an gcomhshaol in Éirinn (*m.sh. mórphleananna forbartha*).

### Cosaint Raideolaíoch

- Monatóireacht a dhéanamh ar leibhéil radaíochta, measúnacht a dhéanamh ar nochtadh mhuintir na hÉireann don radaíocht ianúcháin.
- Cabhrú le pleananna náisiúnta a fhorbairt le haghaidh éigeandálaí ag eascairt as taismí núicléacha.
- Monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí thar lear a bhaineann le saoráidí núicléacha agus leis an tsábháilteacht raideolaíochta.
- Sainseirbhísí cosanta ar an radaíocht a sholáthar, nó maoirsiú a dhéanamh ar sholáthar na seirbhísí sin.

### Treoir, Faisnéis Inrochtana agus Oideachas

- Comhairle agus treoir a chur ar fáil d'earnáil na tionsclaíochta agus don phobal maidir le hábhair a bhaineann le caomhnú an chomhshaoil agus leis an gcosaint raideolaíoch.
- Faisnéis thráthúil ar an gcomhshaol ar a bhfuil fáil éasca a chur ar fáil chun rannpháirtíocht an phobail a spreagadh sa chinnteoireacht i ndáil leis an gcomhshaol (*m.sh. Timpeall an Tí, léarscáileanna radóin*).
- Comhairle a chur ar fáil don Rialtas maidir le hábhair a bhaineann leis an tsábháilteacht raideolaíoch agus le cúrsaí práinnfhreagartha.
- Plean Náisiúnta Bainistíochta Dramhaíola Guaisí a fhorbairt chun dramhaíl ghuaiseach a chosc agus a bhainistiú.

### Múscailt Feasachta agus Athrú Iompraíochta

- Feasacht chomhshaoil níos fearr a ghiniúint agus dul i bhfeidhm ar athrú iompraíochta dearfach trí thacú le gnóthais, le pobail agus le teaghlaigh a bheith níos éifeachtúla ar acmhainní.
- Tástáil le haghaidh radóin a chur chun cinn i dtithe agus in ionaid oibre, agus gníomhartha leasúcháin a spreagadh nuair is gá.

### Bainistíocht agus struchtúr na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil

Tá an ghníomhaíocht á bainistiú ag Bord lánaimseartha, ar a bhfuil Ard-Stiúrthóir agus cúigear Stiúrthóirí. Déantar an obair ar fud cúig cinn d'Oifigí:

- An Oifig Aeráide, Ceadúnaithe, Taighde agus Úsáide Acmhainní
- An Oifig Forfheidhmithe i leith cúrsaí Comhshaoil
- An Oifig um Measúnú Comhshaoil
- An Oifig um Cosaint Raideolaíoch
- An Oifig Cumarsáide agus Seirbhísí Corparáideacha

Tá Coiste Comhairleach ag an nGníomhaireacht le cabhrú léi. Tá dáréag comhaltaí air agus tagann siad le chéile go rialta le plé a dhéanamh ar ábhair imní agus le comhairle a chur ar an mBord.

AN GHNÍOMHAIREACHT UM CHOSAINT COMHSHAOIL

Tuarascáil Bhliantúil an GCC, 2015

© An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil 2016

Cé go ndearnadh gach iarracht cruinneas an ábhair atá san fhoilseachán seo a chinntiú, ní féidir cruinneas iomlán a ráthú. Ní ghlacann an Ghníomhaireacht um Chosaint Comhshaoil ná an t-údar/na húdair le freagracht ar bith as caillteanas ná as damáiste a tharla nó a mhaítear a tharla, go páirteach nó ina iomláine, de thoradh ar dhuine ar bith bheith ag gníomhú nó gan bheith ag gníomhú mar gheall ar aon ábhar atá san fhoilseachán seo. Is ceadmhach an foilseachán iomlán seo, nó cuid de a atáirgeadh gan tuilleadh ceada, fad is go n-admhaítear an fhoinse.

Arna fhoilsiú ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Éire

Arna dearadh ag Yellowstone Communications Design

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Bosca Oifig Phoist 3000, Eastát Chaisleán Bhaile Sheáin, Co. Loch Garman, Éire

Íomhánna le caoinchead ó fhoireann an GCC

Íomhá chlúdaigh – Cósta Chorcaí ag breathnú i dtreo Bhéal Chuain Chorcaí
Grianghraf le Tadhg O'Mahony

ISBN: 978-1-84095-635-1

*Tá leagan amach na tuarascála seo struchtúrtha agus ailínithe chun ár bPlean Straitéiseach, 2013*– 2015 a léiriú – Obair le Daoine Eile chun Comhshaol Níos Fearr a Chruthú.

# Príomh Staitisticí

## CEADÚNAIS

**622**
ceadúnas eisithe

**152**
leasú teicniúil críochnaithe

## FORFHEIDHMIÚ

**265**
chigireacht déanta ar láithreáin dramhuisce uirbeacha

**1,300+**
cuairt ar shaoráidí tionsclaíocha agus dramhaíola

**15**
chás ionchúisimh

**69** n-iniúchadh ar láithreáin uisce óil

**31** Treoir um Uisce Óil eisithe d'Uisce Éireann

**1,224** Tástáil radóin déanta ar 1,224 áit chónaithe

**43** thionscadal taighde nua deonaithe

## DRAMHAÍL

**53%**
Laghdú 53% ar dhramhaíl arna cur i líonadh talún idir 2011 agus 2014

**50%**
Méadú 50% in 2014 ar dhramhaíl arna hallmhairiú mar bhreosla

## EOLAS

**13,000**
duine i measc lucht leanúna GCC ar Twitter ar fud 7 gcuntas Twitter

**1.5m+**
cuairt ar shuíomh gréasáin GCC
**www.epa.ie**

**2,500+**
ceist ón bpobal

**108**
n-iarratas ar fhaisnéis (65 iarratas ar Rochtain ar Fhaisnéis Chomhshaoil agus 43 iarratas Saorála Faisnéise)

epa BeGreen
PREVENTING WASTE & SAVING MONEY

**€1.2m**
Luach €1.2 de choigiltis Green Business sainaitheanta

É sainaitheanta gur féidir le cuideachtaí Green Business €41,500 ar an meán a spárái

# 2015 i bhFigiúirí

# Clár Táscairí Comhshaoil

Tá sraith de tháscairí lárnacha comhshaoil d'Éirinn curtha i láthair thíos, chomh maith leis an stádas/treocht comhshaoil le haghaidh gach ceann díobh. Tabhair cuairt ar www.epa.ie/irelandsenvironment/environmentalindicatorsdashboard chun níos mó sonraí a fháil agus le breathnú ar na sonraí bainteacha is déanaí.

## AER

AIR

| AER | STÁDAS / TREOCHT |
|---|---|
| Astaíochtaí Aeir : Ocsaídí de Nítrigin | 🙁 |
| Cáilíocht an Aeir: Ózóin ag leibhéal na talún | 🙂 |
| Cáilíocht an Aeir: Dé-ocsaíd Nítrigine | 🙂 |
| Cáilíocht an Aeir: Ábhar cáithníneach PM$_{10}$ | 😐 |

## AERÁID

CLIMATE

| AERÁID | STÁDAS / TREOCHT |
|---|---|
| Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa: De Réir Rannóige | 😐 |
| Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa: Teilgin do 2020 | 🙁 |

## DRAMHAÍL

WASTE

| DRAMHAÍL | STÁDAS / TREOCHT |
|---|---|
| Atreorú Dramhaíola In-Bhithmhillte ó Líonadh Talún | 😐 |
| Fuíoll Teaghlaigh per Capita | 🙂 |
| Aisghabháil agus Diúscairt Dramhaíola Cathrach | 😐 |
| Aisghabháil Dramhaíola ó Phacáistiú | 🙂 |

## DÚLRA

NATURE

| DÚLRA | STÁDAS / TREOCHT |
|---|---|
| Stádas Caomhantais na nGnáthóg Liostaithe | 🙁 |
| Stádas Caomhantais na Speiceas Liostaithe | 😐 |
| Speicis faoi Bhagairt | 😐 |
| Éin Tuaithe | 😐 |

## COMHSHAOL & FOLLÁINE

ENVIRONMENT & WELLBEING

| COMHSHAOL & FOLLÁINE | STÁDAS / TREOCHT |
|---|---|
| Cáilíocht an Aeir: Ábhar CáithníneachPM$_{2.5}$ | 😐 |
| Cáilíocht Uisce Snámha | 🙂 |
| Cáilíocht Uisce Óil | 😐 |
| Cóireáil Dramhuisce Uirbeach | 😐 |

## UISCE

WATER

| UISCE | STÁDAS / TREOCHT |
|---|---|
| Níotráití i Screamhuisce | 😐 |
| Cáilíocht Uisce Abhann: Fosfáití | 😐 |
| Cáilíocht Uisce Cósta | 😐 |
| Cáilíocht Uisce Idirchriosach | 😐 |
| Cáilíocht Uisce Locha | 😐 |

## EACNAMAÍOCHT INBHUANAITHE

SUSTAINABLE ECONOMY

| EACNAMAÍOCHT INBHUANAITHE | STÁDAS / TREOCHT |
|---|---|
| Uimhreacha Cairr & Méid an Innill | 😐 |
| Ioncam Cánach Comhshaoil | N/B |
| Táirgeadh Fuinnimh In-athnuaite | 😐 |
| Ídiú Fuinnimh Deiridh ina Iomláine de réir Breosla | 😐 |
| Táirgeadh Acmhainne | 🙁 |

## TALAMH

LAND & SOIL

| TALAMH | STÁDAS / TREOCHT |
|---|---|
| Foraoisiú | 🙂 |
| Cumhdach Talún | 🙂 |
| Talamh Talmhaíochta Orgánach | 🙂 |





# CLÁR NA NÁBHAR


| | |
|---|---|
| RÁITEAS AN ARD-STIÚRTHÓRA | 1 |
| MISEAN, FÍS AGUS LUACHANNA 2015 | 5 |
| BAINISTÍOCHT AGUS STRUCHTÚR AN GCC | 6 |
| RIALÁIL | 9 |
| Ceadúnú | 10 |
| Forfheidhmiú | 13 |
| Treoir | 19 |
| EOLAS | 23 |
| Monatóireacht agus Measúnú | 24 |
| Taighde | 32 |
| Tuairisciú | 35 |
| ABHCÓIDEACHT | 39 |
| Oideachas | 40 |
| Múscailt Feasachta | 43 |
| Iompraíocht a Athrú | 45 |
| Obair le Daoine Eile | 49 |
| ATHRÚ AGUS LEASÚ A CHUMASÚ | 55 |
| Daoine agus Struchtúir | 56 |
| Próisis agus Teicneolaíocht | 58 |
| Rialachas | 60 |
| AGUISÍNÍ | 63 |
| Foilseacháin an GCC 2015 | 64 |
| Comhairligh agus Comhairleoirí a fostaíodh in 2015 | 66 |
| An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997 | 67 |
| Na Ráitis Airgeadais | 68 |



# RÁITEAS AN ARD-STIÚRTHÓRA

*Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil le haghaidh na bliana 2015 a chur i láthair. Cuireann an GCC réimse leathan feidhmeanna reachtúla i bhfeidhm go héifeachtúil chun a sainordú agus a misean a chur i gcrích, is é sin, "an comhshaol a chosaint agus a fheabhsú mar shócmhainn luachmhar do mhuintir na hÉireann agus chun daoine agus an comhshaol a chosaint ar iarmhairtí díobhálacha radaíochta agus truaillithe".*



Tugann an tuarascáil seo forbhreathnú ar obair an GCC agus ar na príomhrudaí atá bainte amach aige i rith na bliana i réimsí sholáthair faisnéise, rialú comhshaoil agus tacaíocht don chomhshaol.

## Athrú Aeráide

Glacadh céim mhór chun cinn in 2015 i dtaobh gníomhaíochtaí domhanda agus gníomhaíochtaí áitiúla ar an athrú aeráide. Le glacadh Chomhaontú Pháras maidir leis an athrú aeráide i mí na Nollag, tá creat uaillmhianach, atá ina cheangal dlí againn le haghaidh gníomhaíocht dhomhanda. In Éirinn, achtaíodh reachtaíocht aeráide d'fhonn leanúint leis an athrú chuig geilleagar ísealcharbóin, a bheidh athléimneach ó thaobh aeráide agus a bheidh inbhuanaithe i dtaobh an chomhshaoil, agus an méid sin a bhaint amach faoi 2050. Mar sin féin, taispeánann réamh-mheastacháin gáis cheaptha teasa go bhfuil dúshláin suntasacha sa bhealach ar Éirinn sula mbeidh eacnamaíocht charbóin íseal aici. Is ionann sprioc laghdaithe na hÉireann faoi AE 2020 agus 20 faoin gcéad i gcomparáid le hastaíochtaí sa bhliain 2005. Téann an sprioc sin i gcion ar gach earnáil ach amháin na cuideachtaí atá páirteach i Scéim AE i ndáil le Trádáil Astaíochtaí. Léiríonn réamh-mheastacháin a rinne GCC in 2015 go mbeidh astaíochtaí ó earnálacha nach bhfuil páirteach sa scéim sin 14 faoin gcéad faoi bhun leibhéil na bliana 2005 sa chás is fearr. Is ó thrí earnáil a thagann os cionn 70 faoin gcéad d'astaíochtaí gás ceaptha teasa na hÉireann: talmhaíocht, iompar agus fuinneamh. Taispeánann figiúirí sealadacha astaíochtaí gáis cheaptha teasa do 2014, a cuireadh ar fáil i Nollaig 2015, go raibh titim bheag (0.7%) ina iomláine i gcomparáid le figiúirí 2013, in ainneoin arduithe i roinnt rannóga.

Ar fud an domhain, ní mór astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú go dtí gar do náid nó faoi bhun náid roimh dheireadh an chéid seo. I sonraí agus tuarascálacha de chuid GCC, díríodh aird ar an riachtanas go leanfaidh Éire cosán i dtreo dícharbónú a dhéanamh ar fhuinneamh, ar iompar agus ar théamh. Ba chóir d'earnálacha na talmhaíochta, na foraoiseachta agus na talamhúsáide neodracht éifeachtach a bhaint amach faoi 2050 i dtaobh astaíochtaí gás ceaptha teasa. Beidh pleanáil, infheistíocht agus am de dhíth chuige sin ach is féidir an sprioc sin a bhaint amach faoi chreat foriomlán na ngealltanas ar an leibhéal náisiúnta, leibhéal AE agus an leibhéal domhanda.

## Uisce Óil

Léiríodh i dtaifid GCC go raibh 6,000 duine ar fhógra fadtéarmach um fhiuchadh uisce i mí Dheireadh Fómhair, anuas ó bhuaicphointe 23,000 go luath sa bhliain 2015. Faoi mhí Dheireadh Fómhair, bhí 112 sholáthar uisce ann ar ghá iad a fheabhsú chun sábháilteacht agus slándáil an uisce óil a áirithiú. Cé gur chomhlíon 99 faoin gcéad de na samplaí a tógadh le linn 2014 caighdeáin mhicribhitheolaíocha agus caighdeáin cheimiceacha, ní mór cur le luas na hinfheistíochta sa bhonneagar uisce óil chun deireadh a chur le baol an *Chripteaspóiridiam* agus leis an mbaol go mbeidh gá le fógraí fadtéarmacha um fhiuchadh uisce. Ina cáil mar an rialtóir cáilíochta uisce, tá straitéisí náisiúnta cuimsitheacha éilithe ag GCC chun déileáil le tosaíochtaí amhail díghalrúchán cuí, luaidhe, lotnaidicídí agus pleanáil i dtaobh sábháilteacht uisce.

## Cóireáil Dramhuisce

I mí na Samhna, d'éiligh GCC go n-aisiompófaí an laghdú a bhí le sonrú le blianta beaga anuas ar chaiteachas caipitiúil le haghaidh cóireáil dramhuisce, ionas nach rachadh na héifeachtaí díobhálacha a bhaineann le séarachas i bhfeidhm ar an gcomhshaol agus ar an tsláinte phoiblí. Ní mór oibriú agus bainistiú na gcóras cóireála dramhuisce atá ann cheana féin a fheabhsú chomh maith. Sonraíodh i dtuarascáil GCC don bhliain 2014 um *Chóireáil Dramhuisce Uirbigh* go raibh séarachas gan chóireáil fós á sceitheadh i 45 limistéar uirbeacha, agus gurbh iad Contae Chorcaí, Contae Dhún na nGall agus Contae na Gaillimhe na limistéir ba mheasa a bhí buailte. As na 174 mhórlimistéar uirbeacha ina ndéantar cóireáil dramhuisce, chomhlíon 143 (82%) díobh caighdeáin cháilíochta éigeantacha AE, agus níor chomhlíon 12 díobh an ceanglas faoin Treoir maidir le Cóireáil Dramhuisce Uirbigh i ndáil le cóireáil thánaisteach a sholáthar. Bhí sceitheadh dramhuisce i measc na gcúiseanna ba bhun le droch-cháilíocht an uisce snámha ag seacht n-uisce snámha shainithe in 2014.

In athbhreithniú a rinneadh ar an gcéad bhliain den Phlean Cigireachta Náisiúnta um chórais cóireála dramhuisce tí, a ndearna cigirí de chuid na n-údarás áitiúil 987 gcigireacht lena linn, léiríodh gur theip ar bheagnach leath na n-umar seipteach tí sa chéad chigireacht orthu. Chomhlíon 79% de na córais a ndearnadh cigireacht orthu na rialúcháin, nuair a bhí obair leasúcháin déanta ag úinéirí tí.

## Forfheidhmiú Ceadúnas Tionsclaíoch agus Ceadúnas Dramhaíola

In 2015, thug GCC níos mó ná 1,300 cuairt láithreáin ar shaoráidí ceadúnaithe. Dírítear an forfheidhmiú go háirithe ar shaoráidí trína gcruthaítear baol don chomhshaol agus do shláinte an phobail, agus tá GCC ag leanúint ar aghaidh ag déanamh beart i gcoinne cuideachtaí agus a gcuid stiúrthóirí chun géilliúlacht a áirithiú.

Maidir le rialú astaíochtaí truailleán chuig an atmaisféar, bhí feidhmíocht an-mhaith le sonrú tríd is tríd ag breis is 750 gníomhaíocht atá ceadúnaithe ag GCC, mar a deimhníodh sa tuarascáil *EPA Licensed Sites – Report on Air Emissions* 2014, a foilsíodh i mí Lúnasa. Mar sin féin, rinne an pobal níos mó ná 750 gearán le GCC in 2014 faoi núis bholaidh ó láithreáin cheadúnaithe. Bhain beagnach gach gearán díobh sin le hearnáil an Bhainistithe Dramhaíola agus leis an earnáil Bhia agus Dí, agus ba faoi dheich láithreán a bhí beagnach 70 faoin gcéad de na gearáin. Rinneadh 149 ngearán eile faoi thorann agus ba faoi chúig láithreán a bhí beagnach 80 faoin gcéad de na gearáin sin.

Foilsíodh an tuarascáil *EPA Licensed Sites -Report on Waste Enforcement 2014* i mí na Nollag. Leagadh béim air sa tuarascáil go bhfuarthas i rith chigireachtaí GCC go raibh fadhb ann maidir le drochbhainistiú agus drochstóráil dramhaíola ag roinnt saoráidí, as ar eascair núis bholaidh agus baol dóiteáin nach bhféadfaí glacadh leo, agus is saincheist tosaíochta é sin i dtaobh forfheidhmiúchán GCC.

## Uisce Snámha

Tríd is tríd, tá cáilíocht uisce snámha na hÉireann fós an-mhaith. Tugadh isteach caighdeáin nua AE in 2014 faoina bhfuil leibhéal i bhfad níos airde cosanta ar fáil do lucht snámha. In 2014, chomhlíon 94 faoin gcéad d'uisce snámha na hÉireann na caighdeáin níos déine sin agus rinneadh trí cheathrú den uisce snámha a rátáil mar uisce atá 'Ar Fheabhas'. As an 136 uisce snámha a sainaithníodh, theip ar sheacht gcinn acu an caighdeán éigeantach íosta a chomhlíonadh agus rinneadh iad a aicmiú mar uisce atá 'Ar Dhroch-cháilíocht'. Dhealraigh sé go raibh baint ag na foinsí truaillithe le hiarmhairtí sceithe dramhuisce den chuid ba mhó.

Tá GCC ag tuairisciú anois ar thránna neamhainmnithe eile atá faoi mhonatóireacht ag údaráis áitiúla, ar nós tránna an Chósta Ghlais.

## Cáilíocht Uisce

Tá cáilíocht screamhuisce na hÉireann agus uiscí dhromchla na tíre chomh maith is atá san Eoraip. mar sin féin, beidh dúshlán mór roimh Éirinn chun riachtanais Chreat-treoir Uisce an AE a chomhlíonadh sna blianta atá ag teacht. D'ainneoin roinnt feabhais mheasartha a theacht ar cháilíocht ár n-uiscí le deireanaí, mar a tuairiscíodh i dtuarascáil Cháilíocht Uisce na hÉireann a foilsíodh in 2015, caithfear aghaidh a thabhairt ar chuid mhaith tionchair chun na huiscí ar fad a ardú chuig leibhéal sásúil agus chun uiscí a bhfuil bail mhaith orthu cheana féin a chosaint. Leanann eotrófú a thagann ó shaibhriú cothaitheach mar phríomhshaincheist a gcaithfidh Uisce Éireann déileáil leis. Léiríonn an measúnú stádais uisce is deireanaí go bhfuil gá go dtiocfaidh feabhas ar thart ar leath na n-aibhneacha, na lochanna agus na n-inbhear a ndearnadh measúnú orthu, chomh maith le 4% d-uiscí cósta (de réir limistéir), chun staid shásúil a bhaint amach.

## Aer Glan

Tá dlúthbhaint ag cosaint an chomhshaoil agus cosaint na sláinte le chéile. Cé go bhfuil caighdeán an aeir in Éirinn go maith, i gcomparáid le ballstáit eile de chuid AE, is ag éirí níos deacra atá sé dea-chaighdeán aeir a chothabháil i ngach áit in Éirinn. Agus tuarascáil na bliana 2014 um chaighdeán an aeir á foilsiú aici i mí Mheán Fómhair, mhol GCC nach mór dul i ngleic le dhá shaincheist lárnacha a bhfuil tionchar acu ar chaighdeán an aeir in Éirinn – astaíochtaí iompair i mórcheantair uirbeacha agus astaíochtaí ó bhreoslaí toiteacha sna bailte beaga ar fud na tíre.

Cé nár sháraigh Éire aon luachanna teorainn faoi dhlí AE in 2014 maidir le caighdeán an aeir chomhthimpeallaigh ag aon cheann de na stáisiúin mhonatóireachta líonra um chaighdeán an aeir, sháraigh ábhar cáithníneach agus ózón treoirluachanna na hEagraíochta Domhanda Sláinte in 2014 ag roinnt stáisiún monatóireachta. Dá bhrí sin, tá sé iarrtha ag GCC go ngluaisfí i dtreo ghlacadh na dtreoirlínte níos déine de chuid na hEagraíochta Domhanda Sláinte i reachtaíocht AE, go háirithe i ndáil le cáithníní agus ózón.

Dá mba chaighdeáin dhlíthiúla iad, thabharfadh siadsan leibhéal ní b'airde cosanta do chaighdeán an aeir agus don tsláinte phoiblí ar fud na hEorpa agus in Éirinn. Tá ag éirí go maith leis na leibhéil dé-ocsainí i gcomparáid le staidéir a rinne GCC roimhe seo agus leis an gcás i dtíortha eile AE.

## Faisnéis Inrochtana

Má chuirtear faisnéis thráthúil, ardchaighdeán ar fáil faoin gcomhshaol, féadann saoránaigh, gnólachtaí agus an Rialtas cinnteoireacht eolasach a dhéanamh. Bíonn GCC seasta ag scrúdú bealaí níos inrochtana chun sonraí poiblí a chur ar fáil. In 2015, rinne GCC athdhearadh ar an acmhainn ghréasáin Ireland's Environment ionas gurbh fhusa ag úsáideoirí é féachaint ar na sonraí agus iad a íoslódáil i bhformáidí éagsúla. Ba mhór againn é gur bronnadh Gradam Ginearálta ríomhsheirbhísí an Rialtais 2016 orainn i leith na hacmhainne. Soláthraíonn seirbhís mhapála GCC, My Local Environment, faisnéis faoin gcomhshaol sa cheantar áitiúil laistigh de gha 1 –15km. . Leathnaíodh an acmhainn ar líne in 2015 nuair a cuireadh léi an léarscáil náisiúnta radóin. Chomh maith leis sin, d'fhorbair GCC leagan Android de *"See it? Abair é!"* feidhmchlár iOS ar éirigh go geal leis, a fhágann go bhfuil bealach áisiúil ag daoine chun truailliú comhshaoil a thuairisciú lena gcuid fón póca. *"See it? Abair é!"* naisc leis an tseirbhís ghréasáin www.fixyourstreet.ie atá á cur ar fáil ag na húdaráis áitiúla.

## Conclúid

Mar atá soiléir ón Tuarascáil Bhliantúil, leanann sainordú an GCC air ag tógáil réimse níos leithne gníomhaíochtaí isteach. Tá an t-ádh ar an GCC mar sin go bhfuil foireann ghairmiúil, solúbtha agus tiomanta againn a oibríonn go crua chun a gcuid a dhéanamh leis an sainordú agus na huaillmhianta atá againn a sholáthar. D'éirigh triúr dár gcomhghleacaithe as obair in 2015. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil, thar mo cheann féin, agus thar ceann Stiúrthóirí agus foireann an GCC le Kieran O'Brien, Isabella Bolger agus Bea Claydon as an gcion oibre a rinneadar don GCC, cion nach bhféadfaí déanamh dá uireasa, agus guím gach rath orthu.

Bhuaileamar faoi phróiseas forbartha straitéise corparáide le linn 2015 agus rinneamar plé leathan lenár bhfoireann agus le go leor páirtithe leasmhara, Coiste Comhairliúcháin GCC san áireamh, lena linn. Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leo siúd a ghlac páirt, faoina n-ionchur luachmhar, go háirithe leo siúd a thug suas a gcuid ama le páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán poiblí i nDeireadh Fómhair. Tugadh an *Plean Straitéiseach uaillmhianach 2016–2020 – Ár gComhshaol, Ár bhFolláine* chun críche agus foilsíodh é go luath i 2016 agus leagann an plean amach céard atá fúinn a bhaint amach thar na cúig bliana amach romhainn.

Neartóidh an GCC a príomhfheidhmeanna rialachán, fhorfheidhmithe agus mheasúnaithe tuilleadh le linn saoil ár ráitis nua straitéise, agus tabharfaidh sí tosaíocht do cháilíocht uisce, d'athrú aeráide agus d'fheabhas a chur ar an gcreat cosanta radaíochta. Beidh an GCC ag iarraidh plé níos dlúithe a dhéanamh le saoránaigh, le pobail agus le gnólachtaí chun iompair inbhuanaithe a eagrú.

Cé go bhfuil sé soiléir go bhfuil ról ar leith ag an GCC, ról a bhfuilimid tiomanta ar, is féidir le gach rannóg agus gach saoránach a gcion féin a dhéanamh mar tá cuid mhaith d'fhadhbanna comhshaoil an lae inniu casta agus tá gá le freagairt leathan ón tsochaí. Déanann athruithe beaga difríocht mhór agus leanaimid ag spreagadh daoine le smaoineamh ar athruithe breise a dhéanamh chun an comhshaol a chosaint. Leanfaidh na sonraí eolaíochta, an taighde agus an t-eolas a chuireann muid ar fáil faoi chomhshaol na hÉireann le bonn eolais a chur faoi bheartais agus tacóidh sé rannpháirtíocht an phobail.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an bhfoireann go léir as a n-obair dhian agus a dtiomantas, go háirithe le Coiste Comhairleach an GCC agus le mo chomhstiúrthóirí as a dtiomantas agus a dtacaíocht.



**Laura Burke**
Ard-Stiúrthóir an GCC



# MISEAN, FÍS AGUS LUACHANNA 2015

## ÁR MBUNCHUSPÓIR:

An comhshaol a chosaint agus a fheabhsú mar shócmhainn luachmhar do mhuintir na hÉireann. Ár ndaoine agus an comhshaol a chosaint ar iarmhairtí díobhálacha radaíochta agus truaillithe.

## ÁR BHFÍS

Comhshaol glan, folláin, dea-chosanta a thacaíonn le sochaí agus le geilleagar inbhuanaithe.

## ÁR DTREOIRPHRIONSABAIL

***Ár Maoirseacht***

- Guth iontaofa neamhspleách údarásach ar son an chomhshaoil is ea muid.
- Déanaimid cinntí oibiachtúla agus iad bunaithe ar an bhfianaise agus an t-eolas eolaíoch is fearr atá ar fáil.
- Bainistímid ár n-acmhainní go héifeachtach agus go héifeachtúil chun luach a chur ar fáil don phobal.

***Ár nObair***

- Déanaimid rialáil ar bhealach cóir comhréireach trédhearcach, agus dírímid orthu siúd nach mbíonn comhlíontach.
- Déanaimid difríocht trí obair a dhéanamh le dreamanna eile chun iontaoibh, líonraí agus comhpháirtíochtaí a chruthú ar mhaithe le torthaí éifeachtacha a bhaint amach.
- Déanfaimid ár ndícheall go leanúnach feabhsú agus feabhas a bhaint amach trí fhoghlaim agus forbairt.

***Ár Seirbhís***


- Táimid nuálaíoch, oiriúnaitheach agus toilteanach bealaí nua agus solúbtha oibre a leanúint.
- Déanaimid seirbhísí a dhearadh agus a sholáthar ó dhearcadh an tsaoránaigh.
- Cuirimid ár seirbhísí ar fáil ar bhealach atá inniúil, cúirtéiseach agus sofhreagrach.

***Ár gComhghleacaithe***

- Oibrímid le chéile chun torthaí éifeachtacha a chur ar fáil.
- Tacaímid lenár gcomhghleacaithe, tá iontaoibh againn astu agus is mór againn iad, agus bímid ag cumhachtú a chéile chun cinntí a dhéanamh.
- Bímid oscailte agus macánta lena chéile.
- Tugaimid dúshlán a chéile agus spreagaimid a chéile go cuiditheach chun obair níos fearr a dhéanamh.

# BAINISTÍOCHT AGUS STRUCHTÚR AN GCC

## STRUCHTÚR EAGRAÍOCHTÚIL AN GCC 2015




Rinne a cúig príomhoifigí obair an GCC in 2015:

- An Oifig Aeráide, Ceadúnaithe, Taighde agus Úsáide Acmhainní
- An Oifig um Fhorfheidhmiú Comhshaoil
- An Oifig um Measúnú Comhshaoil
- An Oifig um Cosaint Raideolaíoch
- An Oifig Cumarsáide agus Seirbhísí Corparáideacha

Tá tuilleadh eolais faoi ghníomhaíochtaí, ceadúnais, foilseacháin agus nuachtlitreacha an GCC ar fáil ar shuíomh gréasáin an GCC ag www.epa.ie



## BORD STIÚRTHÓIRÍ AN GCC

(C go D): Gerard O'Leary, (Stiúrthóir na hOifige Forfheidhmithe um an gComhshaol). Ann McGarry (Stiúrthóir, An Oifig um Cosaint Raideolaíoch). Matthew Crowe (Stiúrthóir, An Oifig um Measúnú Comhshaoil). Laura Burke (Ard-Stiúrthóir). Micheál Ó Cinnéide, (Stiúrthóir, an Oifig Cumarsáide agus Seirbhísí Corparáideacha). Dara Lynott, (Leas-Ard-Stiúrthóir; Stiúrthóir, An Oifig Aeráide, Ceadúnaithe, Taighde agus Úsáide Acmhainní).



## COISTE COMHAIRLEACH AN GCC

Tugann Coiste Comhairleach ar a bhfuil dáréag comhaltaí cúnamh don GCC, ar coiste é a thagann le chéile chun ábhair bhuartha a phlé agus a chuireann comhairle ar an mBord. Tá Ard-Stiúrthóir an GCC ina bhall agus ina Chathaoirleach ar an gCoiste *de bhrí oifige*. Maireann téarma oifige an Choiste trí bliana.

Bhí 6ú Coiste Comhairleach an GCC ceaptha ag an Uas. Phil Hogan, TD, Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, ar 13 Feabhra 2013.

### An Líne Chúil (C go D):

An Clr. John Sheahan (Fine Gael, Comhairle Contae Chiarraí, *ainmnithe ag an gCumann Comhairlí Contae is Cathrach*); An Dr. John Cuddihy (FSS, *ainmnithe ag Stiúrthóirí Sláinte Poiblí FSS*); An tOll. Colin O'Dowd (ONÉ, Gaillimh, *ainmnithe ag Acadamh Ríoga na hÉireann*); An tUas. Pat Farrell (FAÉ (IFA), *ainmnithe ag Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann*); An tUas. Martin Hogan (Cliste Consulting, *ceaptha ag an Aire*); An tUas. Tom O'Reilly (Rúnaí an Choiste)


### An Líne Thosaigh (C go D):

An Dr. Sharon McGuinness (An ÚSS, *ainmnithe ag Údarás Sláinte agus Sábháilteachta na hÉireann*); An tUas. David Ball (Comhairleach, *ainmnithe ag Líonra Comhshaoil na hÉireann*); Laura Burke, (Cathaoirleach); An tUas. Dara Lynott (Leas-Ardstiúrthóir an GCC); Elaine Nevin (POF Eco Unesco, *ceaptha ag an Aire*)

### Ar iarraidh ón ngrianghraf:

Deirdre Lyons (an GFT, *ainmnithe ag an nGníomhaireacht Forbartha Tionscail*); Elizabeth Delahunty (ClearStream Technologies Ltd, *ceaptha ag an Aire*); An Dr. Aine Ryall (COC, *Ceaptha ag an Aire*)

"Rialáil agus córais chloí comhshaoil éifeachtacha a chur i bhfeidhm, chun dea-thorthaí don chomhshaol agus do dhaoine a bhaint amach, agus díriú orthu siúd nach mbíonn ag cloí leo."



# 1

## RIALÁIL


1.1 Ceadúnú

1.2 Forfheidhmiú

1.3 Treoir

Bíonn an GCC ag ceadúnú gníomhaíochtaí le cinntiú nach mbíonn a n-astaíochtaí ag cur sláinte daoine i mbaol ná ag déanamh dochair don chomhshaol.

# 1.1

## CEADÚNÚ



Tá sainchúram leathan ag an gClár um Cheadúnú Comhshaoil, ar a bhfuil údarú dhramhaíl thionsclaíoch, dhramhuisce, OGM, CSO, líonadh talún stairiúil, Achomhairc faoin Acht um Thruailliú Aeir agus gníomhaíochtaí dumpála i bhfarraige. Comhcheanglaíonn an obair seo Measúnú Tionchair Comhshaoil agus Measúnú Cuí mar a éilíonn an Treoir um Ghnáthóga. Próiseálann an ELP iarratais ar cheadúnais, ar cheadanna, ar thoilithe agus ar údaruithe maidir le réimse gníomhaíochtaí, agus déanann sé maoirseacht freisin ar mhodhanna oibre fógartha do dheireadh dramhaíola agus fotháirge.

### CUR I BHFEIDHM NA TREORACH AR ASTAÍOCHTAÍ TIONSCLAÍOCHA

Thug An Treoir um Astaíochtaí Tionsclaíocha (IED) gníomhaíochtaí nua isteach agus b'éigin na ceadúnais IPC agus dramhaíola a bhí ann a leasú agus suiteálacha nua a cheadúnú faoi mhí Iúil 2015. Lean an obair leis na suiteálacha sin a aithint agus a chur in iúl dóibh faoina hoibleagáidí nua, agus táthar ag próiseáil iarratais nua a fuarthas.

Síneadh an tseirbhís ghréasáin, a forbraíodh chun an Treoir nua maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha a chur i bhfeidhm, síneadh í chun trí phróiseas eile a chur ar fáil do Cheadúnaithe: Iarratais ar Aistriú Ceadúnais agus Athruithe ar Iarratais ar Cheadúnais agus Leasuithe Teicniúla agus féinmheasúnú BATC i gcomhair athbhreithnithe.

Leanann an obair leis an tseirbhís ghréasáin a leathnú d'fhonn taisceadh leictreonach ar iarratais ar cheadúnais agus sonraí tuairiscithe comhshaoil a chuimsiú, agus d'fhonn an fhormáid cheadúnais a thabhairt cothrom le dáta le riachtanais IED a léiriú.

### NA TEICNÍCÍ IS FEARR ATÁ AR FÁIL (TFF)

Baineann nótaí reatha TFF na GCC le gníomhaíochtaí IPC agus Dramhaíola mar gheall ar riachtanais trasuímh na Treorach um Astaíochtaí Tionsclaíocha (2012/75/AE). Dírítear ar riachtanais TFF maidir le gníomhaíochtaí na Treorach ar Astaíochtaí Tionsclaíocha trí na doiciméid tagartha reatha TFF agus Cinntí Feidhmithe an Choimisiúin ar Chonclúidí TFF. Tá ocht gcinn de Chinntí Feidhmithe an Choimisiúin ar Chonclúidí TFF foilsithe um an dáta seo. Nuair nach bhfuil Cinneadh Feidhmithe an Choimisiúin i leith gníomhaíochta TAT foilsithe, bíonn feidhm le leibhéil astaíochta a bhaineann le TFF sna nótaí reatha TFF de chuid GCC.

# TRÁDÁIL ASTAÍOCHTAÍ

## Ceadanna GHG agus Timthriall comhlíonta Scéim an AE i ndáil le Trádáil Astaíochtaí

Is í an GCC an tÚdarás forfheidhmithe agus feidhmithe don Rialúchán Trádála Astaíochta, agus cuireann sí rialacha i bhfeidhm feadh an Aontais chun go mbeadh cionroinnt comhréitithe saor de liúntais astaíochtaí ann rud atá ceaptha le cionroinnt saor a laghdú de réir a chéile. Is príomhuirlis é seo chun sochaí seasmhach ó thaobh na haeráide agus neodrach ó thaobh carbóin de a dhéanamh dúinn.

Bhí 96 (suiteáil do-aistrithe) thionsclaíoch a raibh astaíochtaí intuairiscithe acu le haghaidh 2014 agus bhain Éire cloí iomlán amach faoi thimthriall tuairiscithe Scéim Trádála Astaíochtaí (STA) an AE in 2015 maidir le gach oibreoir do-aistrithe.

Chiallaigh na leasuithe a rinneadh ar reachtaíocht Eitlíochta na STA in Aibreán 2014, leasuithe a d'athraigh scóip na Scéime  Trádála Astaíochtaí (STA) an AE, nach raibh dualgais thuairiscithe agus ghéillte ach ar 18 oibreoir aerárthaigh maidir le heitiltí in 2013 agus 2014 faoin 31 Márta 2015. Ní raibh ach oibreoir aerárthaigh amháin nach ndearna tuairisciú in am agus nár ghéill na liúntais riachtanacha faoi dheireadh Aibreáin 2015. Ba í an eisceacht ná aerlíne féimhithe a bhí bunaithe sna SAM agus leanann an GCC ag oibriú leis an leachtaitheoir a bhí ceaptha ag an gcúirt sna SA chun an cás a réiteach.

Chríochnaigh an GCC Tuarascáil Airteagal 21 ar líne (Ceistneoir bliantúil ar Threoir an CTA (ETS) a chur i bhfeidhm) agus chuir sé faoi bhráid an Choimisiúin é trí EIONET don spriocdháta an 30 Meitheamh 2015.

## Clárlann an Aontais do Thrádáil Astaíochtaí agus do Ghealltanais idirnáisiúnta Carbóin

Is é Clárlann an Aontais an uirlis chloí le húsáid i gcomhair suiteálacha agus oibreoirí rialáilte faoi Scéim Trádála Astaíochtaí an AE, rud a chuimsíonn gar do 100 suiteáil in Éirinn sna hearnálacha fuinnimh agus tionscail. Ina theannta sin, mar atá tuairiscithe thuas, bhí dualgais thuairiscithe agus ghéillte fós ag 18 de na hoibreoirí aerárthaigh a bhí faoi riar na hÉireann mar chuid de Scéim Trádála Astaíochtaí (STA) an AE i Márta agus Aibreán 2015, faoi sheach. Tá oibleagáid dlí ar na hoibreoirí seo, idir sheasta agus eitlíochta, cuntas a oscailt i gClár an Aontais chun a n-oibleagáidí cloí a chomhlíonadh maidir le hastaíochtaí carbóin. Leanann an GCC lena chinntiú go ndéanfar bainistíocht láidir ar chóras ina bhfuil sé measta go bhfuil €300 milliún de shócmhainní airgeadais ann.

Is i gClár an Aontais freisin a léiríonn Éire a cloí le Prótacal Kyoto agus le Cinneadh Iarracht Roinnte an AE. Tháinig deireadh leis an tréimhse ceartaithe faoi Thréimhse Tiomantais 1 (CPI) 2008–2012 de Phrótacal Kyoto ar an 18 Samhain 2015. Sular tháinig deireadh leis an tréimhse ceartaithe, bhí ar pháirtithe an Phrótacail a chinntiú gur choinnigh siad siar dóthain aonaid incháilithe (.i.aonaid a bheadh bailí don chéad tréimhse tiomantais) lena gcuid astaíochtaí deiridh CP1 faoi sheach a chlúdach.

Chun cloí na hÉireann lena cuid tiomantais faoin Tréimhse Tiomantais 1 (CP1) 2008–2012 de Phrótacal Kyoto le linn 2015 a léiriú, chríochnaigh an GCC:

- Idirbhearta ÚTAÚTF (Úsáid Talún, Athruithe in Úsáid Talún, Foraoiseacht) na hÉireann do CP1 trí 17.9 milliún AB (Aonaid Bainte) a eisiúint don ghníomhaíocht Foraoisithe/ Athfhoraoisithe agus tri 1.6 milliún aonad a chur ar ceal don ghníomhaíocht Dífhoraoisithe;
- Chomhlíon sí orduithe fhoirmiúla na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil an oiread aonaid a thógáil amach is a bheadh cothrom le dliteanas $CO_2$ na hÉireann;
- Chuir sí isteach Tuarascáil "Cheart-aithe" na hÉireann chuig Creat-Choinbhinsiún na Náisiúin Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide.

# CEADÚNÚ COSANTA AR RADAÍOCHT

Sular féidir le duine nó eagraíocht ar bith foinse radaighníomhach nó gaireas ionradaíochta a fháil, caithfidh sé/sí/siad ceadúnas a fháil ón GCC ar dtús. Ag deireadh 2015, bhí 1,740 ceadúnas á gcoinneáil ar fud réimse earnálacha, amhail fiaclóireacht, leigheas, lucht tionscail, lucht oideachais agus tréidlianna. Eisíodh tríocha trí ceadúnas do cheadúnaithe nua in 2015, as a raibh 13 le haghaidh fiaclóirí, ceithre cinn le haghaidh tréidlianna, péire le haghaidh eagraíochtaí iompair, ceann do dháileoir agus 13 ceadúnas do cheadúnaithe san earnáil tionsclaíoch. Dúnadh 60 ceadúnas in 2015, agus bhí ar an gceadúnaí a chinntiú go raibh gach táirge a raibh ceadúnas faighte lena aghaidh diúscartha i gceart nó go rabhadar seolta ar ais chuig an déantóir nó chuig an soláthraí.

## Córas Ceadúnaithe Raideolaíochta Nua Ar líne

Thug an GCC córas ceadúnaithe ar líne isteach i Márta 2015 i gcomhair ceadúnais raideolaíochta reatha. Socraíodh suas feidhmiúlacht do cheadúnaithe raideolaíochta chun leasuithe a dhéanamh, nó ceadúnas a ghiniúint nó a athnuachan laistigh de chóras an Líonra Malartaithe Sonraí Comhshaoil (LMSC). D'éirigh leis an GCC a chéad chlár ar líne a sheoladh sa Mhárta, ar a raibh 362 athnuachan ceadúnais. Cuireadh cumas breise leis i Mí an Mheithimh le hiarratas a dhéanamh ar líne i gcomhair ceadúnais nua raideolaíochta.

D'admhaigh creat Mhisean Athbhreithnithe Piara na hÉireann den Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta d'Fhuinneamh Adamhach (IAEA)  i gcomhair sábháilteacht raideolaíochta, d'admhaigh sé gur cleachtas maith é an córas bainistíochta eolais rialála nua chun na riachtanais idirnáisiúnta ar fhreagrachtaí agus feidhmeanna na comhlachta rialála a chomhlíonadh.

| Cineál an Cheadúnais | 2015 | | | |
|---|---|---|---|---|
| | Líon Iomlán na n-Iarratas a Fuarthas | Líon Iomlán PDanna a Eisíodh | Líon Iomlán na nAgóidí a Fuarthas | Líon Iomlán na gCinntí a Eisíodh |
| Ceadúnais TAT/RCT (Dramhaíl AT san áireamh) | 41 | 34 | 29 | 32 |
| Ceadúnais Dramhaíola | 1 | 6 | 5 | 3 |
| Ceadúnais Fuíolluisce | 0 | | N/B | 120 |
| Deimhnithe Údaraithe Fuíolluisce | 3 | | N/B | 15 |
| Ceadanna OGM (Úsáid shrianta) | 25 | | N/B | 29 |
| Ceadanna OGM (Scaoileadh beartaithe) | 0 | | N/B | 0 |
| Deimhnithe Ionaid Stairiúla Líonta Talún | 4 | | N/B | 0 |
| Ceadanna do Dhumpáil ar Farraige | 5 | | N/B | 5 |
| Deimhnithe Clárúcháin (Dramhaíl) | 37 | | N/B | 24 |
| Ceadanna CSO (VOC) | 1 | 1 | 0 | 1 |
| Ceadúnais Raideolaíochta | 391 | N/B | N/B | 393 |
| **IOMLÁIN** | **508** | **41** | **34** | **622** |

Tábla 1: Tascanna an Chláir Ceadúnais 2015



| Tascanna | Iomlán na dTascanna a Measúnaíodh in 2015 |
|---|---|
| Iarratais faoi Airteagal 11 | 86 |
| Leasuithe Teicniúla AT/RCT | 69 |
| Leasuithe Tionscanta AT | 45 |
| Leasuithe Tionscanta AT | 17 |
| Leasuithe Teicniúla Dramhaíola | 7 |
| Leasuithe Teicniúla Dramhuisce | 13 |
| Leasuithe Teicniúla Dumpála ar Farraige | 1 |
| Iarratais faoi Airteagal 27 (fotháirge) | 26 |
| Airteagal 28 | 2 |
| An GLE (OGM) | 1 |
| Treoir 2009/41/EC | 1 |
| Mheasúnú MTS ar Iarratais | 35 |
| Comhfhreagras Pleanála a Scrúdaíodh | 646 |
| **IOMLÁN** | **949** |

Tábla 2: Tascanna Rialaitheacha Eile an Chláir um Cheadúnú Comhshaoil, 2015

# 1.2

## FORFHEIDHMIÚ

Déanann an GCC reachtaíocht chosanta comhshaoil agus raideolaíoch a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú in Éirinn.

## UISCE GLAN

Is í an GCC an rialtóir comhshaoil d'Uisce Éireann, atá freagrach as seirbhísí uisce a sholáthar in Éirinn. Tá bonneagar seirbhísí uisce in Éirinn ag fulaingt de bharr easpa infheistíochta sa tseirbhís leis na blianta agus, cé go bhfuil feabhas ag teacht air, níl sé fós ag baint amach na gcaighdeáin atá riachtanach lena chinntiú go bhfuil an t-uisce óil ar fad atá á sholáthar sábháilte agus slán agus go ndéantar cóireáil chuí ar dhramhuisce sula scaoiltear é. Tá tosaíochtaí socruithe ag an GCC d'Uisce Éireann chun fáil réidh leis na fógraí fadtéarmacha le huisce a ól, leis na soláthairtí uisce óil a thógáil ón Liosta Gníomhaíochta Feabhsúcháin.

### Sceitheadh Fhuíolluisce Cathrach

Thaispeáin an *Tuarascáil Dramhuisce Uirbigh* a foilsíodh in 2015 go raibh dul chun cinn á dhéanamh chun feabhas a chur ar chosaint agus athchóiriú chaighdeán an uisce, agus chun truailliú comhshaoil a chosc ó thionchair sceite dhramhuisce. Is iad príomhchinnti na tuarascála ná mar a leanas.

#### Bonneagar agus caighdeán eisiltigh:

- Baineann 143 as na 174 ceantar uirbeach mór (82%) caighdeáin cáilíochta éigeantacha an AE amach. Tá ardú 8% ar an bhfigiúr seo thar dhá bhliain.
- Ní raibh aon chóireáil dhramhuisce in 45 ceantar agus sceitheadar amhchamras. Tá os cionn a leath acu sin i dtrí chontae (Corcaigh, Dún na nGall agus Gaillimh).

#### Bainistíocht agus Oibriúchán Ionad:

- Tá gá le feabhsúcháin oibriúcháin i 57 ceantar uirbeach, ceantair a bhfuil dóthain cumais cóireála acu ach nár bhain amach na caighdeáin cáilíochta eisiltigh. Tá laghdú ar sin ó 80 ceantar uirbeach sa bhliain roimhe sin.
- Ba de bharr saincheisteanna a bhain le hoibriú agus cothabháil a bhí 21% de na teagmhais ag ionaid dramhuisce.

#### An comhshaol glactha:

- Bhí sceitheadh dramhuisce i measc na gcúiseanna ba bhun le droch-cháilíocht an uisce snámha ag seacht n-uisce snámha shainithe, ar a raibh Eochaill agus an Ros in 2014.
- Níl ach suíomh abhann amháin atá truaillithe go dona (Bredagh, Bun an Phobail) áit a bhfuil truailliú ann de bharr scaoileadh dhramhuisce uirbeach. Tá laghdú ar sin ó sé cinn in 2013.

### Córais Chóireála Fuíolluisce Baile (Dabhcha Séarachais)

Ullmhaíonn an GCC an plean cigireachta náisiúnta i gcomhair dabhcha séarachais. Is iad údaráis áitiúla a dhéanann an chigireacht. Ó cuireadh tús leis an gcigireacht in 2013, tá se faighte amach go raibh beagnach leath de na córais a ndearnadh cigireacht orthu neamhchomhlíontach. Thug athbhreithniú ar an tréimhse ó 1 Iúil 2013 go 31 Nollaig 2014, agus a foilsíodh in 2015 le fios go:

- ndearna cigirí údaráis áitiúla 1,559 cigireacht chéad-ama.
- d'éirigh le 54% de chórais cóireála dhramhuisce baile an chigireacht a bhaint amach.
- Ba de bharr nach ndearadh sloda a bhaint a theip ar os cionn a leath.
- Tá 85% de na córais a ndearnadh cigireacht orthu ag comhlíonadh na rialacháin anois, tar éis d'úinéirí tí obair fheabhsúcháin a dhéanamh orthu.

In 2015, d'fhoilsigh an GCC an dara Plean Náisiúnta Cigireachta 2015–2017: Córais Chóireála Dramhuisce Tí, a chlúdaíonn tréimhse trí bliana. Tá trí ghrúpa oibre atá ag pé le roghnú láithreáin, le polasaí comhlíonta agus le rannpháirtíocht bunaithe chun cabhair phraiticiúil agus treoir a thabhairt d'údaráis áitiúla.

### Uisce Óil

Thaispeáin *Tuarascáil Uisce Óil 2014* de chuid an GCC go raibh leibhéal ard comhlíonta ann maidir le caighdeáin mhicribhitheolaíochta agus cheimiceach. Cé go léiríonn sé sin go bhfuil formhór uiscí na hÉireann sábháilte, tá tuilleadh feabhsúcháin ag teastáil chun slándáil sholáthar a fheabhsú agus chun fógraí fadtéarmacha fiuchta uisce a sheachaint sa todhchaí.

Thaispeáin an mhonatóireacht ar uisce óil poiblí in Éirinn go:

- gcloíonn 99.9% de na samplaí leis na caighdeáin mhicribhitheolaíochta agus
- gcloíonn 99.4% de na samplaí leis na caighdeáin cheimiceacha.

Bhí 6,000 duine ar fhógra fadtéarmach um fhiuchadh uisce i ndeireadh na bliana, anuas ó bhuaicphointe 23,000 go luath sa bhliain 2015.

D'aithin Liosta Gníomhaíochta Feabhsúcháin an GCC 112 soláthar – a bhí ag freastal ar 770,000 tomhaltóir – ar theastaigh feabhsú a dhéanamh orthu chun sábháilteacht agus slándáil na soláthairtí sin a chinntiú. Caithfidh ardú a theacht ar an luas infheistíochta i gcóireáil uisce chun go mbeidh Uisce Éireann in ann fáil réidh leis an riosca a bhaineann le Cripteaspóirideam agus le fógraí fadtéarmacha fiuchta uisce.

Tá an GCC ag éileamh ar Uisce Éireann straitéisí náisiúnta cuimsitheacha a ullmhú chun déileáil le tosaíochtaí amhail díghalrúchán, díghalrúchán fotháirgi, luaidhe, lotnaidicídí agus pleanáil i dtaobh sábháilteacht uisce. In 2015, d'eisigh an GCC 31 ordú ina cheangal dlí chuig Uisce Éireann.

## DOCHAR DON CHOMHSHAOL A CHOSC

### Measúnú ar Riosca Dliteanais Chomhshaoil agus Soláthar Airgeadais

Tá sé mar thosaíocht ag an GCC a chinntiú go ndéanann ceadúnaithe dliteanais chomhshaoil a bhaineann le teagmhais féideartha nó le dúnadh gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith truaillitheach, iad a bhainistiú tríd an infheistíocht riachtanach a dhéanamh i soláthar feabhsúcháin agus airgeadais. Leanann an GCC de mhéadú a dhéanamh ar líon na soláthairtí airgeadais a chuimsíonn dliteanais chomhshaoil, rud a laghdaíonn an baol don Stát ó theagmhais agus dúnadh láithreán. Ag deireadh 2015:

- Comhaontaíodh 123 plean dúnta agus bhí dliteanais €398 milliún i gceist.
- Comhaontaíodh 95 measúnú ar chostais fhéideartha teagmhais, agus iad ag cuimsiú dliteanas ar luach €216 milliún.
- Cuireadh soláthairtí airgeadais ar fáil do 49 láithreán, agus iad ag cuimsiú dliteanas ar luach€110 milliún.
- Foilsíodh Treoir um Sholáthar Airgeadais do Dhliteanais Comhshaoil an GCC i nDeireadh Fómhair 2015 agus dhéanfadh sé seo éascaíocht ar roinnt soláthar airgeadais atá le haimsiú.

## FAIREACHAS MARGAIDH AGUS CEIMICEÁIN SA CHOMHSHAOL

### Ceimiceáin (Rialacháin um Bhreosla Soladach san áireamh):

Le linn 2015 rinne an GCC measúnú ar 18 Fógra RAPEX (córas mear-rabhaidh an AE a éascaíonn mearmhalartú eolais idir Ballstáit agus an Coimisiún ar bhearta a tógadh chun margaíocht nó úsáid tháirgí a mbíonn riosca thromchúiseach leo do shláinte agus do shábháilteacht tomhaltóirí a chosc nó a laghdú,) maidir le REACh (8), POPs (7), RoHS (2) and gáis- F (1), chun leibhéil ceimiceáin dhíobhálacha a bhféadfadh an pobal teacht i dteagmháil leo a laghdú. Rinneadh cigireachtaí leantacha ar áitribh phríomhoibreoirí eacnamaíocha (allmhaireoirí, mórdhíoltóirí agus miondhíoltóirí) i réigiún Chorcaí (13 cigireacht), réigiún Luimnigh (10 gcigireacht) agus i réigiún Bhaile Átha Cliath (27 cigireacht).

Rinneadh 100 cigireacht maidir le lipéadú péinte faoin Treoir um Phéinteáil in áitribh mhóra miondíola i réigiúin Chorcaí, Luimnigh agus Bhaile Átha Cliath. Ní fhacthas aon neamhchomhlíonadh.

Fuarthas 20 mír tí le linn mí na Nollag 2015 chun tástáil a dhéanamh orthu i gcomhair substaintí contúirteacha áirithe a bhfuil srian orthu faoi Rialachán Thruailleáin Orgánacha Mharthanacha agus Rialachán CMÚSSC.

Bhí 25 oibreoir sactha guail agus 51 soláthraí bhreosla sholadach ar an gclár breosla ag deireadh 2015, faoi Rialacháin um Bhreosla Soladach (S.I. 326 de 2012).

### Rialacháin maidir le Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach agus Cadhnraí

Chun a chinntiú go ndéantar bainistíocht cheart ar an sruth dramhaíola seo, déanann an GCC

- Deimhniú ar na pleananna bainistíochta dramhaíola DTLL a ullmhaíonn táirgeoirí
- Scaipeann sí treorú
- Déanann sí cigireacht ar mhiondíoltóirí agus ar chiandhíoltóirí

Rinne an GCC 165 cigireacht fógartha agus neamhfhógartha ina iomlán ar tháirgeoirí faoi (Rialacháin um Dhramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach) an Aontais Eorpaigh 2014 agus Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Cadhnraí agus Taisc-cheallraí) 2014. Ina theannta sin rinneadh 80 iniúchadh deisce ar láithreáin gréasáin chiandhíoltóirí.

Ciontaíodh táirgeoir neamhchomhlíontach TLL faoi 15 sárú a dhéanamh ar Rialacháin DTLL i Meán Fómhair. Gearradh fíneálacha suntasacha, iomlán de €22,500 air agus dámhadh costais ar an GCC.



### Substaintí Ídithe Ózóin agus Gáis Cheaptha Teasa Fhluairínithe

Mar chuid d'obair an GCC chun laghdú suntasach a chur ar shubstaintí ídithe ózóin rinneamar:

- cigireacht ar an earnáil trucail agus leantóirí cuisniúcháin a raibh dualgais nua orthu.
- Rinneamar ardú 12.5% ar an líon Fógraí Réamhbhliantúla a eisíodh, go 126.
- Rinneamar teagmháil le 179 conraitheoir a d'fhéadfadh gan a bheith cláraithe chun iarraidh orthu cur isteach ar PAN nó sin a rá nár theastaigh ceann uathu (mar nach rabhadar ag aistriú dramhghás).
- Rinneamar cigireacht ar 179 úsáideoir deiridh agus conraitheoir SÍÓ agus F-ghás, ag díriú ar an iliomad d'úsáideoirí deiridh níos mó m.sh. slabhraí miondíola grósaeireachta, grúpaí óstán agus fáilteachais.

## CIGIREACHT COMHSHAOIL

### Cuairteanna Cigireachta agus Iniúchtaí 2015 –

| Gníomhaíocht | Líon na n-iniúchtaí |
|---|---|
| Ceadúnais Tionscail & Dramhaíola | 1,310 |
| Ceadúnas um Doirteadh Dramhuisce Uirbeach | 265 |
| Ionaid Chóireála Uisce Óil | 69 |

Tábla 3: Líon na n-iniúchtaí de réir rannóige


## FORFHEIDHMIÚ CEADÚNAS TIONSCLAÍOCH AGUS CEADÚNAS DRAMHAÍOLA

Cuireadh bainistíocht agus rialú riosca ag láithreáin tionsclaíocha agus dramhaíola i gcrích in 2015 trí na gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin seo a leanas:


- Críochnú 1,300 cuairt chigireachta phleanáilte.
- Réiteach 218 Imscrúdú Cloí maidir le fadhbanna a bhain go sonrach le láithreáin.
- Ag dul i ngleic le fadhbanna tosaíochta trí chur chuige fhorfheidhmithe rannóige agus trí ghníomhaíocht fhorfheidhmithe a dhíriú ar fhadhbanna aitheanta ar láithreáin tosaíochta.
- Éisteadh le 15 ionchúiseamh.

Fuair an GCC 1,123 gearán faoi shaoráidí cheadúnaithe thionsclaíocha agus dramhaíola in 2015. Taispeánann Figiúr a 1 an líon gearáin a fuarthas de réir saincheiste/téama agus taispeánann Figiúr a 2 an líon gearáin a fuarthas de réir rannóige. Baineann an chuid is mó (62%) de na gearáin a fuarthas le bolaithe; Is é torann an dara rud is mó a ndéantar gearáin faoi (15% de na gearáin). Baineann tromlach mór na ngearáin a fuarthas leis an tionscal bia agus dí nó le tionscal na dramhaíola. Tá sé mar thosaíocht ag an GCC comhlíonadh a bhaint amach ag áiseanna ceadúnaithe a ndearnadh gearáin fúthu. Ar na gníomhartha a bhíonn i gceist, tá imscrúduithe ar chomhlíonadh a oscailt, cuairteanna cigireachta breise a dhéanamh, monatóireacht nó suirbhéireacht a dhéanamh ar bholaithe agus formhéadú ar ghníomhú forfheidhmithe nuair is gá sin.

Foilsíodh tuarascálacha ar Fhorfheidhmiú Dramhaíola do 2013 agus 2014 araon in 2015 agus chuireadar béim ar na príomhghníomhaíochtaí fhorfheidhmithe agus ar na rioscaí a bhaineann leis na rannóga dramhaíola. Tá siad sin le fáil ar láithreán gréasáin an GCC.




Figiúr 1: Gearáin in 2015 de réir Ceiste/Téama




Figiúr 2: Líon gearáin faighte de réir rannóige

## CUAIRTEANNA CIGIREACHTA MAIDIR LE COSAINT AR RADAÍOCHT

Déanann an GCC cuairteanna cigireachta um chosaint ar radón chun measúnú a dhéanamh ar chaighdeáin na cosanta radaíochta ar fud na n-earnálacha éagsúla agus ar leibhéal chomhlíonta ceadúnaithe le reachtaíocht náisiúnta agus coinníollacha ceadúnais. Tá roghnú na gceadúnaithe ar a ndéanfar cigireacht gach bliain bunaithe ar roinnt critéar, amhail an riosca raideolaíoch a bhaineann le gníomhaíochtaí na gceadúnaithe, an t-am atá caite ó rinneadh cigireacht orthu an uair dheireanach agus teagmhais ar bith a tuairiscíodh taobh istigh dá n-earnáil oibriúcháin. Tugadh seachtó trí chuairt chigireachta chosanta radaíochta, agus dhá iniúchadh slándála, a rinneadh le cabhair ó Aonad Náisiúnta Coiscthe Coireachta an Gharda Síochana, chun críche in 2015 (Tábla 4). Fuarthas dea-leibhéil chloí go ginearálta.

Críochnaíodh trí chuairt chigireachta le linn an athbhreithnithe idirnáisiúnta piara ar shábháilteacht radaíochta chreata na hÉireann. Chonacthas cigirí na GCC ag tabhairt cuairteanna cigireachta sábháilteachta radaíochta ar roinn radaiteiripe in ospidéal, ar shaoráid ionradantais thionsclaíoch agus ar shaoráid déantúsaíochta radachógais. Thuairisc an fhoireann athbhreithnithe ina tuarascáil dheiridh go mbíonn cuairteanna cigireachta na GCC cuimsitheach, agus dírithe ar ábhair a bhfuil baint acu le sábháilteacht agus go gcuireann siad go suntasach le sábháilteacht a fheabhsú agus leis an gcultúr sábháilteachta ag na saoráidí rialaithe a fheabhsú freisin.


Ag teacht ó chuairt faireachais a thug Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú i mí an Mheithimh, d'éirigh leis an GCC creidiúnú a choinneáil de réir an chaighdeáin idirnáisiúnta ISO 17020 do Mheasúnú Comhréireachta ar chomhlachtaí a dhéanann cigireacht.

| Rannóg an Cheadúnaithe | Catagóir Riosca | Líon na gcuairteanna cigireachta críochnaithe |
|---|---|---|
| Fiaclóireacht | Íseal | 1 |
| Tréidlianna | Íseal | 7 |
| Dáileoirí | Meán | 2 |
| Tionsclaíoch | Meánairde/Ard | 37 |
| Leigheas | Meánairde/Ard | 20 |
| Neamhcheadúnaithe | - | 6 |
| Slándáil | - | 2 |
| Iomlán | | 75 |

Tábla 4: Catagóirí ceadúnaithe cosanta radaíochta agus cuairteanna cigireachta ar buaileadh fúthu le linn 2015.

## RIALÚ AR NOCHTADH AERCHRIÚ

Faoi I.R. Uimh. 125 de 2000, is gá do shealbhóir teastas oibreoir aeir measúnú a dhéanamh ar dháileoga a bhíonn faighte ag aerchriúnna le cinntiú an bhfuil gá le bearta chun nochtadh do radaíocht chosmach a rialú agus na torthaí a thuairisciú don GCC. Thug eolas do 2015 a fuarthas ó sheachtar oibreoirí aeir le fios go bhfuair 276 duine dáileoga d'os cionn 4mSv ; ach ní dheachaigh aon dáileog os cionn na tairsí 6mSv, leibhéal ag a gcaithfidh oibreoirí aeir sceidil oibre na n-aerchriúnna a eagrú le súil a gcuid nochta a laghdú. Ó tosaíodh an mhonatóireacht ar aerchriúnna in 2003, tá méadú leanúnach bliantúil ar líon na mball d'aerchriúnna a fhaigheann dáileoga os cionn 1 mSv (Figiúr 3). Is féidir seo a lua le méadú ar líon na mball d'aerchriúnna atá de dhíth chun bealaí nua agus reatha a oibriú de réir mar a mhéadaíonn an t-éileamh ar thaisteal aeir.




Figiúr 3: Líon aerchriú atá ag fáil dáileoga radaíochta thar 1 mSv



## IMEACHTAÍ DLÍ

### Ionchúisimh

Bhí ardú in 2015 ar an líon ionchúiseamh a tháinig os comhair na gcúirteanna. As na 15 ionchúiseamh a éisteadh, tharla ciontú i gcás 11 acu, bhain triúr cosantóirí leas as an Acht um Promhadh, cruthaíodh cás eile ach níor taifeadadh aon chiontú. Tugadh treoir don ghiúiré an dara cosantóir a shaoradh agus in ionchúiseamh a thug an SIP agus tá an SIP ag déanamh achomhairc i gcoinne an tsaorbhreithiúnais sin.

| | |
|---|---|
| Líon na nIonchúiseamh ar éisteadh leo sa Chúirt Dúiche | 14 |
| Líon na gcásanna ar éist an SIP leo | 1 |
| Fíneálacha a gearradh i gCúirt Dúiche | €82,100 |
| Fíneálacha a gearradh i gcásanna an SIP | €20,000,000 |
| Costais a bronnadh i gCúirt Dúiche | €132,536.89 |
| Costais a bronnadh i gcásanna an SIP | €0 |
| **Fíneálacha & Costais Iomlána** | **€20,214,636.89** |

Tábla 5: Gníomhaíochtaí um Fhorfheidhmiú Dlí in 2015


Cuireann an GCC comhairle agus treoir ar fáil do thionscal agus don phobal faoi réimse leathan gníomhaíochtaí comhshaoil chun cloí leis an gcleachtas is fearr a chinntiú.

# 1.3

TREOIR

## TREOIR AR FHORÁLACHA AIRGEADAIS

Foilsíodh an Treoir ar Fhorálacha Airgeadais do ghníomhaíochtaí an GCC a raibh ceadúnais acu in 2015. Leagann an treoir seo amach, den chéad uair, critéir shonraithe agus phraiticiúla chun dóthain forálacha daingne a bhunú do dhliteanas comhshaoil agus do chostais clabhsúir a bheidh ar fáil lena úsáid i gcás próiseas dócmhainneachta.




## TIONSCNAIMH FREAGRACHTA TÁIRGEORA (DRAMHTHREALAMH LEICTREACH AGUS LEICTREONACH AGUS CADHNRAÍ)

Foilsíodh dhá cheann déag de threoirdhoiciméid in 2015 le hathruithe faoi Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach agus Cadhnraí) 2014 (S.I. Uimh. 149 de 2014) agus Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Cadhnraí agus Taisc-cheallra) 2014 (Uimh. S.I. 283 de 2014) arna leasú, a thabhairt san áireamh.

Rinne an GCC comhordú freisin ar chaibidil nuashonraithe a léiriú i Lámhleabhar Treorach Fhorfheidhmithe an Údaráis Áitiúil ar Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach agus Cadhnraí) 2014 (S.I. Uimh. 149 de 2014). Rinne sí é sin tríd an ( Líonra um Chloí agus Forfheidhmiú Comhshaoil na hÉireann (LCFCÉ) ).

## MEASÚNACHT STRAITÉISEACH TIMPEALLACHTA (MST)

Foilsíodh Nóta MST agus Treoir Athraithe Aeráide d'Údaráis Phleanála in 2015. Chomh maith leis sin, chuir Tionscadal Taighde a bhí maoinithe ag STRIVE Treoir ar *Fhorbairt agus Measúnú ar Mhalairtí i Measúnú Chomhshaoil Straitéisí* amach.

Leanadh de bheith ag nuashonrú *Foinsí Eolais Spásúil MST* de chuid an GCC i gcomhar le hOllscoil na hÉireann Maigh Nuad le linn 2015. Cuireann fardal sonraí spásúil seo an chomhshaoil acmhainn úsáideach ar fáil chun ullmhúchán Thuarascálacha Comhshaoil MST agus na measúnuithe comhshaoil atá bainteach leo a chur ar an eolas. Cuimsíonn foinsí/naisc shonraí Cáilíocht an Aeir, Aeráid, Bitheagsúlacht, Flóra, Fána, Geolaíocht, Ithreacha, Hidreolaíocht agus Cáilíocht an Uisce. Rinneadh nuashonrú ar dhoiciméad Threoir Scóipe MST freisin le heolas a thabhairt ar an gcleachtas is fearr, ar reachtaíocht nuashonraithe, ar threoirlínte agus ar fhoinsí shonraí.

## LAGHDUITHE AGUS SRIANTA AR SHUBSTAINTÍ ÍDITHE ÓZÓIN (SÍÓ) AGUS GÁIS CHEAPTHA TEASA FHLUAIRÍNITHE (F-GHÁIS)

D'fhoilsigh an GCC sraith de naoi threoirnóta ar na leasuithe ar rialacháin F-ghás do na húsáideoirí dheiridh agus do chonraitheoirí Chuisnithe agus aerchóirithe mar chuid d'obair na GCC chun laghdú suntasach a chur ar shubstaintí Ídithe Ózóin in 2015.

## CLEACHTAÍ ÉIGEANDÁLA RADAÍOCHTA

Reáchtálann an GCC clár bliantúil cleachtaí éigeandála radaíochta chun saineolas na foirne a chothabháil agus a fhorbairt. Ghlac an GCC páirt i sé chleachtadh éigeandála radaíochta, idirnáisiúnta in 2015, a bhí eagraithe ag an nGníomhaireacht Idirnáisiúnta d'Fhuinneamh Adamhach (IAEA) agus ag an gCoimisiún Eorpach (CE). Chuir an GCC traenáil agus tacaíocht ar fáil freisin do ghníomhaireachtaí eile a bhíonn ag déanamh cleachtaí éigeandála radaíochta. Rinneadh comhchleachtadh le Met Éireann, cuireadh traenáil agus cabhair ar fáil d'Oifigigh Dóiteáin a bhí ag déanamh cleachtadh éigeandála radaíochta agus tugadh tacaíocht don Chosaint Shibhialtai gcomhair a gcleachtadh náisiúnta éigeandála.

## COMHAIRLE AR CHOSAINT AR RADAÍOCHT

Éilítear ar an GCC clár a bhunú agus a choimeád, ar a mbeidh ainmneacha dhaoine agus chomhlachtaí corparáideacha atá faofa mar dhaoine nó mar chomhlachtaí a mbeadh ceadúnaithe sásta iad a cheapadh mar Chomhairleoirí Cosanta Radaíochta (CCR) . Bíonn ról tábhachtach ag na comhairleoirí sin i sábháilteacht radaíochta do ghniomhaíochtaí ceadúnaithe. Fuarthas sé iarratas nua, agus seacht n-iarratas le bheith athfhaofa le linn 2015. Bhí 41 duine aonair agus naoi gcomhlacht corparáideach ar chlár CCR na GCC ag deireadh 2015.

## FAOMHADH AR SHEIRBHÍSÍ DÁILEOGMHÉADRACHTA IN ÉIRINN - TREOIRLÍNTE D'IARRATASÓIRÍ

Caithfidh seirbhísí dáileogmhéadrachta atá ag cur seirbhís ar fáil in Éirinn de réir S.I. 125 de 2000 arna leasú ag S.I. 152 de 2012 a bheith faofa ag an GCC. Is treoirlínte iad sin d'iarratasóirí a bhfuil faomhadh uathu do sheirbhísí dáileogmhéadrachta in Éirinn.

## TREOIR SHRUTHLAITHE THRIARAIGH I GCOMHAIR CHOIMEÁDÁIN FHOLAIMH LOTNAIDICÍDE AGUS SHLÁINTEACHAIS DÉIRÍOCHTA


Cuireann an Treoir Cleachtais Mhaith seo treoir ar fáil d'aisghabháil shábháilte agus neamhdhíobhalach don chomhshaol a fháil ar tháirge cosanta ionaid atá folamh agus ar choimeádáin shláinteachais déiríochta folaimh. Rinne an GCC, Teagasc agus an Roinn Talmhaíochta agus Mara comhullmhúchán air.

## LEIDEANNA AR THÉAMH TÍ

Cuireann an doiciméad achoimrithe seo treoir ar fáil do bhaill den phobal ar an gcaoi leis an tionchar atá ag téamh tí ar an gcomhshaol a íoslaghdú, go háirithe maidir le bheith ag dó breosla sholadaigh ar nós móin agus adhmad.

Tá tuilleadh doiciméad a thugann comhairle agus treoir foilsithe ar láithreán gréasáin na GCC ag http://www.epa.ie/pubs/advice/.





> "Sonraí, eolas agus measúnú ardchaighdeáin, spriocdhírithe agus tráthúil a chur ar fáil le cur le cinnteoireacht ag gach leibhéal."



# 2

## FAISNÉIS

2.1 Monatóireacht agus Measúnú

2.2 Taighde

2.3 Tuairisciú

# 2.1


## MONATÓIREACHT AGUS MEASÚNÚ

Cuireann an GCC measúnú atá bunaithe ar fhianaise agus eolas tráthúil ar fáil dár bpáirtithe leasmhara go léir, le tacú le gníomhú chun an comhshaol a chosaint agus a bhainistiú.

### CAIGHDEÁN AN AEIR

Tugadh an clár náisiúnta bliantúil monatóireachta ar cháilíocht aeir, a bhfuil gá leis chun riachtanais an AE faoi AGDE a chomhlíonadh, chun críche go hiomlán in 2015. Tá an chumraíocht den líonra do 2016 ar taispeáint i bhFigiúr 4.

Léirigh an tuarascáil *Cáilíocht an Aeir in Éirinn 2014 – Príomhtháscairí Cháilíocht Chomhthimpeallachta an Aeir*, a seoladh ag an gComhdháil Aeir Ghlan i Meán Fómhair go raibh cáilíocht an aeir in Éirinn go maith i gcomparáid le ballstáit eile an AE; Bhí gach paraiméadar a tomhaiseadh ag ionaid mhonatóireachta an líonra cáilíochta aeir comhthimpeallachta faoi bhun na luachanna teorann agus sprice a bhí leagtha amach i reachtaíocht an AE agus na hÉireann. Mar sin féin, bhí luachanna ábhair cáithníneach ($PM_{10}$ agus $PM_{2.5}$) agus ózóin níos airde ná luachanna Threoirlíne diana Cáilíochta Aeir an EDS. Bhí luachanna hidreacarbón il-timthriallach aramatach (PAH) níos airde ná leibhéil thagartha na Gníomhaireachta Eorpaigh Comhshaoil. Cé gur thug an AE isteach réimse ionstraimí dlíthiúla agus gur chuir sé i bhfeidhm iad chun cáilíocht an aeir a fheabhsú , níl na caighdeáin sin fós ar aon dul le treoirlínte níos déine atá ag an EDS agus tá an GCC anois ag iarraidh go rachfaí ar aghaidh chun glacadh leis na treoirlínte diana sin, go háirithe i gcomhair cáithníní agus ózóin, mar chaighdeáin dhlíthiúla ar fud na hEorpa agus in Éirinn.




Figiúr 4: Suíomhanna monatóireachta ar chaighdeán an aeir

Lean an GCC in 2015 d'uasghrádú a bonneagar TF um cháilíocht aeir agus córas Innéacs Cháilíocht an Aeir le haghaidh Sláinte (ICAS) ar líne a chothabháil, le cinntiú go gcuirtear eolas atá cothrom le dáta ar fáil don phobal, agus go gcuirtear sonraí in aghaidh na huaire ar fáil don GEC. Tá an GCC ag athbhreithniú an cur chuige foriomlán ar mhonatóireacht cháilíocht an aeir chun eolas níos cuimsithe ar cháilíocht an aeir a chur ar fáil ag leibhéal áitiúil.

Coinneofar ina ionad an prótacal freagartha éigeandála le díriú ar na gníomhartha bainistíochta a dhéanfar i gcás teagmhas ghaolmhara ar bith eile. Lean an GCC chomh maith leis an teagmháil a bhí déanta aici le páirtithe leasmhara amhail FSS, Met Éireann, an RCPRÁ agus Tascfhórsa an Rialtais ar Phleanáil Éigeandála. Rinneadh dul chun cinn i rith na bliana ar chlár náisiúnta monatóireachta aeir comhthimpeallachta a fhorbairt faoi Alt 65 d'acht an GCC (arna leasú) 1992.

## CÁILÍOCHT UISCE

### An Chreat-Treoir Uisce (CTU)

Is iad cuspóirí na Creat-Treorach Uisce (CTU) ná gach uisce ardstádais a chosaint, díghrádú breise na n-uiscí go léir a chosc agus uiscí dromchla agus screamhuiscí díghrádaithe a athchóiriú go dea-stádas. Tá roinnt tascanna sannta don GCC faoi *Rialacháin (Beartas Uisce) na gComhphobal Eorpach, 2003*, tascanna a thagann faoin gcatagóir "comhordú agus maoirseacht" de chlár monatóireachta CTU na hÉireann. Chuir Rialacháin (Beartas Uisce) an Aontais Eorpaigh, 2014 leis an ról seo mar gur thug sé ról comhordaithe níos leithne don GCC maidir leis na measúnuithe teicniúla a thacaíonn leis na gníomhartha nó leis an gclár beart a bhuailfear faoi faoin bplean seo.

Bunaíodh an *tIonad Eolaíochta agus Bainistíochta Dobharcheantair* san GCC chun tacú leis an ról feabhsaithe seo a sheachadadh agus leanann sé ag obair le comhshaol uisce na hÉireann a thréithriú. Is ionann tréithriú agus an próiseas trína ndéantar measúnú ar thréithe fisiceacha dobharlach agus ar thionchair brúnna gníomhaíochtaí daonna chun leibhéal an riosca nach ndéanfaí comhlíonadh ar chuspóirí an CTU i leith dobharlach a chinneadh. Úsáidfear an t-eolas seo chun gníomhartha a dhíriú le haghaidh a thabhairt ar cheisteanna cáilíochta uisce i bhforbairt pleananna nua bainistíochta abhantraí a gcuirfear bailchríoch orthu in 2017. Forbraíodh na measúnuithe teicniúla agus a bpróisis le linn 2015 agus bhí tréithriú déanta ar 27% de na 583 fo-dhobharcheantar sa tír faoi dheireadh 2015.

**Leibhéal 1: Bainistíocht agus Maoirseacht Náisiúnta**

- Á stiúradh ag an RCPRÁ
- Beartas, rialacháin agus acmhainní
- Faomhadh Pleananna Bainistíochta Abhantraí


**Leibhéal 2: Cur i bhFeidhm agus Tuairisciú Náisiúnta Teicniúil**

- Á stiúradh ag an GCC
- Monatóireacht, measúnú agus tuairisciú
- Measúnacht agus cur i bhfeidhm beart
- Teimpléad le haghaidh Pleananna Bainistíochta Abhantraí
- Monatóireacht ar thascanna forfheidhmiúcháin agus torthaí comhshaoil

**Leibhéal 3: Cur i bhFeidhm Réigiúnach trí Líonraí Uisce**

- Á stiúradh ag an bPríomhúdarás Comhordaithe
- Monatóireacht, ceadúnú agus gníomhartha forfheidhmiúcháin ag údaráis áitiúla
- Pleananna Mionsonraithe Bainistíochta Abhantraí
- Cur i bhFeidhm Clár Bearta ag na comhlachtaí poiblí bainteacha, rianú agus tuairisciú, i gcomhairle leis an GCC

Figiúr 5: Socruithe nua rialachais don Chreat-treoir Uisce a chur i bhfeidhm




Figiúr 6: Tréithriú i gCreat an CTU

Bhunaigh an GCC Grúpa Forfheidhmithe Náisiúnta chomh maith, a mbeadh páirt ag údarás áitiúla agus réimse leathan comhlachtaí agus gníomhaireachtaí náisiúnta leis, d'fhonn cabhrú le feabhas a chur ar chomhordú teicniúil agus cur i bhfeidhm na Creat-Treorach Uisce. Bhunaigh an grúpa seo líon Grúpaí Oibre le linn 2015 chun tacú leis an obair.

Mar chuid den obair ar cháilíocht uisce a rinneadh in 2015 bhí:

- anailísí a bhain le 8,472 sampla ó aibhneacha agus lochanna, agus 2,602 ó inbhir, mar thoradh ar dhá bhabhta dhéag de shampláil fhisiciceimiceach uisce dromchla.
- Tógadh trí bhabhta de shamplaí screamhuisce ó 270 tobar agus fuarán..
- Tá sonraí samplála uisce curtha ar fáil i dTábla 6.
- Rinne an GCC suirbhéanna éiceolaíochta ag:
  - 1,025 suíomh abhann ar 488 abhainn agus sruth
  - 65 loch ag breis is 3000 stáisiún samplála
  - 80 dobharlach idirchreasa agus cósta ag 400 stáisiún samplála.

As an 1,025 láithreán abhann a ndearnadh suirbhéireacht orthu, bhí 964 acu oibríochtúil/imscrúdaitheach agus bhí 61 acu ina láithreáin faireachais fhadthéarmaigh. Rinneadh measúnuithe Luach Q ar mhaicrinveirteabraigh ag an 1,025 láithreán, agus rinneadh sampláil shéasúrach fítibeantóis ag 190 láithreán abhann in 2015. Rinneadh iomlán 227 suirbhé de chineál Teicníc Mheasúnaithe Hidreamoirfeolaíoch Abhann (TMHA) chomh maith in (Tábla 7)

| | Líon na samplaí |
|---|---|
| **FAIREACHAS AN CTU** | |
| Faireachas an CTU ar Lochanna | 1,526 |
| Faireachas an CTU ar Aibhneacha | 2,304 |
| Substaintí Tosaíochta Faireachais an CTU | 396 |
| **OIBRÍOCHTÚIL CTU** | 4,246 |
| **SCREAMHUISCE CTU** | 803 |
| **INBHEARACH CTU** | 2,602 |
| **OSPAR** | 144 |
| **Líon iomlán na samplaí** | **12,021** |

Tábla 6: Líon Iomlán na Samplaí Uisce a nDearnadh Anailís Orthu in 2015

| | Oibríochtúil/ Imscrúdaitheach | Faireachas | Iomlán |
|---|---|---|---|
| Measúnuithe Luach Q ar Mhaicrinveirteabraigh (Líon na Láithreán) | 964 | 61 | **1,025** |
| Próiseáil agus Measúnuithe Fítibeantóis (Samplaí) | - | 190 | **190** |
| Suirbhéanna Measúnaithe Hidreamoirfeolaíoch Abhann (SMHA) | 181 | 46 | **227** |

Tábla 7: Monatóireacht Bhitheolaíoch ar Aibhneacha in 2014

## An Clár Hidriméadrachta

Lean an GCC ag déanamh monatóireachta ar thionchar asbhaintí uisce dromchla ar shruthanna aibhneacha agus ar shonraí hidriméadracha a chur ar fáil le tacú le hoibleagáidí náisiúnta agus idirnáisiúnta tuairiscithe, le pleanáil agus bainistíocht acmhainní uisce, le bainistíocht rioscaí tuilte, le dearadh bonneagair agus le réimse leathan gníomhaíochtaí eile.

Rinne an GCC 3,471 measúnú in 2015 ar leibhéal/sruth uisce dromchla agus leibhéil screamhuisce ar fud na tíre. Dhírigh na measúnuithe seo go príomha ar an líonra láithreáin údarás áitiúil atá ag an GCC cheana, ach in éineacht leis sin, chuimsigh sé tomhais srutha spriocdhírithe, mar shampla le tacú le sruthanna peircintíl 95 a bhunú le hiad a chur san áireamh i gceadúnais ionaid chóireála dramhuisce. Cuirtear minicíocht na gcuairteanna láithreáin in oiriúint do riachtanais an láithreáin agus inathraitheacht nádúrtha bhealach na habhann m.sh. is gnách nach gá an oiread céanna cuairteanna láithreáin a thabhairt ar bhealach cobhsaí a bhfuil sraith fhadbhunaithe sonraí ag baint leis, i gcomparáid le stáisiún a gníomhachtaíodh le déanaí ina bhfuil grinneall bealaigh atá thar a bheith dinimiciúil. Déantar na sonraí a chur agus a phróiseáil i gcóras lárnach bogearraí, agus tá na sonraí seo ar fáil le híoslódáil trí leathanaigh ghréasáin HydroNet an GCC (http://hydronet.epa.ie/introduction.htm).

Le linn 2015:

- Chríochnaigh an GCC uasghrádú ar an gcóras oibríochta WISKI 7 d'fhonn stórála, anailís agus le sonraí hidriméadracha a scaipeadh, córas atá mar cheannródaí sa tionscal.
- Chuir an GCC meastacháin nuashonraithe ar fáil ar staidreamh srutha peircintíl 95%, chun ríomh sruth asamhlaithe a éascú do 53 ceadúnas Ionaid Chóireála Fuíolluisce (ICF).
- Tá an GCC tar éis an tacar sonraí náisiúnta hidreaméadrach le haghaidh láithreáin an GCC –údarás áitiúil a chur ar fáil do OOP, le tacú leis na measúnuithe Staidéar Tuilte a rinneadh faoi na cláir éagsúla réigiúnacha TSMBRT.
- Thosaigh an GCC an obair ar athbhreithniú den Chlár Náisiúnta Hidreaméadrach, agus tá súil é a bheith críochnaithe in 2016.
- Shocraigh an GCC comhaontú creata suas rud a mbeidh sé de thoradh air go mbeidh uasghrádú iomlán déanta ar an líonra hidreaméadrach uisce go teiliméadracht le linn 2016.
- Chuir an GCC meastacháin nuashonraithe ar fáil ar staidreamh srutha chun ríomh srutha asamhlaithe a éascú ar mhaithe le cur le cinntí ceadúnaithe.

### Screamhuisce

Chríochnaigh an GCC tuarascálacha chomh maith ar na gnéithe hidrigeolaíocha d'éiceachórais talún a bhraitheann ar screamhuisce agus tréithriú dobharlaigh screamhuisce le cur le measúnuithe riosca tréithrithe a bhíonn déanta ag an GCC. Chríochnaigh an GCC nuashonrú stádas CTU screamhuisce chomh maith agus chríochnaigh sí an obair ar tréithriú dobharlaigh screamhuisce leibhéal 1 le tacú le tréithriú CTU.

Rinneadh monatóireacht ar cháilíocht screamhuisce i dtrí bhabhta samplála ag líonra screamhuisce an CTU (276 láithreán) in 2015. Tosaíodh giniúint agus próiseáil sonraí ón leibhéal screamhuisce agus ón líonra sreafa fuarán. Úsáidtear na sonraí cáilíochta agus cainníochtúla screamhuisce i measúnuithe stádais agus treochtaí an CTU, agus don Mhaolú Níotráití agus tuarascálacha eile.

## AN TREOIR UM THORANN COMHSHAOIL

Chuir an GCC, an comhlacht náisiúnta sannta do Rialacháin Thorainn Chomhshaoil tús le hobair ullmhúcháin i gcomhar leis na comhlachtaí mapála torainn ar an gcéad bhabhta mapaí torainn straitéiseacha eile a éilítear faoin Treoir um Thorann Comhshaoil. Leanfaidh an obair seo thar an dá bhliain atá ag teacht agus beidh sé mar thoradh air go mbeidh mapaí nuashonraithe nó athchóirithe ar fáil do na foinsí móra iompair a mbaineann torann leo, línte móra bóthar agus ráille san áireamh.

## AN TREOIR UM MEASÚNÚ STRAITÉISEACH COMHSHAOIL (MST)

Rinne an GCC 33 aighneacht i rith 2015 ar Thuarascálacha Comhshaoil agus Dréacht-Phleananna MST, agus 10 aighneacht ar Leasuithe Beartaithe ar Dhréacht-Phleananna. Anuas air sin, fuarthas 51 fógra scagthástála agus 42 fógra scóipe.


D'ullmhaigh an GCC aighneachtaí ar phríomhphleananna/ príomhchláir náisiúnta agus réigiúnacha amhail an Clár Náisiúnta Foraoiseachta; An Clár Forbartha Tuaithe; Clár Foraoiseachta na hÉireann; Creatphlean Comhtháite na Sionainne agus an Straitéis Náisiúnta Tailte Móna.

Chuir sí aighneachtaí ar fáil chomh maith ag céim scóipe MST na bPleananna seo a leanas: an Plean Náisiúnta Straitéis um Dhobharshaothrú; an Clár Forbartha Bia Mara; Plean Muirí Thuaisceart Éireann agus na trí Phlean Réigiúnacha Bainistíochta Dramhaíola.

Tá an GCC páirteach chomh maith i roinnt Grúpaí Stiúrtha chun comhtháthú gnéithe comhshaoil i bpleananna agus cláir náisiúnta a chur chun cinn. Cuimsíonn siad seo na grúpaí MST ar an mBeartas Leictreachais inathnuaite; Fuinneamh In-athnuaite Amach ón gCósta; Taiscéalaíocht Ola agus Gáis Amach ón gCósta agus an Grúpa Stiúrtha um Oiriúnú Aeráide Earnála.

D'ullmhaigh an GCC aighneachtaí ar phríomhphleananna/ príomhchláir náisiúnta agus réigiúnacha amhail:

- Plean Straitéiseach na Seirbhísí Uisce (Uisce Éireann),
- Food Wise 2025 (DAFM),
- Clár Taiscéalaíochta Ola agus Gáis - IOMST5 (RCPRÁ),
- an Clár Forbartha Bia Mara (DAFM),
- An Plean Náisiúnta Straitéiseach Dobharshaothraithe (DAFM) agus
- 3 Pleananna Réigiúnacha Bainistíochta Dramhaíola (DECLG).




| | Aighneachtaí Scagthástála a Fuarthas | Aighneachtaí Scóipe a Fuarthas | Tuarascálacha Comhshaoil a Fuarthas | Aighneachtaí a Rinneadh ar Thuarascálacha Comhshaoil agus Dréachtphleananna | Leasuithe ar Thuarascálacha Comhshaoil a Fuarthas | Aighneachtaí a rinneadh ar Leasuithe ar TCanna a rinneadh |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 2008 | 138 | 66 | 69 | 48 | 0 | 0 |
| 2009 | 56 | 57 | 28 | 43 | 25 | 27 |
| 2010 | 61 | 41 | 49 | 36 | 21 | 20 |
| 2011 | 121 | 59 | 27 | 37 | 19 | 20 |
| 2012 | 76 | 42 | 45 | 37 | 23 | 22 |
| 2013 | 75 | 50 | 46 | 46 | 22 | 28 |
| 2014 | 49 | 46 | 34 | 33 | 20 | 17 |
| 2015 | 51 | 42 | 36 | 33 | 9 | 10 |

Figiúr 7: Miondealú bliantúil ar ghníomhaíocht MST (go deireadh ráithe 4 2015)

Chuir sí aighneachtaí isteach chomh maith ag céim scóipe MST ar roinnt Príomhphleananna/Chláir ar a bhfuileadar seo a leanas:

- an Plean Náisiúnta Bithfhuinnimh (DCENR),
- An Plean Náisiúnta Maolaithe (Aeráid) (DECLG),
- An Plean chun Sloda Dramhuisce a Bhainistiú (Uisce Éireann), agus
- An Plean Maolaithe Luaidhe (Uisce Éireann).

Glacann an GCC páirt i roinnt Grúpaí Stiúrtha freisin chun comhtháthú ar ghnéithe comhshaoil a chur ar aghaidh le príomhphleananna agus cláir a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Cuimsíonn siad seo an Coiste Inbhuanaitheachta Comhshaoil Food Wise 2025, Grúpa Stiúrtha Fhorfheidhmiú Straitéis Thailte Móna, An Plean Náisiúnta Bithfhuinnimh, An Plean Náisiúnta Maolaithe (Aeráid) agus Grúpa Oibre Comhshaoil ChreatPhlean Comhtháite na Sionainne.

## SEIRBHÍSÍ SAOTHARLANN COMHSHAOIL

Cuireann seirbhísí saotharlainne an GCC an cumas anailíseach ar fáil le tacú le cláir náisiúnta monatóireachta a chur i bhfeidhm agus le tacú le príomhróil an GCC ar cheadúnú agus forfheidhmiú . Déanann na saotharlanna atá suite i gCill Chainnigh, i Muineachán, i gCaisleán an Bharraigh agus i mBaile Átha Cliath an anailís ar pharaiméadair fhisiciceimiceacha aibhneacha, lochanna, screamhuiscí agus uiscí idirchreasa le haghaidh faireachas an CTU agus cláir mhonatóireachta eile. Cuireann gach ceann de na saotharlanna seirbhísí monatóireachta agus anailíseacha ar fáil chomh maith ag áiseanna ceadúnaithe agus déanann siad an iniúchóireacht ar cheadúnais sceite fuíolluisce. Chuir na saotharlanna i gCaisleán an Bharraigh, i Muineachán agus i gCill Chainnigh seirbhísí ar fáil chomh maith do na húdaráis áitiúla sna réigiúin seo le linn 2015.

Cloch mhíle mhór a baineadh amach do shaotharlanna an GCC in 2014 ná dámhachtain an chreidiúnaithe aonair il-láithreán faoi ISO17025. Ní bhfuair an t-iniúchadh faireachais ar an gcreidiúnú sin i ndeireadh 2015 ach mion-bhreathnuithe ar chórais na GCC.

Anuas air sin, i rith 2015:

- Rinne na saotharlanna uisce anailís ar iomlán 20,156 sampla do réimse anailísí fisiciceimiceacha – chomh maith le líon suntasach samplaí d'anailísí eile atá níos casta – mar chuid de chlár monatóireachta agus de mhonatóireacht ar fhorfheidhmiú seiceála an Chreat-Treorach Uisce.
- Chríochnaigh an GCC an obair ar Chóras Eolais Saotharlainne coitianta nua a shuiteáil agus a choimisiúnú i gcomhair na saotharlanna uisce agus na saotharlanna aeir. Tháinig sé seo in ionad córais aonair i ngach ceann de cheithre saotharlann na GCC agus bíonn tuairisciú níos sruthlínithe ar mhonatóireacht a dhéantar dá bharr.

### Seirbhísí Idirchalabrúcháin agus Calabrúcháin

Tháinig méadú trí cinn, go 147 ar líon iomlán na saotharlann a bhí páirteach i gclár idirchalabrúcháin an GCC, in 2015. Ina measc siúd, bhí saotharlanna de chuid na n-údarás áitiúil, saotharlanna na Treorach maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha (TAT) agus saotharlanna ar conradh, saotharlanna eile a chuireann sonraí ar fáil don GCC agus saotharlanna réigiúnacha de chuid an GCC féin chomh maith. Is chuig saotharlann sheachtrach a seoltar na gnéithe den chlár a bhaineann le heilimintí chun samplaí a réiteach agus a scaipeadh i gcónaí.

Is féidir breathnú ar chlár na saotharlann, rud a bhfuil foráil déanta dó faoi Alt 66 d'Acht an GCC, 1992, agus é bunaithe ar fheidhmíocht saotharlanna ar leith le bliain anuas, agus iniúchadh a dhéanamh air ag http://www.epa.ie/pubs/reports/water/other/

### Seirbhís Chalabrúcháin Uirlisí

Tacaíonn Seirbhís Chalabrúcháin an GCC le monatóireacht ar leibhéil radaíochta agus ar shábháilteacht radaíochta san ionad oibre trí sheirbhís chreidiúnaithe chalabrúcháin a chur ar fáil le haghaidh réimse uirlisí cosanta ar radaíocht, lena n-áirítear méadair shuirbhéireachta, méadair éillithe agus dáileogmhéadair leictreonacha phearsanta.

Rinne Seirbhís Chalabrúcháin na GCC tástáil ar 547 monatóir radaíochta in 2015 agus bhí 24 díobh sin lasmuigh de na lamháltais molta. Is de bharr caitheamh agus cuimilt a bhíonn cliseadh go hiondúil, ach d'fhéadfadh sé nach dtabharfadh an t-úsáideoir faoi deara é mura mbeifí ag déanamh tástálacha calabrúcháin ar an ionstraim.

## MONATÓIREACHT AR RADAÍOCHT


Chuimsigh clár monatóireachta radaíochta an GCC in 2015 sampláil agus tástáil radaighníomhaíochta san aer, uisce óil, uisce farraige, feamainn, dríodar, éisc, sliogéisc agus ábhair bhia eile, chomh maith le tomhas leanúnach ar ráta na dáileoige gáma chomhthimpeallaigh ag stáisiúin sheasta mhonatóireachta ar fud na tíre.

Léirigh torthaí an chláir mhonatóireachta seo cé gur féidir na leibhéil radaighníomhaíochta saora i gcomhshaol na hÉireann a bhrath go fóill, tá siad íseal agus ní baol suntasach iad do shláinte an duine.

### Seirbhís Tomhaiste Radóin

In 2015, fuair saotharlann na GCC tomhais radóin i 1,224 teach príobháideach. Astu seo, bhí leibhéil radóin os cionn an leibhéil ag a moltar gníomhú feabhsúcháin i 198 acu (Leibhéal Tagartha Náisiúnta 200 Bq/m$^3$). Ba é an luach uasta a tomhaiseadh ná 5,200 Bq/m3 i dteach príobháideach i nGaillimh. . Tá eolas níos sonraithe ar na tomhais radóin a rinneadh i ngach contae foilsithe ar shuíomh gréasáin an GCC ag www.epa.ie/radiation.






Figiúr 8: Staitisticí Achoimrithe ar thomhais Radóin in Éirinn suas go 2015


## Seirbhísí Radanailíseacha

Is í saotharlann radanailíseach an GCC an tsaotharlann náisiúnta le haghaidh tomhas radaighníomhaíochta agus déanann sí anailís gach bliain ar réimse leathan ábhair bhia agus samplaí comhshaoil. Déantar an obair seo le tacú le clár monatóireachta an GCC ar radaighníomhaíocht chomhshaoil agus ar bhonn conartha thar ceann cliant seachtrach. Chuimsigh na seirbhísí anailíseacha ar conradh a cuireadh ar fáil i rith 2015 tástáil táirgí Éireannacha maidir le cloí le riachtanais na dtíortha allmhairithe, tástáil uisce óil maidir le cloí le rialacháin an AE tástáil ar scaoileadh ó fhoinsí radaighníomhacha a úsáidtear i leigheas, oideachas agus tionscal agus tástáil ar shamplaí dreideála maidir le cloí le riachtanais an Achta Dumpála ar Farraige. Tástáladh iomlán de 1,415 sampla in 2015.

Cuireann an GCC seirbhís deimhniúcháin ar fáil d'onnmhaireoirí táirgí bia agus eile Éireannacha. Ba é an líon teastas táirge a eisíodh in 2015 ná 3,330. Thug gach teastas leibhéil radaighníomhaíochta faoi bhun na dteorainneacha riachtanacha le fios.

## AN LÍONRA NÁISIÚNTA MONATÓIREACHTA RADAÍOCHTA

Oibríonn an GCC an Líonra Náisiúnta Monatóireachta Radaíochta i gcomhar le Met Éireann, roinnt údarás áitiúil agus na Fórsaí Cosanta. Déanann an líonra seo tomhas ar ráta na dáileoige gáma chomhthimpeallaigh, ar radaighníomhaíocht san aer agus déanann sé soláthar le haghaidh samplaí uisce báistí a bhailiú. Tomhaiseadh ráta na dáileoige gáma chomhthimpeallaigh ag 15 stáisiún agus tomhaiseadh an radaighníomhaíocht san aer ag 12 stáisiún in 2015. Níor tugadh leibhéil radaighníomhaíochta as an ngnách faoi deara in 2015.




Figiúr 9: Láithreáin an Líonra Náisiúnta Monatóireachta Radaíochta

## ÁISEANNA NÚICLÉACHA THAR LEAR

### Monatóireacht a Dhéanamh ar Fhorbairtí sa tSábháilteacht Núicléach

Tá an GCC tiomanta ar oibriú i gcomhar le piaraí idirnáisiúnta chun cosaint radaíochta agus sábháilteacht núicléach a fheabhsú ar fud an domhain agus cur leis agus tá ballraíocht ghníomhach leanúnach aici i roinnt comhlachtaí idirnáisiúnta ar nós an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta d'Fhuinneamh Adamhach (IAEA), an Ghníomhaireacht um Fhuinneamh Núicléach (NEA), agus Grúpa Rialtóirí na hEorpa um Shábháilteacht Núicléach (ENSREG). Ghlac an GCC páirt i gceardlann oibre a d'eagraigh an ENSREG in 2015, chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn i leith na bPleananna Gníomhaíochta faoi réir thástálacha struis núicléach iar-Fukushima.

Chuir an GCC comhairle ar an Rialtas i rith 2015 ar fhorbairtí ag láithreáin núicléacha sa Ríocht Aontaithe, amhail Sellafield, agus a impleachtaí d'Éirinn, agus ar dhul chun cinn phlean na Ríochta Aontaithe stáisiúin nua cumhachta núicléiche a thógáil agus saoráid diúscartha geolaíoch a chuardach dá cuid dramhaíola ardghníomhaíochta. Mar chuid den obair seo, bíonn an GCC i dteagmháil go rialta le húdaráis rialaitheacha núicléacha na Ríochta Aontaithe.

Thug an GCC comhairle don Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtas Áitiúil in 2015, le Treoir Sábháilteachta Núicléiche na Comhairle Eorpaí arna leasú (2014/87/EURATOM de 8 Iúil 2014) a thrasuí. Láidríonn an Treoir leasaithe seo cumhacht agus neamhspleáchas na n-údarás rialála náisiúnta, socraíonn sé suas córas Eorpach d'athbhreithnithe piara ar cheisteanna sábháilteachta sonraithe gach sé bliana agus ardaíonn sé an trédhearcacht ar ábhair sábháilteachta núicléacha tríd an bpobal a chur ar an eolas agus iad a bheith rannpháirteach. Beidh sé le trasuí i ndlí na hÉireann in 2017.

## ÉIGEANDÁLAÍ RADAÍOCHTA AGUS ULLMHACHT

Tá líon ról shonraithe ag an GCC faoin reachtaíocht agus mar a comhaontaíodh trí phleananna éigeandála il-ghníomhaireachta, maidir le hullmhúchán éigeandála agus freagairt ar thimpistí núicléacha thar lear, ar theagmhais raideolaíocha áitiúla agus ar imeachtaí díobhálacha raideolaíocha. Ar na freagrachtaí atá ar an GCC faoin bPlean Náisiúnta Éigeandála um Thimpistí Núicléacha (NEPNA), tá tomhas a dhéanamh ar leibhéil radaighníomhaíochta sa chomhshaol agus sa slabhra bia, measúnú a dhéanamh ar na tionchair fhéideartha ar dhaonra agus comhshaol na hÉireann agus comhairle a chur ar fáil ar ghníomhartha cosanta chun nochtadh do radaíocht a laghdú.

Cuireadh an GCC ar an eolas i bhFeabhra 2015, gur braitheadh leibhéil ardaithe radaíocha i lasta dramh-mhiotail i Luimneach. Tugadh chun bealaigh an t-ábhar ina bhfuarthas na léamha arda air, leithscaradh é agus rinneadh slán é. Tar éis measúnú dian raideolaíoch agus cuardach láimhe ar dhá lasta dhramh-mhiotail, fuarthas coisctheoir tintrí ( le cúig scragall radaighníomhach greamaithe) chomh maith le dhá scragall radaighníomhach. Thug cigirí na GCC na foinsí chuig láthair shábháilte agus thaispeáin tástáil ina dhiaidh sin gur radiam-226 a bhí sna foinsí..

# 2.2 TAIGHDE

Tá bainistíocht éifeachtach an chomhshaoil á stiúradh go méadaitheach ag an eolaíocht. Agus clár taighde agus forbartha ar siúl againn, tá an GCC ag cruthú an eolais agus an tsaineolais le brúnna a aithint, cur le beartas agus réitigh ar dhúshláin chomhshaoil a fhorbairt.




## BUAICPHOINTÍ NA DTIONSCNAMH TAIGHDE

Tá freagracht reachtúil ar an GCC maidir le comhordú iomlán ar thaighde comhshaoil in Éirinn. Cabhraíonn an taighde seo, a rinneadh in institiúidí Éireannacha, go mór le hÉirinn le déileáil lena cuid dualgas idirnáisiúnta ag leibhéil an AE agus na NA, agus iad a chomhlíonadh - ó athrú aeráide go cáilíocht uisce, cáilíocht aeir agus bithéagsúlacht.

Foilsíodh straitéis taighde na GCC don tréimhse 2014–2020 in 2014 agus is iad na spriocanna atá ag an straitéis ná *Brúnna a Aithint – Polasaí a chur ar an Eolas – Réitigh a Fhorbairt*. Is príomhpháirt de chion an chláir le hiomaíocht inbhuanaithe a chur chun cinn in Éirinn ná priomhfhorais an rialtais a choinneáil ar an eolas faoi thorthaí taighde.

### Glao Taighde 2015

Bhí sé mar thoradh ar an nglao bliantúil taighde ag deireadh mhí an Mheithimh 2014 go bhfuarthas 171 iarratas i réimsí na hAeráide, Uisce, Inbhuanaitheachta agus Fiontraíochta Glaise.

Rinne os cionn 100 athbhreithneoir sheachtrach agus 34 athbhreithneoir ón GCC an próiseas measúnaithe agus tugadh tairiscint ar mhaoiniú do 43 tionscadal faoi na colúin seo a leanas:

- 10 dTionscadal Aeráide
- 7 dTionscadal Uisce
- 17 Tionscadal Inbhuanaithe (ar a n-áirítear 2 thionscadal a mbeidh an FSS ag déanamh comh-mhaoiniú orthu.
- 9 dTionscadal Fiontraíochta

Chomh maith leis na cinn thuas, bronnadh dámhachtain ar ceithre thionscadal eile i gcomhar leis an gComhairle um Thaighde in Éirinn.

Bhí gealltanas buiséid d'os cionn €8 milliún ón GCC i gceist leis seo. Thug anailís ar an am slánúcháin le fios gur phróiseas thar a bheith éifeachtach é seo sa chaoi gur tugadh 95% de na dámhachtana deontais taobh istigh de 20 seachtaine ó dháta deiridh an ghlao ar thaighde.

### Aeráid

Is é an príomhrud a ndíreoidh na tionscadail nua a bheidh ag tosú go luath in 2016 air ná tacú le roinnt príomhthosaíochta i réimsí téamacha (1) astaíochtaí agus baint gás Ceaptha Teasa, (2) Aeráid sa Todhchaí, tionchair, leochaileacht agus oiriúnú, (3) Réitigh Socheacnamaíocha agus Teicneolaíochta agus (4) Eolaíocht an Aeir.

### Uisce

Beidh na tionscadail nua dírithe go príomha ar réitigh a fhorbairt do thosaíochta aitheanta i réimse theicneolaíocht nuálach mhonatóireacht uisce, i réimse hidreamoirfeolaíochta agus comhcheangailteachta fíoruisce agus chun tacú le polasaí uisce go háirithe i réimse uiscí idirchreasa agus cósta.

### Inbhuanaitheacht

Beidh na tionscadail nua dírithe ar eolas agus réitigh a thabhairt ar dhúshláin i réimsí Éifeachtúlachta Acmhainne, Socheacnamaíochta agus Bithéagsúlachta.  cur lena dtuiscint ar thailte móna (seirbhísí agus mapáil éiceachórais) agus tacú le bainistíocht ar speicis ionracha.

Tacóidh dhá thionscadal sa réimse Sláinte agus Folláine, atá comhaoinithe ag an FSS tionscnamh *Éire Shláintiúil* agus tacóidh cuid eile le hiarrachtaí náisiúnta maidir le TOManna agus an Straitéis Náisiúnta um Rialú Radóin a thuairisciú.

## TAIGHDE CUMARSÁIDEACH

Foilsíodh iomlán de 25 Thuarascálacha nua Taighde le linn 2015. Is féidir ár dtuarascálacha uile atá foilsithe a fheiceáil agus a íoslódáil ó láithreán gréasáin na GCC. Ina iomláine, tá os cionn 300 tionscadal taighde foilsithe ag an GCC anois, agus tá siad ar fad le fáil ar ár láithreán gréasáin http://www.epa.ie/pubs/reports/research/.

Scaiptear nuachtlitir thaighde ráithiúil chuig os cionn 2,400 síntúiseoir agus scaiptear nuachtlitir démhíosúil  ar dheiseanna taighde i gclár Horizon 2020 an Choimisiúin Eorpaí ar 600 taighdeoir agus nuálaí.

Ta cuntas gníomhach Twitter ag an bhfoireann Taighde a chuireann nuashonraí tráthúla ar ghlaonna taighde, ar fhoilseacháin agus ar imeachtaí taighde ar fáil. Bhí ardú os cionn 33% ar an líon leantóirí go dtí os cionn 3,200. Lean muid @EPAResearch.



D'fhorbair an fhoireann Taighde feidhmchlár gréasán idirghníomhach chun eolas a thaiscealadh maidir le tionscadail ar Thaighde Uisce atá maoinithe in Éirinn. Tá sonraí de thart ar 450 tionscadal taighde i mbunachar sonraí DROPLET agus tá os cionn 100,000 aimsiú faighte ag an mbunachar sonraí ó seoladh é i Meitheamh 2015.

Thug an GCC roinnt tacaíocht airgid do chláir teilifíse *Eco-Eye* agus  *10 Things to Know About*  a léirigh taighde a bhí maoinithe ag an GCC ar thruailliú micreaphlaisteach agus cóireáil ar chripteaspóiridiam. Ghnóthaigh an fhoireann New Decade a léirigh  *10 Things to Know About*  gradam i mí na Samhna ag Féile na Meáin Nua agus Teilifís Eolaíochta na hEorpa i Liospóin don *Chlár is Fearr i gcatagóir Mná san Eolaíocht*. Léirigh an t-eagrán a roghnaíodh an Dr. Lisa O'Donoghue (maoinithe ag an GCC ) ar an abhar, athchúrsáil scáileáin LCD.

## NASCÁLACHA NÁISIÚNTA

Ghlac an GCC páirt i roinnt ceardlanna agus imeachtaí agus iad ag ullmhú faoi choinne na Straitéise Eolaíochta (Nuálaíocht 2020) a seoladh in 2015. Ghlac an GCC páirt freisin i roinnt tionscnamh tras-Ghníomhaireachta ar a raibh *Foodwise 2025* agus an Coiste Idir-ranna ar Frithsheasmhacht Anta-Mhiocróbach a raibh an Roinn Sláinte agus an Roinn Talmhaíochta ina cheann. Rinne an GCC ullmhúchán faoi choinne cláir taighde comhoibrithe leis an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta agus le Feidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte le linn 2015.

## NASCÁLACHA IDIRNÁISIÚNTA

### Horizon 2020

Tacaíonn an GCC le rannpháirtíocht na hÉireann in Horizon 2020 (H2020) trína rannpháirtíocht i nGrúpa Comhairligh Saineolaithe do SC5 (Gníomhaíocht Aeráide), mar Thoscaire Náisiúnta agus Pointe Teagmhála Náisiúnta don Dúshlán seo, agus mar bhall den Líonra Tacaíochta Náisiúnta H2020 faoi cheannaireacht Fhiontraíocht Éireann. Chomh maith leis sin, tá an GCC ag glacadh páirt i dTionscnaimh chun Cláir a Eagrú le Chéile maidir leis an Aeráid agus Uisce (TCELC) agus mar bhaill de thascfhórsa in dhá Chomhpháirtíocht Eorpacha Nuálaíochta (Uisce agus Amh-ábhair), rudaí a d'fhéadfadh deiseanna féideartha a chur ar fáil chun teagmháil mhéadaithe a dhéanamh le ÍS2020. Is í Ard-Stiúrthóir na GCC (Laura Burke) Cathaoirleach  an Ghrúpa Chomhairligh Saineolaithe faoi SC5.

Cuireann GCC tacaíocht shuntasach ar fáil don phobal taighde chun gur féidir leo dul sa tóir ar mhaoiniú ón Eoraip trí mhodhanna éagsúla. Tá Meitheal Náisiúnta bunaithe againn le haghaidh ÍS2020 SC5, dream a thagann le chéile go ráithiúil chun plé a dhéanamh agus aiseolas a thabhairt ar an gclár oibre. Éascaímid iarratais cuardaigh pháirtí agus tá catalóg de shaineolaithe Éireannacha bunaithe ar líonra, bunaithe againn agus cuireann muid H2020 chun cinn ar leathanaigh líonra na GCC, trí mheáin shóisialta agus nuachtlitreacha, etc. chomh maith leis sin déanann an GCC athbhreithniú ar mholtaí, éascaíonn sí ceisteanna, buaileann sí le taighdeoirí (lucht acadúil, GBManna agus tionscail), déanann sí cur i láthair ag seónna bóthair réigiúnacha agus óstálann sí ócáid bhliantúil ar SC-5 le cainteoirí náisiúnta agus idirnáisiúnta a dtugtar cuireadh dóibh.

***Tionscnaimh chun Cláir a Eagrú le Chéile maidir le Uisce (TCELC):*** Tá Éire, leis an GCC mar ionadaí aici, ag déanamh comhchathaoirleacht ar an gClár Uisce TCELC, clár a bhfuil baint ag 20 maoinitheoir taighde den AE leis. Dhún an glao comh-mhaoinithe deiridh ó Uisce TCELC faoi mholtaí taighde ar "Taighde agus Nuálaíocht chun Réitigh Teicneolaíochta agus Seirbhísí a Fhorbairt i gcomhair Córais Uisce" sa Bhealtaine 2015. Cuireadh isteach 118 moladh ar fad, ar a raibh 21 rannpháirtí as Éirinn. D'éirigh le tionscadal amháin a raibh baint ag IT Dhún Dealgan agus Foras na Mara leis.



Déanfaidh an GCC comh-mhaoiniú i réimse úsáid uisce inbhuanaithe sa talmhaíocht le DAFM agus lenár bPáirtithe Eorpacha in 2016.

***Tionscnaimh chun Cláir a Eagrú le Chéile maidir le hAeráid (TCELC):*** Tá Éire, leis an GCC mar ionadaí aici, ina ball ghníomhach den Aeráid TCELC agus is cuid í de chuibhreannas rathúil a bhfuil sé mar aidhm aige tionscadal de líonra Réimse Taighde Eorpaigh (líonra ERA) ar sheirbhísí aeráide le buiséad €75milliún, a chur chun cinn. Bhí páirt ghníomhach againn freisin leis an nglao seirbhísí aeráide a fhorbairt. Beidh Éire mar óstach freisin ar thionscnamh Aeráide TCELC maidir le fíorú neamhspleách ar astaíochtaí agus ar bhaint GHG.

## TAIGHDE AR RADÓN

Tá taighde riachtanach chun eolas a fháil ar leibhéil radóin i dtithe príobháideacha agus ar na tosca a mbíonn tionchar acu orthu chun comhairle nuashonraithe agus slán a chur ar fáil do shealbhóirí tí. D'aithin an Straitéis Náisiúnta um Rialú Radóin (SNRR) bearnaí eolais áirithe a bhfuiltear ag dul i ngleic leo trí thaighde i rith thréimhse na straitéise.

Chuir torthaí ar staidéar a rinneadh in 2015 leis na leibhéil radóin i dtithe príobháideacha in Éirinn a thabhairt cothrom le dáta in iúl gur thit leibhéil 13% thar na blianta ó rinneadh an measúnú deiridh in 2002. Ceaptar gurb é an t-údar leis an titim seo ná an tionchar a bhí ag athruithe ar rialacháin tógála a tháinig i bhfeidhm in 1998 a éilíonn go gcuirtear isteach bacainní radóin i dtithe príobháideacha i gceantair le radón ard.

Is é an t-aon bhealach le haghaidh a thabhairt ar na rioscaí sláinte atá ann de bharr radón ná feabhas a chur ar thithe príobháideacha. Léirigh staidéar a críochnaíodh in 2015 nár cuireadh feabhas ach ar 22% de na tithe príobháideacha a bhí aitheanta mar thithe a raibh leibhéil radóin iontu a bhí os cionn an leibhéal tagartha de 200 Bq/m$^3$. Rinneadh measúnú ar na costais tipiciúla feabhsúcháin agus chonacthas go raibh ardú ar chostais i gcomparáid leis an suirbhé deiridh in 2012.

Rinne an GCC, an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus deich nÚdarás Áitiúil taighde le linn 2015 chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar a bhí ag reitrefheistiú fhuinnimh ar thithe. Chuir toradh na hoibre seo béim ar an tábhacht a bhaineann le ath-thástáil ar radón tar éis obair reitrefheistiú a dhéanamh ar fhoirgnimh..

Cabhraíonn tuairisciú neamhspleách ar cháilíocht chomhshaoil le cur le cinnteoireacht a bhíonn á déanamh ag an rialtas náisiúnta agus áitiúil.

# 2.3

TUAIRISCIÚ

## FARDAIL NÁISIÚNTA ASTAÍOCHTA

Foilsíodh fardal sealadach gáis cheaptha teasa na hÉireann don tréimhse 1990 - 2014 i mí na Nollag. Bhí comharthaí le feiceáil i sonraí sealadacha 2014 go raibh ardú ar astaíochta ag gabháil le fás eacnamaíoch athnuaite. Ní raibh an t-ardú ró-shoiléir mar go raibh an t-éileamh ar thithe cónaithe a théamh laghdaithe de bharr aimsir níos boige sa gheimhreadh.

### Réamh-mheastacháin Astaíochtaí

Foilsíodh réamh-mheastacháin astaíochtaí gáis cheaptha teasa go dtí 2030 i mBealtaine. Cé gur thaispeáin na figiúirí go mb'fhéidir go mbainfeadh Éire spriocanna 2020 an AE amach á mbeadh rudaí fabhrach, mar sin féin léirigh siad nach raibh Éire ag gluaiseacht chun an eacnamaíocht a dhícharbónú san fhadtéarma.

Thóg obair ullmhúcháin leantach ar réamh-mheastacháin astaíochta 2016 i dtreo dheireadh na bliana straitéis nua talmhaíochta agus astaíochtaí iompair atá ag ardú san áireamh. Thug comharthaí ón obair seo (le foilsiú in 2016) le fios nach mórán seans go mbainfeadh Éire amach spriocanna 2020 in aon chás samhalta.

## TUAIRISCIÚ FAOIN TREOIR UM UASTEORAINNEACHA ASTAÍOCHTAÍ NÁISIÚNTA

- Cuireadh moill ar an bhfardal truailleáin aeir ($NO_X$, $SO_2$, NMVOCs agus $NH_3$) le haghaidh 1990-2014 a bhí le seoladh chuig an gCoimisiún Eorpach faoin Treoir um Uasteorainneacha Astaíochtaí Náisiúnta (TUAN) go dtí Eanáir 2016.
- Seoladh an fardal sínte truailleáin aeir ($NO_X$, $SO_2$, NMVOCs agus $NH_3$ móide CO, PMann, miotail throma agus TCOnna) le haghaidh 1990-2013, seoladh é chuig CENAE (UNECE) de réir mar is gá faoin gCoinbhinsiún um Thruailliú Fadraoin Trasteorann Aeir (CTFTA) i bhFeabhra
- Seoladh réamh-mheastúcháin faoi CTFTA chuig CENAE faoi Bhealtaine ar $NO_x$, $SO_x$, NMVOC, $NH_3$, $PM_{2.5}$ agus BC.

Faoi Threoir an AE um Uasteorainneacha Astaíochta Náisiúnta (TUAN) agus faoi Phrótacal Idirnáisiúnta Gothenburg faoi Choinbhinsiún CENAE maidir le Truailliú Fadraoin Trasteorann Aeir (CTFTA), tá dualgas ar Éirinn astaíochtaí ceithre thruailleán trasteorann aeir a theorannú faoi 2010 agus gach bliain ina dhiaidh sin. Is cúis le truailliú fadraoin trasteorann aeir amhail aigéadú, eotrófú agus truailliú ózóin ag leibhéal na talún iad na ceithre thruailleán seo .

Mar a tuairiscíodh sa tuarascáil bhliantúil roimhe seo, ghlac Éire páirt i bpróiseas coigeartaithe a bunaíodh do Phrótacal Gothenburg faoi Choinbhinsiún CENAE, chun astaíocht coigeartaithe náisiúnta a chur ar fáil do $NO_x$ agus NMVOCanna. Bhí fírinniú agus cainníochtú gach iarratais ar choigeartú curtha ar fáil go mionsonraithe agus bhí sé curtha san áireamh in aighneacht sonraí in Eanáir 2015. Ní raibh glactha leis na moltaí coigeartaithe fós faoi dheireadh 2015.


## CAIGHDEÁN AN AEIR

Tá an GCC chun cinn ar bhallstáit an AE ó thaobh an chórais nua tuairiscithe a fhorbairt agus a úsáid i gceart, maidir le malartú deilíneach a thabhairt ar eolas agus tuairisciú a thabhairt ar cháilíocht aeir comhthimpeallaithe. Thosaigh muid ag tuairisciú go rathúil ar shonraí cothrom le dáta i bhfíor am don Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil do na paraiméadair ózóin, dé-ocsaíd nítrigine, ábhar cáithníneach, dé-ocsaíd sulfair agus aonocsaíd charbóin in 2015.

## CÁILÍOCHT AN UISCE SNÁMHA

Rinne an GCC measúnú ar thorthaí shéasúr snámha 2015 agus seolfar iad go foirmiúil in Aibreán 2016 i dteannta na tuarascála uisce snámha do 2015.

Tá sonraí de mheasúnuithe cháilíocht an uisce do 2015 léirithe i bhFigiúr 10.




Figiúr 10: Cáilíocht uisce snámha 2015

Cuirtear na torthaí is déanaí ar cháilíocht uisce snámha - – torthaí a bhíonn curtha ar fáil ag na húdaráis áitiúla – cuirtear ar fáil don phobal iad ar chóras uisce snámha an GCC ar líne darb ainm "SPLASH" le linn an tséasúir snámha . Rinneadh nuashonrú ar chórais riaracháin uisce snámha an GCC chomh maith chun fógraí feabhsaithe faoi theagmhais fhéideartha ag láithreáin snámha a éascú. Cuirtear sonraí faoi theagmhais truaillithe agus gníomhartha feabhsúcháin ar fáil freisin ar Twitter.
@EPABathingWater.

Rinneadh athbhreithniú ar phleananna bainistíochta chun feabhas a chur ar uiscí a raibh grádú "Bocht" tugtha dóibh in 2014 agus rinneadh plé leis na húdaráis chuí maidir lena gcur i bhfeidhm.

Cuireadh tús leis an obair le forbairt a dhéanamh ar an treoir a thugtar don phobal go ginearálta chun uiscí snámha nua a aithint, agus d'údaráis áitiúla chun aighneachtaí mar sin a mheas. Tá súil é seo a sheoladh sula dtosóidh séasúr snámha 2016.

Chuir an GCC an t-eolas agus na measúnuithe uisce snámha a bhí iarrtha ar fáil don Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil.

## STAID AN TUAIRISCITHE COMHSHAOIL

Bhí páirt ag an GCC le Tuarascáil Staid Comhshaoil Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil a ullmhú, agus bhí sí rannpháirteach i gceardlanna oibre chomh maith le sonraí agus aiseolas a thabhairt ar chodanna éagsúla den tuarascáil.

Chuir acmhainn ghréasáin Táscairí Comhshaoil an GCC darb ainm *Comhshaol na hÉireann* eolas a nuashonraítear go rialta ar fáil don phobal agus do lucht cinnteoireachta ar phríomhtháscairí comhshaoil i rith 2015. Cuirtear eolas ar fáil i bhformáidí éagsúla, lena n-áirítear físeáin, deaiseanna, sonraí is féidir a íoslódáil, graif, grafaic faisnéise, bileoga eolais agus measúnuithe comhshaoil.

## TUAIRISCIÚ NÁISIÚNTA AR AN DRAMHAÍL

Níor foilsíodh aon tuarascáil in 2015 mar bhí an GCC ag ullmhú i gcomhair athraithe chuig tuarascálacha earnála ar stíl bullaitín atá le tosú in 2016.

- "Aicmiú Dramhaíola: Foilsíodh "Waste Classification: List of Waste and Determining if Waste is Hazardous or Non-Hazardous" mar fhreagra ar an athrú i reachtaíocht an AE a tháinig i bhfeidhm ar an 1ú Meitheamh 2015.
- Seoladh táblaí sonraí ar phacáistiú náisiúnta agus tuairisciú DTLL agus ELV ar an mbliain féilire 2013 chuig Eurostat. Baineadh amach gach sprioc aisghabhála/athchúrsála. Seoladh na rátaí aisghabhála tógála agus scartála dramhaíola (C&D) den bhliain féilire 2012 chuig Eurostat freisin.
- Bhí cur isteach ag an GCC i bpáipéar de cheann de thíortha an GEC ar "Municipal Waste Management in Ireland" agus ar pháipéar Thionscnamh Promóisin Cloí an Choimisiúin ar dhramhaíl ghuaiseach in Éirinn a bhainistiú.
- Rinne an GCC comhoibriú leis an POS chun comhaontú ar an gcur chuige ar shonraí 2014 a thuairisciú faoi na Rialacháin Staitisticí Dramhaíola.

## AN CLÁR EORPACH UM SCAOILEADH AGUS AISTRIÚ TRUAILLEÁN (CESAT/E-PRTR)

- Foilsíodh an E-PRTR do 2013 d'Éirinn i Meitheamh 2015.
- Seoladh sonraí E-PRTR 2013 a raibh baint aige le 369 saoráid chuig an gCoimisiún Eorpach i Márta 2015.
- Chuir aonad PRTR, mar chuid de ghrúpa saineolaithe an AE, leis an bplé ar astaíochtaí ó dhianshaoráidí talmhaíochta.
- Seoladh aiseolas chuig an gCoimisiún maidir le dréacht chur chuige ar thuairisciú Ionaid Mhór Dhócháin a chomhcheangal san E-PRTR.



## TRUAILLEÁIN SHEASMHACHA ORGÁNACHA (TSONNA) A THUAIRISCIÚ

Tugann an GCC tuairiscí go rialta don Choimisiún ar na Truailleáin Orgánacha Mharthanacha a bhíonn ar an margadh agus mar atá cuideachtaí Éireannacha ag déanamh laghdú ar TSOnna de réir a chéile agus nach bhfuiltear á gcur ar an margadh a thuilleadh agus nach (n-allmhairítear) iad i gcomhair úsáide.

Tháinig laghdú ar mhéideanna cláraithe an Fhardail Náisiúnta PCB (défheinil pholaclóirínithe) in 2015 ó 21,654 lítear go 13,800 lítear. Ba de bharr gur baineadh ocht dtrasfhoirmeoir a bhí ar láthair amháin den fhardal a tharla an chuid is mó den laghdú, le méid iomlán 6,624 lítear. Is ionann é seo agus laghdú de thart ar 95% i méideanna i gcomparáid le timpeall 255,639 lítear (Márta 2010).

## AN CLÁR NÁISIÚNTA DÁILEOG


Caithfidh Seirbhísí Faofa Dáileogmhéadrachta a sholáthraíonn dáileogmhéadair do dhaoine a bhíonn ag obair le radaíocht in Éirinn, caithfidh siad gach tomhas dáileog radaíochta a sheoladh chuig an gClár Náisiúnta Dáileog (CND) gach bliain, rud a bhíonn cothabháilte ag an GCC. Seoladh sonraí ar na dáileoga radaíochta a fuair 8,000 oibrí in Éirinn chuig an CND in 2015. Bhí an líon oibrí a fuair dáileoga a bhí os cionn an íosleibhéal tuairiscithe de 0.1 mSv faoi 5%. Ba é an dáileog aonair ab airde a fuair aon duine i mí amháin ná 4 mSv agus ba raideagrafaí tionsclaíoch a fuair an dáileog sin. Bhí na dáileoga carnacha a fuair roinnt cairdeolaithe thar thréimhse dhá mhí dhéag (12) gar do nó os cionn an leibhéal aicmithe d'oibreoirí radaíochta Chatagóir A (6 mSv de réir na bliana).

## MISEAN SEIRBHÍSE UM ATHBHREITHNIÚ COMHTHÁITE RIALAITHEACH

Tá riachtanais cheangailteacha dlí i dTreoracha Euratom maidir le Sábháilteacht Núicléach agus maidir le Dramhaíl Radaighníomhach a chiallaíonn go ndéantar athbhreithniú tréimhsiúil idirnáisiúnta piaraí ar an gcreat náisiúnta rialaitheach le haghaidh sábháilteacht radaíochta, an comhlacht rialaitheach san áireamh. Chun an riachtanas seo a chomhlíonadh, bhuail foireann athbhreithnithe 14 saineolaí sinsir idirnáisiúnta faoi mhisean deich lá chun an creat rialacháin do shábháilteacht núicléach agus radaíochta atá in Éirinn a mheas, an áit a bhfuil úsáid radaíochta rialaithe ag an GCC san áireamh. Ba é an phríomh thoradh a bhí air ná go bhfuil tairbhe ag Éirinn sa mhéid is gur comhlacht rialála sábháilteachta radaíochta éifeachtach agus neamhspleách í an GCC. Rinne an fhoireann athbhreithnithe roinnt moltaí freisin chun creat sábháilteachta rialála na hÉireann a láidriú tuilleadh. Tá tuarascáil iomlán na foirne athbhreithnithe le fáil ar láithreán gréasáin an GCC ag http://www.epa.ie/pubs/conferencesandevents/irrsmissionreportfinal.html.

## AN COMHCHOINBHINSIÚN UM SHÁBHÁILTEACHT BAINISTÍOCHTA BREOSLA CHAITE AGUS UM SHÁBHÁILTEACHT BAINISTÍOCHTA DRAMHAÍOLA RADAIGHNÍOMHAÍ (AN COMHCHOINBHINSIÚN)

Is Páirtí Conraitheora don Chomhchoinbhinsiún í Éire agus tá sé mar aidhm ag an gcomhchoinbhinsiún a chinntiú go mbeidh leibhéal ard sábháilteachta ar fud na cruinne maidir le bainistíocht ar bhreosla caite agus dhramhaíl radaighníomhaí agus go mbeidh cosaint éifeachtach i gcoinne guaiseacha féideartha ar a bhfuil timpistí a mbeadh iarmhairtí raideolaíocha dá mbarr. Bhí an cúigiú cruinniú de Chomhchoinbhinsiún GIFA ar bun ón 11 go dtí an 21 Bealtaine 2015. Chuir an GCC tuarascáil náisiúnta na hÉireann ar athbhreithniú piara os comhair an chruinnithe. Thug na tíortha ar fad a bhí rannpháirteach moladh mór d'Éirinn as ucht chomh rathúil is a bhí a clár laghduithe foinse. Tugadh an breithniú go raibh cleachtas maith léirithe ag Éirinn sa réimse seo trí mheitheal idirghníomhaireachta a bhunú chun acmhainní an stáit a thabhairt le chéile leis an gclár laghduithe foinse a thiomáint. Rinne sí é seo tríd an líon foinsí raidghníomhacha atá as úsáid, le leath-saoil thar 10 mbliana, a laghdú ó 5,000 go dtí 32.



"Oibriú le dreamanna eile chun tacú le comhshaol atá glan, táirgiúil agus dea-chosanta agus le hiompraíocht chomhshaoil inbhuanaithe."



# 3

## ABHCÓIDEACHT

3.1 Oideachas

3.2 Múscailt Feasachta

3.3 Iompraíocht a Athrú

3.4 Obair le Daoine Eile

# 3.1

## OIDEACHAS

Bíonn an GCC de shíor ag iarraidh ár gcumarsáid a fheabhsú agus acmhainní oideachasúla a sholáthar chun tuilleadh eolais a chur ar fáil do lucht ceaptha beartas don chomhshaol agus chun tionchar a imirt ar an réimse gnó, ar an bpobal agus ar na heagraíochtaí lena n-oibrímid.

### SUÍOMH GRÉASÁIN AN GCC

Is é suíomh gréasáin an GCC ár bpríomhuirlís chumarsáide chun eolas a scaipeadh ar an bpobal, agus tugadh breis is 1.5 milliún cuairt air in 2015.

Bhí an fhorbairt ar acmhainn líonra nua *Ireland's Environment* a seoladh ag comhdháil Chomhshaoil na hÉireann i Meán Fómhair ina tionscadal mór ar an suíomh gréasáin in 2015. Thug os cionn 40,000 cuairteoirí cuairt ar an acmhainn in 2015 agus bhí sé ar an ngearrliosta do ghradam ríomhsheirbhísí an Rialtais i mí na Nollag 2015.





Leanfaidh an GCC le clár forbartha agus feabhsaithe leanúnaigh ar an suíomh gréasáin a chur i bhfeidhm, le cinntiú go gcuirfear eolas tráthúil agus inrochtana ar fáil dár bpáirtithe leasmhara go léir.

### ÁR BPRÍOMHTHEACHTAIREACHTAÍ A CHUR IN IÚL

Cuireann Oifig an GCC um Chaidreamh leis na Meáin seirbhís 24 uair ar fáil do na meáin. D'fhreagair an Oifig 563 ceist ó na meáin agus d'eisigh sí 37 preaseisiúint in 2015, agus bhí breis is 9,000 alt nuachtáin ina raibh an GCC luaite mar thoradh air.

Foilsíodh ráiteas deireadh bliana an Ard-Stiúrthóra, rud a chuir síos ar bhuaicphointí phríomhghníomhaíochtaí agus príomhghnóthachtáil an GCC in 2014. Scaipeadh ceithre eagrán de Nuacht an GCC, *EPANews*, an nuachtlitir chorparáideach leictreonach, go breis is 5,000 síntiúsóir i rith na bliana.




Lean an GCC de na meáin shóisialta a úsáid mar bhealach lena teachtaireachtaí a chur in iúl. Bhí os cionn 13,200 leantóir, thar seacht gcuntas ag an GCC faoi dheireadh na bliana, agus bhíodar ag freastal ar shuimeanna sonraithe a chuimsíonn nuacht aeráide, nuacht taighde, cáilíocht aeir, eolas ar uisce snámha, nuacht radóin agus acmhainní uisce.

Ag deireadh 2015, bhí 247 físeán ag an GCC ar YouTube agus bhí daoine tar éis féachaint orthu seo 221,019 uair. Ar na hábhair a pléadh sna físeáin a cuireadh in airde air in 2015, tá ábhair amhail astaíochtaí gáis cheaptha teasa; athrú aeráide agus laghdú a chur ar chur amú bia.

D'urraigh an GCC ceacht ar dhabhcha séarachais agus ar an gcaoi a n-oibríonn siad in *Eolaíocht agus Teicneolaíocht á gCur i nGníomh,* ceacht ar acmhainn ilmheáin é do mheánscoileanna.

Lean an GCC de chur chun cinn a hábhair oideachais agus acmhainní eile ar líne in 2015 trí shocrúcháin spriocdhírithe alt in irisí comhshaoil agus oideachais.

Chuir an GCC maoiniú ar fáil arís mar thacaíocht don tríú sraith déag den chlár teilifíse *Eco Eye* , rud a craoladh ar RTÉ 1 ag tús na bliana. Bhí beagnach 500,000 duine ar an meán ag breathnú ar gach clár den tsraith. D'aontaigh an GCC tacaíocht a thabhairt do shraith eile a bhí nach mór críochnaithe in 2015. Leanann an tsraith seo ag múscailt feasachta comhshaoil agus ag cur eolais cuimsithigh ar fáil don phobal faoi cheisteanna comhshaoil.




## CEISTEANNA COMHSHAOIL

Leanann an GCC trínár nOifigeach Ceisteanna Comhshaoil de chur chuige comhordaithe a chur ar fáil maidir le heolas comhshaoil ar leith ar cheisteanna a chuireann muintir an phobail orainn ar an teileafón, trí ríomhphost agus ar an Idirlíon. Phróiseáil an tOifigeach Ceisteanna Comhshaoil tuairim is 2,500 ceist in 2015, ag cur seirbhís d'ardleibhéal ar fáil do pháirtithe leasmhara i gcomhréir le Cairt do Chustaiméirí an GCC. Bhí suim ar leith ag an bpobal i gceisteanna a bhain le córais cóireála dramhuisce baile, feabhsú a chur ar dhabhcha séarachais agus leis an bPlean Náisiúnta Cigireachta chomh maith le ceisteanna maidir le dumpáil mídhleathach, cáilíocht uisce óil (toibreacha príobháideacha agus soláthairtí uisce poiblí), truailliú aeir, aispeist agus ceisteanna údaráis áitiúla.


## GRAFAIC FAISNÉISE AGUS BILEOGA EOLAIS

Cuireadh le sraith bileoga eolais agus grafaic faisnéise a chuireann eolas agus measúnú achomair ar fáil ar réimse ábhair chomhshaoil i rith 2015. Úsáideadh léiriú grafach físeach chun achoimre a thabhairt ar an bpríomheolas ar ábhair amhail

- cáilíocht an aeir,
- uisce snámha agus
- dramhaíl.

Úsáideadh iad seo le heolas eolaíoch a dháileadh i bhformáid atá éasca a thuiscint.

Léiríodh grafaic faisnéise a thug eolas achomair ar na rioscaí sláinte a bhain le radón i dtithe na hÉireann, an bealach le tástáil a dhéanamh ar thithe i gcomhair radóin, agus an bealach le caoi a chur ar thithe má fuarthas leibhéil arda radóin iontu. Léiríodh é seo le go mbeadh sé ag comhtharlú le feachtas feasachta réigiúnach an GCC i gCo. an Chláir. Chuir an grafaic faisnéise seo póstaeir dhathannacha a tharraing aird ar fáil agus dáileadh iad in áiteanna poiblí in Inis le linn an fheachtais feasachta. Chomh maith leis sin scaipeadh na príomhtheachtaireachtaí trí chuntais Twitter an GCC.




Chomh maith leis sin scaipeadh príomhtheachtaireachtaí na dtáirgí sin trí chuntais Twitter an GCC le linn 2015.

Rith an GCC a cúrsa eolaíochta dobharcheantair sé lá trí huaire in 2015, agus lean sí le bheith ag tógáil cumais agus eolais thar an earnáil phoiblí, agus le hOifigigh Pobail Uisce a bhí fostaithe faoin Oifig Uisce agus Pobail Údaráis Áitiúil a thraenáil.




Seastán an GCC ag Taispeáint BT le haghaidh Eolaithe Óga agus na Teicneolaíochta 2015

## COMHDHÁLACHA AGUS TAISPEÁNTAIS

Rinne foireann an GCC teagmháil le páirtithe leasmhara ag réimse ócáidí náisiúnta agus áitiúla i rith 2015, amhail Taispeáint BT le haghaidh Eolaithe Óga agus na Teicneolaíochta (áit ar bhronn an GCC Gradam Speisialta Comhshaoil chomh maith); Deireadh Seachtaine na Speiceas Dúchasach i Zú Bhaile Átha Cliath agus an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta. Is deis iontach iad na hócáidí seo le teagmháil a dhéanamh lenár bpáirtithe leasmhara agus cabhrú le feasacht ar an gcomhshaol a mhúscailt agus ar an méid is féidir le daoine a dhéanamh chun é a fheabhsú. Cuireadh ábhair agus tacaíocht ar fáil chomh maith do 45 ócáid eile i rith na bliana.

Bhí an 11ú comhdháil de *Chomhshaol Éireann* ar bun i Meán Fhómhair. Seo comhdháil mhór bhliantúil na hÉireann ar bheartas agus ar bhainistíocht comhshaoil agus eagraítear í i gcomhar leis an GCC agus an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Ar na príomhthéamaí a pléadh ag ócáid 2015 bhí polasaí comhshaoil; rannpháirtíocht pobail; athrú aeráide; bainistíocht uisce; éifeachtúlacht dramhaíola agus acmhainní agus caipiteal nádúrtha.

Ar na príomhchomhdhálacha agus príomhócáidí eile a bhí ar siúl i rith na bliana, bhí:

- **Ócáid Náisiúnta Uisce 2015:** “Ag Cosaint Uisce ó fhoinse go farraige”. Is príomhfhóram í an ócáid seo d'údaráis áitiúla, comhlachtaí poiblí eile, baill de chomhlachtaí neamhrialtais agus gairmithe uisce le bheith ag foghlaim faoi athruithe reatha ar bheartas agus cleachtais uisce na hÉireann. Labhair an tAire Comhshaoil ag an gcomhdháil in 2015, agus leag sé amach an fhís a bhí aige don chreat-treoir uisce agus sheol sé oifig údaráis áitiúil nua chun aghaidh a thabhairt ar na dualgais atá ag údaráis áitiúla maidir leis an gcreat-treoir uisce, agus é dírithe go háirithe ar rannpháirtíocht pobail.
- **Léacht phoiblí ar Athrú Aeráide:** Thug an tOllamh Myles Allen Léacht an GCC de 2015 ar Athrú Aeráide, Loading the Dice – An ról atá ag Athrú Aeráide i Stoirmeacha agus Tuillte i dTeach an Ardmhéara sa Mhárta. Bhí sé ag díriú ina chuid cainte ar fhoircinn aimsire agus aeráide agus athruithe féideartha ar na foircinn sin. Bhí os cionn 300 duine sa lucht féachana agus bhí sé beo ar an gcraoladh gréasáin.

  Tá taifeadadh na sraithe léachta seo ar fáil ar shuíomh gréasáin an GCC anois ag www.epa-pictaural.com agus ar chainéal an GCC ar YouTube ag youtube.com/user/epaireland.
- **An Fóram Náisiúnta Radóin:** Thug Fóram Náisiúnta Radóin 2015 lucht féachana idirnáisiúnta le chéile a raibh suim acu srian a choinneáil ar radón agus a raibh ról acu san iarracht leis an riosca ó radón in Éirinn a laghdú. Chuimsigh clár oibre an Fhóraim nuashonrú sonraithe ar na rudaí tábhachtacha a baineadh amach faoin Straitéis Náisiúnta um Rialú Radóin de chuid an Rialtais d'Éirinn, chomh maith le taighde nua ar leibhéil radóin i dtithe na hÉireann agus na tosca a mbíonn tionchar acu orthu a chur i láthair.

Cuireann soláthar eolais inrochtana atá tráthúil agus ar féidir lenár bpáirtithe leasmhara go léir teacht air go héasca le rannpháirtíocht an phobail i gcinnteoireacht chomhshaoil agus tugann sé an t-eolas atá de dhíth ar dhaoine dóibh ar mhaithe le roghanna nach ndéanann díobháil don chomhshaol a dhéanamh.

# 3.2

## MÚSCAILT FEASACHTA




Ag ócáid seolta aip *An bhfeiceann tú é? Abair é!* tá An tUas. Alan Kelly, T.D. (Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil ) An tUas. Laura Burke (Ard-Stiúrthóir, GCC) agus an tUas. Cormac MacGearailt (GCC).

### AN BHFACA TÚ É? AIP ABAIR É

Leagan mhóréilimh andróideach de *See It? Abair é!* seoladh an aip faoi Bhealtaine (tar éis leagan iPhone a sheoladh in 2013). Déanann an aip éasca é do dhaoine tuairisciú ar thruailliú comhshaoil agus cabhraíonn sé leo cosaint ghníomhach a dhéanamh ar an gcomhshaol áitiúil. Tá tuilleadh éifeachtúlachta tagtha laistigh den chóras de bharr an nasc breise ar FixYourStreet.ie, a bhfuil údaráis áitiúla ag baint úsáid mhaith as.

### TIONSCNAMH SHONRA OSCAILTE

Sheol an Roinn Chaiteachais Phoiblí agus Athchóirithe tairseach Shonraí Oscailte in Iúil 2015. D'fhoilsigh an GCC 109 tacar sonraí comhshaoil don tairseach seo faoi cheadúnas oscailte le go bhféadfaí teacht ar na sonraí, iad a athúsáid agus a athdháileadh.

## COMHSHAOL NA HÉIREANN

Seoladh acmhainn athdheartha líonra an GCC *Comhshaol na hÉireann* ag comhdháil Chomhshaoil na hÉireann i Meán Fómhair.

Cuireann an acmhainn ar chumas an phobail rochtain níos éasca a bheith acu ar na sonraí comhshaoil a bhíonn bailithe ag an GCC agus ag comhlachtaí seachtracha. cuirtear an t-eolas ar fáil ar fhormáid an-fheiceálach faoi ocht dtéama comhshaoil. aer, aeráid, uisce, dramhaíl, dúlra, talamh agus ithir, comhshaol agus folláine agus eacnamaíocht inbhuanaithe.

Cuireann sé faisnéis a bhíonn nuashonraithe go rialta ar fáil don phobal agus do lucht cinnteoireachta ar phríomhthháscairí comhshaoil. Cuirtear eolas ar fáil i bhformáidí éagsúla, lena n-áirítear físeáin, cláir eolais, graif, grafaic faisnéise, bileoga eolais agus foinsí úsáideacha eile le heolas ar an gcomhshaol.




Thug os cionn 40,000 cuairteoirí cuairt ar an acmhainn in 2015 Bhí *Comhshaol na hÉireann* ar an ngearrliosta do ghradam ríomhsheirbhísí an Rialtais i mí na Nollag 2015. Ghnóthaigh an acmhainn an Gradam Ginearálta ina dhiaidh sin in 2016.

## CUMARSÁID AR EOLAÍOCHT AERÁIDE

D'fhoilsigh an GCC sraith ailt tuairime ar athrú aeráide sna nuachtáin náisiúnta le linn 2015. Rinne na meáin clúdach cuimsitheach chomh maith ar ráitis agus tráchtanna a bhí déanta ag an GCC ar cheist an athraithe aeráide, tráchtaireacht eagarthóra san áireamh.

## FEASACHT AR RADÓN

Dhírigh feasacht radóin ar Chontae an Chláir in 2015 agus ritheadh feachtas feasachta radóin a bhí lárnaithe in Inis i mí na Samhna. D'éirigh go maith leis an bhfeachtas de bharr go bhfuarthas tacaíocht láidir ó Chomhairle Contae an Chláir, go háirithe ón Oifigeach Feasachta Comhshaoil áitiúil agus bhí rannpháirtíocht mhaith ag an bpobal ann. Gnéithe den fheachtas a bhí i gceist ná:

- Dhá chruinniú phoiblí in Inis;
- Cruinniú faisnéise do Theachtaí Dála agus Seanadóirí ;
- Fógraíocht ar líne agus ar na meáin shóisialta agus
- Fógraí i nuachtáin áitiúla agus ar stáisiúin raidió áitiúla.

Cé go bhfuil feasacht réasúnta ard ag an bpobal ar radón ní ionann sin agus go mbíonn daoine aonair gníomhach maidir le radón. D'aithin an Straitéis Náisiúnta um Rialú Radóin gur tosaíocht sa réimse gníomhaíochta í an bhearna seo.

# 3.3

## ATHRÚ IOMPRAÍOCHTA

Déanaimid ár ndícheall tionchar a imirt ar athrú dearfach iompraíochta, trí thacú le gnóthaí, pobail agus teaghlaigh a bheith níos éifeachtúla ó thaobh acmhainní de.

## AN CLÁR NÁISIÚNTA UM CHOSC DRAMHAÍOLA

Cuireann an Clár Náisiúnta um Chosc Dramhaíola sochaí atá éifeachtúil ó thaobh acmhainní de chun cinn in Éirinn trí dhul i ngleic le tomhaltas agus táirgeadh neamhéifeachtúil. Tá trí phríomhshnáithe sa chlár:

- Tacú le héifeachtúlacht acmhainní agus cosc dramhaíola trí shaineolas agus tacaíocht airgeadais a chur ar fáil do thionscadail/tionscnaimh;
- Dul chun cinn a thomhas trí thuairisciú agus staidreamh dramhaíola; agus
- Oibleagáidí reachtúla a chur i bhfeidhm maidir le bainistíocht ghuaiseach dramhaíola.

## BÍGLAS

Is é BíGlas an branda iomlán a chlúdaíonn gach tionscadal agus clár a dhéantar chun tacú leis an gClár Náisiúnta um Chosc Dramhaíola. Tá an Clár, atá ag méadú an t-am ar fad, ag iarraidh a scóip a fhorbairt, ar dtús trí shruthanna acmhainne nua ar nós uisce agus fuinneamh a chlúdach agus freisin trí na tairbhí eacnamaíocha agus sóisialta atá á seachadadh a aithint.

Ó 2011 ó chláir BíGlas (amhail Gnó Glas, Fáilteachas Glas, Malairt Acmhainne Meangtha, Saor-Thrádáil Éireann agus Cúram Sláinte Glas, d'aithin siad coigilteas eacnamaíoch be bhreis ar €7m, agus coigilteas breise féideartha €8m.

Bhí an GCC ag iarraidh i gcónaí go mbeadh rochtain ag an bpobal ar a cuid feidhmeanna trí bhealaí éagsúla. Ceann de na cinn is éifeachtúla ná an urraíocht atá sí a dhéanamh ar an tsraith *Eco Eye* ar theilifís RTÉ. Léirigh *Eco Eye* eagrán in 2015 dar teideal "The Story of Stuff" a bhí mar shárthaispeántas roinnt tionscadal Fiontraíochta ar a raibh An Seó Bóthair Athbheochana (CRNI), Éiceathurasóireacht ar Inis Bó Finne, (Éiceathurasóireacht Éireann), An Tionscnamh Bia agus Scamallbhia, chomh maith le tionscadail a oibríonn le tionscnaimh GCC ar nós Éicea-Thochta agus Éicea-Cheall. Tá an t-eagrán seo ar fáil ar *Eco Eye* chainéal YouTube.

### Greenbusiness.ie

Le linn 2015, chabhraigh clár Greenbusiness.ie de chuid an GCC le gnólachtaí Éireannacha feabhas a chur ar a bhfeidhmíocht comhshaoil agus a mbunlíne, trí bhearta a aithint a mhéadódh éifeachtúlacht. Tugadh cuairt ar 29 cuideachta, agus rinneadh coigilt €41,500 ar an meán de réir cuideachta, agus ba ar mhaithe le Clár Glas Bunúis an Bhoird Bia a rinneadh leath na gcuairteanna.

Foilsíodh an Leabhrán Cáis Staidéir Gnó Glas dar teideal "Green Business – How Much Can You Save?" in 2015. Léiríonn sé seo 13 cás staidéir gearr agus praiticiúil atá grúpáilte de réir coigiltis trí úsáid Dramhaíola, Uisce agus Fuinnimh a rialú.

Chomh maith leis sin, seoladh tionscnamh nua Freagraíochta Sóisialta Corparáideach leis an ainm "Glas 50" a spreagann cuideachtaí atá ag déanamh coigiltis chun airgead a dheonú ar pháirtí carthanachta.

### An Clár um Fháilteachas Glas

Tá 179 gnólacht ospidéil mar bhaill den chlár faoi láthair, clár a ndearna an GCC maoiniú air ó 2008 go dtí 2015. Is óstáin iad 105 de na baill sin. Tá Deimhniúchán Comhshaoil bainte amach ag 69% de na baill sin tríd an gClár Ospidéil Glas (COG). Thug tagarmhairc le tuiscint le linn na bliana tuairiscithe deiridh go bhfuil laghdú 81% ar an méid dramhaíola atá baill óstán Éireannacha a chur i líonta talúin, laghdú 34% ar an méid fuinnimh agus 40% ar an méid uisce a úsáideann siad le hais 2004.

### Cúram Sláinte Glas

seoladh 10 gcinn d'imeachtaí feasachta ospidéil aon lae in 2015, agus iad ag tabhairt aghaidh ar na réimsí seo a leanas:

- Uisce
- Múscailt Feasachta
- Tithe Altranais
- Tagarmharcáil Dramhaíola
- Tacaíocht leanúnach do shaoráidí atá ann cheana

### Malairt Acmhainne MEANGTHA (SMILE)

Cabhraíonn an clár le cuideachtaí acmhainní a mhalartú rud a mbeidh tairbhe ann don dá pháirtí, agus is é príomhthionscadal siombóise na hÉireann é. Is é príomhobair MEANGA ná sineirgí a fhorbairt idir gnólachtaí agus thug MEANGA tacaíocht dhíreach do 359 sineirge in 2015.

Bhí iomlán de 85 sineirge rathúil ann in 2015, rud a chiallaigh 5052.4 tonna measta d'ábhar a bheith atreoraithe ó líonadh talúin, atreoraithe chuig asghabháil nó athchúrsáil nó atreoraithe ó athchúrsáil/aisghabháil lena athúsáid in athdhéantúsaíocht. Tá coigiltis iarbhír costais de €1,229,201 i gceist de ghnólachtaí leis na 85 sineirge le chéile. Bhí ballraíocht an tionscadail arduithe go 1,319 in 2015 agus cuimsíonn sé Corcaigh (471); Luimneach, Co. an Chláir, Ciarraí, (335); Baile Átha Cliath (281); Náisiúnta (203) agus Eile (29).

Is páirtí bhunaidh é MEANGA freisin i dTionscadal "Circular Ocean", atá maoinithe ag Interreg. Tá faoin tionscadal Aigéan Chiorclach fiontair agus fiontraithe a spreagadh, agus iad ag cuardach réitigh nuálaíocha agus inbhuanaithe ar eangaí chuileáilte, chun na deiseanna folaithe ar dhramhaíl mhara atá i réigiún Fhorimeall an Tuaiscirt agus an Artaigh (NPA) a bhaint amach. Thosaigh an tionscadal seo i nDeireadh Fómhair 2015 agus leanfaidh sé ar feadh trí bliana go dtí Meán Fómhair 2018.

### Saor-Thrádáil Éireann

In 2015, d'athtreoraigh Saor-Thrádáil Éireann 12,351 mír, 161 tonna ina iomláine d'ábhair ardchaighdeáin ó líonta talúin chuig úsáideoirí sa tseirbhís. Bhí sábháil de thart ar 1,449 tonna $CO_2$ mar thoradh ar úsáid na seirbhíse chomh maith le coigiltis airgeadais shuntasacha d'úsáideoirí na seirbhíse.

Sroicheadh an chlochmhíle suntasach in athúsáid 100,000 mír in 2015 tríd an tseirbhís Saor-Thrádáil, rud a chiallaigh go raibh sábháil d'os cionn 10,000 tonna carbóin i gceist ó cuireadh tús le Saor-Thrádáil.

### Fiontraíocht Ghlas

Is ciste tionscadail taighde í Fiontraíocht Ghlas atá dírithe ar thionscadail eacnamaíochta chiorclacha a fhorbairt i réimsí tháirgeadh glan, fiontraíocht shóisialta agus éicea-dhearadh. Tá an fhoirm reatha aige ó 2012, agus tá 54 tionscadal le luach €2.5 milliún maoinithe aige ó 2012.

Fuarthas iomlán de 28 iarratas cáilitheach in ár nglao deireadh, leis an toradh gur maoineadh 9 dtionscadal chomh maith le trí thionscadal ó Liosta Cúltaca roimhe sin.

Ar na tionscadail atá faoi shiúl faoi láthair tá:

| Cuideachta | Tionscadal |
|---|---|
| Comhairle Fhoirgneamh Ghlas na hÉireann | Córas rátála Inbhuanaithe Cónaitheach a sheachadadh don Mhargadh. |
| Consulteco | Scéim Aitheantais Fhoireann Glas |
| An Ghluaiseacht Uaschúrsála | An Dúshlán Uaschúrsála |
| Scamall Bia | Dúshláin atá ag an earnáil charthanachta a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu chun an méid is féidir a fháil ó dheonacháin bharrachais bia. |
| Réitigh Lárnacha | Cleachtas Pobail Uisce Tanaí an GCC Céim 2 |
| SpEco | Taighde Toilg |
| Córais Ghnó Daimh | Bainistíocht Phróisis Inbhuanaithe a Shimpliú do Thairgeoirí Bhia Ghlas Chliste |
| Ath-Chruthaigh | Bí airdeallach |
| Bord Fiontraíochta Chontae Loch Garman / Econcertive | Coigilteas Glas Loch Garman 2016 |
| Feoil Oliver Carty | Ag Glasú an tSlabhra Soláthair |
| Clann Shiomóin Lár Tíre | Ag Cruthú Jabanna Glasa i gClann Shiomóin |
| Seirbhís Bhruscair Chomhshaoil Rotha (Wers) | Ábhar Athchúrsáilte Ghrád Uathghluaisneach rHDPE inbhuanaithe a fhorbairt |

### Tionscnaimh Speisialta

Is minic a dhéanann an CNCD maoiniú ar thionscadail speisialta a thugann aghaidh ar réimse a bhfuil suim ar leith ann, ar earnáil nó ar riachtanas aitheanta. Mar shampla, in 2015:

- Bhí an Fhondúireacht Charthanachta, "An Roth", rannpháirteach le treoir a thabhairt ar an mbealach le maoiniú atá dírithe ar charthanachtaí agus neamhbhrabúis a rochtain, an bealach leis na foinsí maoinithe a d'fheadfadh a bheith ar fáil dóibh a aithint agus an bealach le hiarratais a dhéanamh ar mhaoiniú.

## LÍONRA COISCTHE NA NÚDARÁS ÁITIÚIL

Is líonra comhoibríoch de phearsanra údaráis áitiúil é Líonra Coiscthe na nÚdarás Áitiúil (LCÚA) a thugann faoi ghníomhaíochtaí choiscthe dramhaíola agus éifeachtúlachta acmhainne le pobail, le gnólachtaí agus le heagraíochtaí eile ar fud na tíre, agus atá comhordaithe ag an GCC. Cuireann an GCC cabhair airgeadais, traenáil, cabhair theicniúil agus deiseanna líonraithe ar fáil do gach ceann de na 31 údarás áitiúil. Ba é an mhéid iomlán a cuireadh ar fáil i gcabhair deontais d'údaráis áitiúla in 2015 ná €217,000, chun réimse imeachtaí a mhaoiniú, ar a n-áirítear:

- Glasú Fhéilí agus Imeachtaí
- Deireadh a Chur le Cur Amú Bia
- Buidéil uisce athúsáide a chur chun cinn
- Athúsáid eile - Barrachas bia, teicstílí agus péinteanna a dheonú
- Idirghníomhaíocht pobail

## DEIREADH A CHUR LE CUR AMÚ BIA

Spreagann an clár seo de chuid an GCC, Deireadh a Chur le Cur Amú Bia athruithe ar iompar agus bíonn laghdú ar chur amú bia agus comhpháirtíocht oibre le húdaráis áitiúla agus le pobail mar thoradh air. Bhí Deireadh a Chur le Cur Amú Bia rannpháirteach go díreach le os cionn 10 n-údarás áitiúil in 2015 trí chabhair a thabhairt ar láthair ag imeachtaí agus ag féilte agus tri phlé agus trí chláir traenála áitiúla. Meastar go raibh os cionn 10,000 duine idirghníomhach go díreach sna himeachtaí sin.

Ritheadh 11 dúshlán eile Dheireadh a Chur le Cur Amú Bia in 2015, ag baint úsáide as an múnla rathúil bunaithe ar phobal agus tháinig laghduithe de 35–45% dá bharr.



Sa phictiúr tá an Seanadóir Lorraine Higgins agus Lynn Haughton (Líonra Athúsáide Pobail) i dteannta "Textile Ted" agus otharcharr athchóirithe an Athbheochan Acmhainne, ag seoladh an Seó Bóthair Athbheochana

## AN LÍONRA POBAIL UM ATHÚSÁID

Is bratchomhlacht uile-Éireann é Líonra na hÉireann um Athúsáid ag an bPobal (LÉAP) a dhéanann ionadaíocht ar son eagraíochtaí atá bunaithe sa phobal agus a bhfuil baint acu le hathúsáid. D'eagraigh LÉAP os cionn 60 ceardlann oibre in 2015 ar fhreastal beagnach 800 duine orthu leis an *Seó Bóthair Athbheochana,* ag baint úsáid as seanotharcharr. D'fhreastail siad ar bheagnach 60 imeacht ar fud na tíre chun athúsáid a spreagadh agus ceardlanna oibre a rith.

## DRAMHAÍL GHUAISEACH A CHOSC AGUS A BHAINISTIÚ

Leanadh ar aghaidh in 2015 leis an bPlean Náisiúnta athmheasta um Bainistiú Dramhaíola Guaisí (2014–2020) a chur i bhfeidhm. Is ceann de phríomhspriocanna an Phlean ná laghdú a dhéanamh ar an dramhaíl guaiseach atá tionscail agus an pobal i gcoiteann a ghiniúint.

### Ionaid 'Fág Anseo' le haghaidh Dramhaíl Ghuaiseach ó Fheirmeacha



D'oibrigh an GCC le Teagasc, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtas Áitiúil, le húdaráis áitiúla, le DTLL (WEEE) Éireann, leis an Ardán Athchúrsála Eorpach agus le conraitheoir ceaptha dramhaíola guaise chun bailiú, aisghabháil agus diúscairt dramhaíola ó fheirmeacha ag deich n-ionad fág anseo le linn 2015 a éascú.

D'úsáid beagnach 5,000 feirmeoir na hionaid bhailiúcháin le haghaidh dramhaíl ghuaiseach i 26 ionad ar fud na tíre ó 2013, agus ba é meán mheáchan na dramhaíola guaisí, ar a raibh lotnaidicídí agus dramhaíl chúram sláinte tréidliachta a bailíodh in aghaidh an fheirmeora ná 90kg.

Mar thoradh ar an éascaíocht a rinne an feachtas dramhaíola guaise feirme tugadh 440 tonna dramhaíola guaisí (1.2 tonna truailleáin orgánacha mharthanacha (TOManna) san áireamh) agus 160 tonna dramhthrealamh leictreach agus leictreonach agus cadhnraí chun siúil. Is dócha go bhfuil na bailiúcháin dramhaíola guaise sin ar an méid is mó de thruailleáin ardnimhneacha a tugadh ar shiúl go deonach amach as comhshaol na hÉireann in achar chomh gearr, .i. 13 seachtain thar 3 bliana.

## AN STRAITÉIS NÁISIÚNTA UM RIALÚ RADÓIN, 2014–2018

Tá ceangal idir gás radóin agus 250 cás ailse scamhóg in Éirinn gach bliain. Tá feasacht an phobail ar radón réasúnta ard de bharr obair an GCC ach fós tá an ráta tástála i gcomhair radóin atá déanta ar thithe aonaracha fanta ar leibhéal íseal. Aithníodh an bhearna faoin Straitéis Náisiúnta um Rialú Radóin agus tugadh tosaíocht dó ó thaobh gníomhaíochta. In 2015 rinneadh coimisiúnú ar athbhreithniú ar obair fheasachta radóin an GCC, chun breithmheas a thabhairt ar an gclár agus ar a raibh bainte amach aige, ó dhearcadh na síceolaíochta sláinte de. Ba é toradh an staidéir ná go raibh an obair ar

bhuail an GCC fúithi ag teacht leis an gcleachtas is fearr agus le cláir idirnáisiúnta radóin. Mar sin féin, mar a bhí an cás le tionscnaimh chomhairle sláinte eile, ní leor eolas cáilíochta agus iontaofa le daoine a spreagadh le dul i mbun gnímh. Molann an taighde cur chuige spriocdtha a thugann aghaidh ar bhacainní atá ar ghníomhú, briseann sé síos an teachtaireacht i gcomhair lucht éisteachta difriúla, agus normalaíonn sé radón sa tsochaí.

## COMHOIBRIÚ IDIRNÁISIÚNTA ar ATHRÚ IOMPRAÍOCHTA AGUS GÁS RADÓIN

Oibríonn an GCC go dlúth le comhpháirtithe idirnáisiúnta chun taithí a roinnt agus an cleachtas is fearr a fhorbairt. Chuir an GCC traenáil ar fáil d'fhoirne ó ghníomhaireachtaí agus ó údaráis ar fud an domhain ag clár traenála a ndearna an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta d'Fhuinneamh Adamhach urraíocht air san Eastóin i Márta 2015. Ar an mbealach seo roinn an GCC a thaithí agus a shaineolas ar radón agus ar na dúshláin a bhaineann le páirtithe leasmhara a chur ar an eolas i dtaobh radón.

Rinne an GCC óstáil ar chuairt oideachais a thug oifigigh ó Ghníomhaireacht Cosanta Comhshaoil Mhontainéagró ar an tír sa Bhealtaine chun foghlaim faoin gclár radóin in Éirinn agus chun a gcuid taithí a roinnt le foireann an GCC.

Thug Údarás Sábháilteachta Radaíochta na Sualainne cuireadh don GCC i nDeireadh Fómhair chun cur i láthair a dhéanamh ar a chuid taithí maidir le Straitéis Náisiúnta um Rialú Radóin a fhorbairt ag fóram poiblí i Stockholm.






# 3.4

## OBAIR LE DAOINE EILE

D'fhonn ár n-oibleagáidí agus cuspóirí straitéiseacha a chur i gcrích, leanfaimid d'obair a dhéanamh le agus trí dhaoine eile chun torthaí dearfacha a bhaint amach don chomhshaol.

## GNÍOMHAÍOCHT IDIR-RIALTASACH

### Athrú Aeráide

Rinne an GCC ionadaíocht ar Éirinn ag príomhchruinnithe a bhí ag an bPainéil Idir-rialtais ar Athrú Aeráid in 2015. Orthu sin bhí an cruinniú i nDeireadh Fómhair 2015 chun Cathaoir IPCC agus príomhphoist eile a thoghadh don 6ú Timthriall Measúnaithe a léireoidh an chéad Thuarascáil Mheasúnaithe mhór eile chomh maith le roinnt tuarascálacha speisialta. Tá sé molta ag Éirinn – chomh maith leis an Tansáin, an Nua-Shéalainn agus Costa Rica – go mbeadh ceann de na tuarascálacha speisialta sin ar Bhia agus Talmhaíocht. Chun é seo a éascú, rinne an GCC óstáil ar cheardlann oibre IPCC ar an ábhar seo sa Bhealtaine 2015 agus d'fhreastail eolaithe atá chun cinn ar fud na cruinne ar an gceardlann.

Lean an GCC de thacú le hobair na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil ar athrú aeráide idirnáisiúnta, amhail ionadaíocht a dhéanamh ar son na hÉireann ag Cruinnithe Saineolaithe faoi Uachtaránachtaí na Laitvia agus Lucsamburg.. Chuir an GCC tacaíocht eolaíoch ar fáil go náisiúnta agus san AE i rith chruinnithe Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Athrú Aeráide, an cruinniú COP21 i bPáras san áireamh, cruinniú a raibh Comhaontú urfhuascailte Pháras ar ghníomhaíochtaí le déanamh sa todhchaí chun aghaidh a thabhairt ar athrú aeráide mar thoradh air. Chuimsigh róil an GCC ceannaireacht agus comhairle a thabhairt ar idirbheartaíocht agus oibriú go dlúth le saineolaithe ó bhallstáit eile agus ón gCoimisiún.

Thacaigh an GCC le ranna rialtais éagsúla chomh maith le go mbeadh rannpháirtíocht náisiúnta le Meithleacha Choiste an AE ar Athrú Aeráide ar cheisteanna amhail úsáid talún, athrú úsáide talún agus oiriúnú.


### Cosaint Raideolaíoch


Buaileann an GCC lena macasamhail sa Ríocht Aontaithe go rialta chun ceisteanna raideolaíocha agus núicléacha a phlé. Bhí an plé seo dírithe in 2015 ar Sellafield, stáisiúin nua núicléacha a bheith á dtógáil sa RA, pleananna an RA Áis Diúscartha Geolaíche a fhorbairt le haghaidh dramhaíl núicléach, scaoileadh núicléach isteach sa chomhshaol, straitéis dramhaíola radaighníomhaí na hÉireann agus pleanáil éigeandála núicléach agus forbairtí idirnáisiúnta sa réimse seo. Tháinig an Oifig um Rialacháin Núicléach don Ríocht Aontaithe ar chomhaontú eolais leis an GCC maidir le malartú a dhéanamh ar eolas agus ar chomhoibriú i réimse rialacháin sábháilteachta núicléach.

## AN GHNÍOMHAIREACHT EORPACH COMHSHAOIL (EEA)

Lean an GCC, ina ról mar Phointe Fócais Náisiúnta d'Éirinn, ag treorú an chomhordú ar shonraí comhshaoil agus malartú eolais leis an LEE. Baineann an LEE úsáid as chun measúnú a dhéanamh ar chomhshaol na hEorpa. D'éirigh le hÉirinn ráta comhlíonta 100% a bhaint amach leis na riachtanais tuairiscithe i dtimthriall tuairiscithe 2014/2015, rud nach raibh bainte amach ach ag naoi dtír eile.

Bíonn ról ghníomhach agus tacúil ag an GCC in obair an LEE agus lean sé ag forbairt Líonra Náisiúnta an Ionaid Tagartha agus á chothabháil agus ag éascú agus ag comhordú teagmhálacha, iarratais agus soláthairtí idir leibhéil náisiúnta agus an AE. Bhí an GCC rannpháirteach freisin i dtionscadail shonraithe de chuid an LEE a chuimsíonn eolaíocht saoránaigh, athbhreithniú ar na croí-sruthanna sonraí agus taithí a roinnt ar thionscadail ar leibhéal náisiúnta chun dul i ngleic le ceisteanna domhanda. D'oibrigh an GCC go gníomhach leis an LEE chun tacú le seoladh na Tuarascála Eorpaigh ar Staid an Chomhshaoil agus rinne sé éascú ar chur i láthair a thug an LEE ag comhdháil *Chomhshaol na hÉireann* i Meán Fómhair. Bhí measúnú náisiúnta a ullmhú agus ionchur i measúnuithe éagsúla téamacha comhshaoil san áireamh leis seo.




Figiúr 11: Céatadán aibhneacha agus locha grádaithe (barr) agus uiscí cósta agus idirchríosacha (bun) i gceantair abhantraí a bhfuil tionchar ag brúnna truaillithe orthu sa Chreat-Treorach Uisce.

**Nóta:** Níl tacar sonraí na hEilvéise comhoiriúnach le measúnuithe Chreat-Treorach Uisce an AE agus mar sin níl siad san áireamh thuas. Tá leibhéil arda brúnna truaillithe phointe agus/nó idirleata ag an Eilvéis, go háirithe i gceantair ísealchríche.

**Foinse:** LEE, 2012c.

# GNÍOMHAÍOCHTAÍ NÁISIÚNTA

## Táscairí Comhshaoil

Críochnaíodh an Tacar Náisiúnta Táscaire in 2015 agus foilsíodh é ar acmhainn ghréasáin *Chomhshaoil na hÉireann*. Cuimsíonn na rannpháirtithe an Phríomh-Oifig Staidrimh, Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Cairde Éanlaith Éireann, an tIonad Náisiúnta Bithéagsúlachta agus an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra. D'oibrigh an GCC go dlúth leis na heagraíochtaí sin chun malartú ar shonraí comhshaoil a éascú. chuir an GCC sonraí ar fáil don ECFE ar scála idirnáisiúnta chun é a úsáid ina cuid measúnuithe agus táscairí.

## Forfheidhmiú Údaráis Áitiúil

Caithfear dul i ngleic le dúshláin comhshaoil na hÉireann ar bhealach struchtúrtha agus comhordaithe, agus aithnítear gur cheann de na tosca criticiúla chun an sprioc seo a bhaint amach é feidhmiú níos fearr a dhéanamh ar an reachtaíocht atá ann cheana Tá obair ar bun anois chun struchtúir rialachais in údaráis áitiúla a láidriú chun an Chreat-Treoir Uisce agus an Chreat-Treoir Dramhaíola a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú. Trí oibriú le chéile, beidh údaráis áitiúla i staid níos fearr chun meáchan iomlán acmhainní an stáit a chur ag obair ar na fadhbanna comhshaoil is práinne.

Tá údaráis áitiúla ar thús cadhnaíochta maidir le dlí comhshaoil a fhorfheidhmiú go náisiúnta. Forfheidhmíonn foirne in údaráis áitiúla os cionn 500 dualgas cosanta comhshaoil a thagann as breis agus 100 píosa reachtaíochta.

Forfheidhmíonn údaráis áitiúla 3,700 ceadúnas agus rinne a gcuid foirne 110,000 cigireacht in 2015 agus dhéileáil siad le 63,000 gearán, chomh maith le 7,000 gníomh fhorfheidhmithe agus 500 ionchúiseamh a ghabháil de láimh.

Chuir an GCC tús le próiseas in 2015, ar chreat a fhorbairt chun feidhmíocht fhorfheidhmithe comhshaoil údaráis áitiúla a thomhais. Is í an aidhm ná sonraí ar leibhéal áitiúil agus leibhéal náisiúnta a chur ar fáil chun cabhrú le húdaráis clár feabhsúcháin leanúnach a bheartú agus a chur i bhfeidhm.

## Measúnú Straitéiseach Comhshaoil

Lean an GCC le pleananna phríomh-earnálacha a chur ar an eolas agus a bheith faoina thionchar, mar chuid dá ról reachtúil mar údarás comhshaoil MST, agus rinne sí teagmháil le réimse Ranna Rialtais agus le gníomhaireachtaí stáit maidir le hiarratas MST ar phríomh phleananna agus cláir náisiúnta

Ar na príomhearnálacha in 2015 bhí Talmhaíocht, Foraoiseacht, Fuinneamh, Bainistíocht Uisce (an Chreat-Treoir Uisce/Riosca Tuilte), Iompar, Turasóireacht agus Úsáid Talún.

Le linn 2015 bhí Foireann MST, i gcomhoibriú leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil rannpháirteach i staidéar a bhí coimisiúnaithe ag an AE ar "Feidhmiú agus Éifeachtúlacht Treorach MST (Treoir 2001/42/CE) i mBallstáit".

## An Grúpa Náisiúnta Forfheidhmithe do Chreat-Treoir Uisce

Bhunaigh an GCC Grúpa nua in 2015 chun socruithe oibre a chruthú le comhlachtaí eile stáit agus pobail maidir leis an gCreat-Treoir Uisce a chur i bhfeidhm. Is é an cuspóir atá ag an nGrúpa ná cabhrú leis an Aire trína chinntiú go mbuailfear faoin obair chun gnéithe teicniúla agus eolaíochta na Treorach a chur i bhfeidhm ar fud an Stáit ar bhealach éifeachtúil, sheasmhach agus éifeachtach. Éascóidh an Grúpa malartú eolais agus feasa freisin go rialta idir na gníomhaireachtaí éagsúla a bhfuil baint acu le ceisteanna feidhmithe teicniúla agus eolaíochta an CTU. Is fóram a bheidh ann chun comhoibriú ar cheisteanna teicniúla agus eolaíochta agus iad a phlé agus cuirfidh sé ról comhorduithe uileghabhálach ar fáil chun déileáil le ceisteanna leathana teicniúla agus eolaíochta a thiocfaidh aníos ó am go ham. Cuirfidh an Grúpa meicníocht ar fáil freisin le comhoibriú le Grúpaí atá socraithe suas chun bualadh ar aghaidh le Treoir Tuilte agus Creat-Treoir Straitéis na Mara a chur i bhfeidhm agus leis na húdaráis inniúla cuí maidir leis na treoracha sin.

Déanfaidh an GCC cathaoirleacht ar an nGrúpa Forfheidhmithe Teicniúil Náisiúnta. Cuimsíonn ballraíocht an Ghrúpa ionadaithe ó Ranna Rialtais agus Ghníomhaireachtaí Poiblí cuí, ag leibhéal sinsearach:

- An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil;
- An Ghníomhaireacht um Chaomhnú  Comhshaoil;
- An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara;
- Teagasc;
- Foras na Mara;
- Coillte;
- Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann (DCENR);
- Iascaigh Intíre na hÉireann;
- Cumann Lucht Bainistíochta Contae agus Cathrach;
- an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra;
- Uiscebhealaí Éireann;
- An Roinn Sláinte/Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte;
- Oifig na nOibreacha Poiblí;
- Uisce Éireann;
- An Bord Pleanála
- An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta;
- an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh;
- Gníomhaireacht Chomhshaoil Thuaiscirt Éireann/An Roinn Comhshaoil, Tuaisceart Éireann;
- Aon eagraíocht nó comhlacht eile a chinnteoidh an GCC;
- Cathaoirligh Ghrúpaí Oibre Líonra Bainistíochta Dobharcheantair a bheith rannpháirteach mar is gá chun nuashonraithe a chur chun cinn.

## An Straitéis Náisiúnta um Rialú Radóin (SNRR)

Bhí an SNRR beagnach dhá bhliain ar an bhfód in 2015. Is straitéis é an SNRR atá faoi cheannas an Rialtais agus tá sé mar aidhm aige an nochtadh ar ghás radóin a íoslaghdú agus na tarluithe ailse scamhóige a bhfuil baint acu le radón a laghdú, chomh fada agus is féidir é sin a dhéanamh go praiticiúil. Bhí fianaise i dTuarascáil Bhliain a hAon faoin dul chun cinn suntasach a rinneadh leis na grúpaí agus na foirne a oibreodh le chéile chun soláthar a dhéanamh ar an straitéis a bhunú agus ar an dul chun cinn atá déanta ag na foirne sin, . Chomhoibrigh na grúpaí sin le linn 2015 chun os cionn leath de na 30 beart a bhí sonraithe ag an SNRR a chur tuilleadh chun cinn . Leanfaidh an SNRR ag déanamh dul chun cinn go hAibreán 2018.

## COMHAIRLEOIRÍ COSANTA RADAÍOCHTA

Tá ról tábhachtach ag na Comhairleoirí Cosanta Radaíochta (CCR) chun sábháilteacht radóin in Éirinn a chinntiú. Tugtar cuireadh chuile bhliain do gach CCR i gCatagóir I (leighis, fiaclóireachta agus tréidliachta) agus Catagóir II (tionsclaíoch) atá ar chláir an CCR freastal ar Chruinniú Idirchaidrimh an CCR. Is í an aidhm atá leis an gcruinniú seo ná nuashonraithe a chur ar fáil do na Comhairleoirí CR ar athruithe rialála agus forbairtí a rinneadh le gairid, ceisteanna nua a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu orthu sa bhliain (blianta) atá ag teacht agus chun deis a thabhairt dóibh ceist a chur i láthair an rialtóra. D'fhreastail 32 CCR ar an gcúigiú cruinniú de chuid an CCR a tionóladh i mí na Nollag.

## COMHAONTUITHE MEAMRAM TUISCEANA (MT)

Shínigh an GCC trí Mheamram Tuisceana le Met Éireann, le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann agus le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte le linn 2015.



Shínigh an Dr Pamela Byrne (POF, ÚSBÉ) agus Laura Burke (AS, GCC) an MT le ÚSBÉ.

Tá Socruithe Meamram Tuisceana (MT) i bhfeidhm ag an GCC le heagraíochtaí éagsúla a bhfuil páirt acu i, nó a chuireann le cúrsaí a bhaineann leis an gcomhshaol. Tá siad sin foilsithe ar láithreán gréasáin an GCC.

## Comhairliúcháin Náisiúnta

Rinne an GCC roinnt aighneachtaí foirmiúla ar fhorbairt beartais náisiúnta in 2015.:

**Aighneacht Scóipe MST an GCC ar an bPlean Bithfhuinnimh Náisiúnta Molta**
Is í seo Aighneacht Scóipe MST an GCC ar an bPlean Bithfhuinnimh Náisiúnta Molta

**Aighneacht an GCC ar Dhréacht-Straitéis Food Wise 2025 – Lúnasa 2015**
Aighneacht a rinne an GCC ar Dhréacht-Straitéis Food Wise 2025 agus ar Thuarascáil ghaolmhar Comhshaoil MST i Lúnasa 2015

**Barúlacha Comhairliúcháin Tosaigh an GCC ar FoodWise 2025 - Eanáir 2015**
Barúlacha Comhairliúcháin Tosaigh an GCC ar FoodWise 2025 a eisíodh in Eanáir 2015

**Aighneacht an GCC ar Fhorbairt Pobail**
Aighneacht an GCC ar Fhorbairt Pobail

**Aighneacht an GCC ar Dhréacht-Phlean Straitéiseach Uisce Sheirbhísí Uisce Éireann**
Aighneacht an GCC ar Dhréacht-Phlean Straitéiseach Uisce Sheirbhísí Uisce Éireann

**Aighneacht an GCC ar Dhréacht-Phleananna Réigiúnacha Bainistíochta Dramhaíola**
Is í seo an aighneacht a rinne an Ghníomhaireacht don chomhairliúchán poiblí ar na Dréacht-Phleananna Réigiúnacha Bainistíochta Dramhaíola

## Gníomhaíochtaí Coiste Náisiúnta

Chuir an GCC tacaíocht agus comhairle shaineolach ar fáil do roinnt ranna rialtais amhail na Ranna Comhshaoil,Talmhaíochta, Fuinnimh, Cosanta, Airgeadais, Sláinte, Caiteachais Phoiblí agus Gnóthaí Eachtracha ar fhorbairt ísealcharbóin, forbairt straitéise oiriúnaithe earnála, ceisteanna úsáide talún agus athrú úsáide talún, rioscaí sláinte ó ghás radóin, pleanáil éigeandála, úsáidí leighis radaíochta ianúcháin agus airgeadais aeráide.  Lean an GCC mar chathaoirleach ar an meitheal faisnéise sláinte ar cháilíocht aeir agus ag déanamh éascaíochta air. Cuireann an grúpa seo fóram ar fáil do pháirtithe leasmhara comhshaoil agus sláinte rialtais, FSS san áireamh, chun ábhair a bhaineann le cáilíocht aeir a phlé.

Bhí an GCC páirteach sna coistí agus grúpaí stiúrtha seo a leanas, le linn 2015:

- Grúpa Stiúrtha na Straitéise Náisiúnta um Rialú Radóin.
- An Coiste Náisiúnta Sábháilteachta Radaíochta
- An Beart Náisiúnta um Thosaíochta Taighde
- An Fóram Náisiúnta um Ionracais Thaighde
- An Grúpa Moltaí um Thaighde Straitéiseach
- An Grúpa Náisiúnta Straitéise um Thaighde Fuinnimh a bhunaigh an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha
- An Grúpa Stiúrtha ar an bPlean Fuinnimh In-athnuaite amach ón gCósta agus Meitheal Comhshaoil an GSFIAC

- An Grúpa Stiúrtha Pleanála Creata Náisiúnta um Fhorbairt Leictreachais In-athnuaite/MST
- An Coiste Náisiúnta Comhairleach um Beartas Uisce
- Tuarascálacha Staidéir Measúnaithe agus Bainistíochta Rioscaí Tuilte Abhantraí TSMBRTA
- Grúpa Stiúrtha Phlean Creata Comhtháite agus Meitheal Comhshaoil na Sionainne
- An Coiste Stiúrtha Nua um Pleanáil Réigiúnach Bainistíochta Dramhaíola
- Coiste Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl
- Tascfhórsa an Rialtais ar Phleanáil Éigeandála
- An Grúpa Straitéise Saotharlann Náisiúnta
- Coiste Stiúrtha an Líonra Náisiúnta Forfheidhmithe
- Grúpa Feidhmithe na Straitéise Náisiúnta Tailte Móna
- Grúpa Stiúrtha Mheasúnacht Timpeallachta Straitéiseach na hÉireann um Ola agus Gáis Amach ón gCósta (MSTÉAC5)
- An Fóram Náisiúnta Teicniúil MST (Údaráis Comhshaoil)
- An Grúpa Comhordaithe Náisiúnta Teicniúil agus Staidéir Aonair TSMBRTA (x3)
- Coiste Bhogaigh Ramsar in Éirinn
- Fóram na hÉireann ar Chaipiteal Nádúrtha
- Coiste Straitéis Agraibhia 2025
- Coiste Inbhuanaitheachta Comhshaoil Food Wise 2025
- Grúpa Ardleibhéil Horizon 2020
- Grúpa Stiúrtha Phleananna Oiriúnaithe Earnála
- Coiste Monatóireachta PSA 2014-2020
- An Fóram Déiríochta
- Grúpa Stiúrtha Bithfhuinnimh
- Grúpa Monatóireachta Comhshaoil Shlí an Atlantaigh Fhiáin
- Treoirscéim Náisiúnta Éiceachórais an SPNF agus Grúpa Stiúrtha Tionscadail Sheirbhísí Mapála Éiceachórais
- Clár Ghrúpa Beartais CTU (An Coiste Náisiúnta Comhairleach um Beartas Uisce)

Agus í mar bhall de Thascfhórsa an Rialtais ar Phleanáil Éigeandála, chuir an GCC le forbairtí ar phleanáil náisiúnta éigeandála amhail An Chreat Náisiúnta um Phleanáil Éigeandala.

## Tacaíocht don Phlean Náisiúnta Éigeandála um Thimpistí Núicléacha (PNÉTN)

Lean an GCC ag tabhairt tacaíochta don Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil lena n-athbhreithniú agus nuashonrú ar Phlean Náisiúnta Éigeandála na hÉireann um Thimpistí Núicléacha (PNÉTN) in 2015. Cuimsíonn an doiciméad athcheartaithe caibidlí ar róil agus fhreagrachtaí, ullmhacht, freagairt agus aisghabháil, agus – chomh maith le aghaidh a thabhairt ar thimpistí Núicléacha thar lear – cuimsíonn sé éigeandálaí raideolaíocha áitiúla. Déanfaidh Tascfhórsa an Rialtais ar Phleanáil Éigeandála athbhreithniú ar an dréachtphlean in 2016.

## Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara in Ullmhacht agus Freagra ar Éigeandáil Radaíochta

Chuir an GCC torthaí ar phléite a bhí ag páirtithe leasmhara bhia agus thalmhaíocht na hÉireann ar cheisteanna a bhain le héilliú bia tar éis timpiste núicléach os comhair lucht féachana idirnáisiúnta in 2015. Tá painéal na bpáirtithe leasmhara mar chuid de thionscadal darb ainm PREPARE atá urraithe ag an AE, agus tá siad ag díriú ar cheisteanna ullmhachta núicléiche agus raideolaíche a aithníodh tar éis thimpiste núicléach Fukushima in 2011.

Cuimsíonn an painéal baill ó ranna agus gníomhaireachtaí rialtais, agus ionadaithe ó na hearnálacha feirmeoireachta, déiríochta, feola, barr, bia mara, miondíola bia agus tomhaltóirí. Ceann de na príomhphointí a tháinig as na pléite sin ná an tábhacht a bhain le cumarsáid luath agus shoiléir a dhéanamh leis an bpobal agus le tionscail chun iontaoibh a chothú agus chun tacú le gníomhartha cosanta a chur i bhfeidhm, dá mba rud é go dtarlódh éigeandáil núicléach .

Tá torthaí na bpléite sin á meas san athchóiriú atá á dhéanamh ar an bPlean Náisiúnta Éigeandála um Thimpistí Núicléacha, agus gheobhaidh páirtithe leasmhara deis chun athbhreithniú a dhéanamh ar an bplean sula bhfoilseofar é.

## Meitheal Náisiúnta um Mhapáil Chumhdach Talún agus Ghnáthóga

Tá bearna suntasach ann faoi láthair maidir leis an bhfáil atá ar shonraí mapála chumhdach talún agus ghnáthóga shonraithe. Léiríonn an GCC tacair shonraí Chumhdach Talún agus Athrú Cumhdach Talún CORINE don GEC ach tá scála na sonraí lag agus ní mórán tairbhe ann i gcomhair anailís áitiúil nó réigiúnach. Tá an GCC lárnach i Meitheal Náisiúnta um Mhapáil Chumhdach Talún agus Ghnáthóga, a bhfuil sé mar aidhm aige sonraí mapála ardtaifigh a fhorbairt chun anailís chomhshaoil níos fearr a bheith ar fáil. Thacaigh an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta le moladh beartais in 2015 le clár náisiúnta mapála a fhorbairt agus d'fhorbair páirtithe an mheithle clár oibre do 2016 a bheidh le seachadadh trí sheirbhís roinnte. Forbróidh an clár oibre seo caighdeáin agus meicníochtaí chun mapaí náisiúnta ar chumhdach talún agus ghnáthóga a sheachadadh thar thréimhse 3–5 bhliana.

"Tá an GCC tiomanta do bheith ina heagraíocht ardfheidhmíochta agus don chleachtas is fearr a bhaint amach ina bainistíocht, a rialachas agus a húsáid teicneolaíochta."


# 4

# ATHRÚ AGUS LEASÚ A CHUMASÚ


4.1 Daoine agus Struchtúir

4.2 Próisis agus Teicneolaíocht

4.3 Rialachas

# 4.1

# DAOINE AGUS STRUCHTÚIR



## ACMHAINNÍ DAONNA

Is é sprioc leanúnach an GCC ná a chinntiú go mbeidh lucht saothair tiomanta againn a fheidhmeoidh ar feadh a chumais..

Ba é an líon foirne a bhí ag an GCC ag deireadh mhí na Nollag 2015 ná 369 duine. Bhí céad daichead is a cúig bhall foirne lonnaithe i gCeanncheathrú an GCC i Loch Garman agus fuílleach na foirne lonnaithe go straitéiseach i gcúig Chigireacht Réigiúnacha agus i dhá Oifig eile ar fud na tíre.

Tá athruithe oiriúnaithe agus bealaí oibre níos éifeachtúla curtha i bhfeidhm go leanúnach ag an GCC, ós iad na bealaí is éifeachtaí iad chun a feidhmeanna reachtúla a chur i gcrích le foireann agus acmhainní airgeadais laghdaithe. Tá athrú curtha ar an struchtúr eagraíochtúil chun acmhainní foirne agus tosaíochtaí agus dúshláin atá ag éirí a léiriú. Chomh maith leis sin tugadh faoi chleachtas taobhach in 2015 chun baill foirne a athshannadh chuig réimsí tosaíochta oibre agus chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanas foirne.

Tá dearcadh thar a bheith dearfach ag an GCC i leith socrúcháin oibre, agus lean sí de bheith páirteach sa Scéim Náisiúnta Intéirneachta i rith 2015. D'éirigh le cuid mhór de na hintéirnigh Jobridge a ghlac páirt sa scéim fostaíocht lánaimseartha a fháil san earnáil phríobháideach mar thoradh ar a socrúchán sa GCC. Ag deireadh Nollaig 2013, bhí iomlán beirt (2) intéirneach Jobridge ann.

Leanadh ar aghaidh le cur i bhfeidhm an Chórais nua chomhtháite Faisnéise Bainistíochta Acmhainní Daonna i rith 2015. Mar thoradh ar uasghrádú córais, tarlóidh cur i bhfeidhm na modúil eile pinsin agus modúil ama agus tinrimh in 2016.

## COMHPHÁIRTÍOCHT

Tá Coiste Comhpháirtíochta (Meitheal) ar bun ag an GCC ó 1999 i leith. Is trí ghrúpaí Tras-Oifige a dhéanann Meitheal formhór a chuid oibre. Lean Meitheal lena ról san fhorbairt leanúnach atá ar ghníomhaíochtaí na Foirne Glais agus i gcomhairliúcháin foirne maidir le Straitéis nua an GCC 2016–2020 a fhorbairt. D'fhorbair agus d'aontaigh an coiste Cód Cleachtais nua chomh maith le leabhrán ón Meitheal.

### Folláine Láthair Oibre ag an GCC

Creideann an GCC gur é croí lár eagraíochta atá ag feidhmiú go maith ná lucht saothair séanmhar. Mar gheall ar sin, tá an GCC ag leanúint clár gníomhach chun folláine an láthair oibre a chur chun cinn. Ar na himeachtaí bíonn seimineáir am lóin ar ábhair fholláine agus scágthástail sláinte atá fóirdheonaithe. D'aontaigh an Bord clár fóirdheonaithe ar Scágthástáil Sláinte a chur ar fáil d'fhostaithe an GCC in 2015. Ghlac beagnach 75% den fhoireann leis an tionscnamh sláinte seo.

Tá roghnú cúramach déanta ar ghníomhartha chun tairbhí inláimhsithe a sholáthar agus tá leibhéal an ráta glactha ón bhfoireann an-mhaith.

D'oibrigh an GCC ar chreat láthair oibre shláintiúil a fhorbairt le linn 2015; agus bhí sé ar cheann de na chéad chomhlachtaí san earnáil phoiblí le páirt a ghlacadh i Lá Folláine Náisiúnta an Láthair Oibre. Tógfaidh an GCC ar an ról ceannais atá aici sa réimse seo sna blianta atá ag teacht chun tacú leis an bhfoireann le go mbeidh siad spreagtha agus in ann na spriocanna straitéiseacha atá ag an GCC a bhaint amach.

## SCILEANNA AGUS CUMAS

Tairgeann an GCC réimse leathan tacaí don fhoireann go léir a chabhraíonn leo an ról atá acu faoi láthair a chur i gcrích agus a fhorbairt, ullmhú le haghaidh ról amach anseo agus feabhsú a dhéanamh ar dhoimhneacht na scileanna agus an eolais ar feadh na heagraíochta. Tá an tiomantas seo léirithe i leithdháileadh buiséid ar Fhoghlaim agus Forbairt, méid arb ionann é agus tuairim is 3.1% den chaiteachas ar phárolla. Bhí an fhoireann páirteach i mbreis is 318 ócáid foghlama i rith 2015, amhail cúrsaí oiliúna, ceardlanna, comhdhálacha agus seimineáir. San áireamh sna hócáidí seo, bhí deiseanna neamhfhoirmiúla foghlama a mheasann an GCC a bheith ina bhfóram suntasach foghlama. . B'ionann seo agus iomlán 2,092 lá oiliúna - 5.6 lá oiliúna in aghaidh an duine ar an meán.

Tá Plean Foghlama agus Forbartha bliantúil leagtha amach chun tacú le spriocanna an GCC a bhaint amach, fad is a thacófar freisin le riachtanais forbartha foirne agus daoine aonair.

## CEANNAIREACHT LÁIDIR

Tá roinnt tionscnamh ar fáil do cheannairí sa GCC, amhail cur i bhfeidhm leanúnach an chláir um Scileanna Riachtanacha Bainistíochta agus Ceannaireachta. Bhí an clár deartha ar dtús chun oiliúint bhainistíochta a thabhairt d'aon duine atá ag athrú ó phost mar bhainisteoir neamh-dhaoine go bainisteoir daoine. Tá sé leathnaithe ó shin chuig lucht éisteachta níos leithne, is é sin bainisteoirí ó gach leibhéal a bhfuil suim acu a gcuid cumais ceannaireachta a athnuachan agus a athdhíriú.

Ionchorpraíonn an Clár agus léiríonn sé na bunluachanna atá ag an GCC agus léiríonn sé freisin agus tiomáineann sé fócas ar fhoghlaim ghníomhach.. Tugann sé sin an cumas feasa, scileanna agus iompair do bhainisteoirí an GCC, lena gcuid clár oibre agus faoi dheireadh Straitéis an GCC a sholáthar.

## CÓRAS BAINISTÍOCHTA COMHSHAOIL AN GCC


Tá an GCC tiomanta do laghdú a dhéanamh ar thionchair a cuid oibríochtaí féin ar an gcomhshaol. Déanann comhlacht creidiúnaithe seachtrach iniúchadh ar Chóras Bainistíochta Comhshaoil (CBC) an GCC dhá uair sa bhliain le cinntiú go gcomhlíontar riachtanais Chaighdeán ISO 14001, caighdeán atá aitheanta ar fud an domhain.

## SÁBHÁILTEACHT, SLÁINTE AGUS LEAS AG AN OBAIR

Tá an GCC tiomanta do shábháilteacht, sláinte agus leas a foirne a chinntiú trí chláir chuí oiliúna, iniúchóireachta, measúnaithe riosca agus feasachta ar shábháilteacht a chur ar fáil. Tá teist mhaith ar an GCC ó thaobh sábháilteachta de go fóill agus níor tharla timpiste ná gortú tromchúiseach ar bith ag an obair le linn 2015.

## FORBHREATHNÚ AR ÚSÁID FUINNIMH IN 2015

Baineann an príomhchaitheamh fuinnimh ag oifigí agus saotharlanna an GCC le téamh spáis, soilsiú, cumhacht, uisce te agus breosla iompair. Ba é an t-ídiú iomlán fuinnimh a bhí ag an GCC in 2015 ná 3,405 MWh, sin ardú de 27% ar an mbliain roimhe sin. Is mar gheall go bhfuil oifigí agus saotharlanna iar-Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch ar a bhfuilimid ag tuairisciú den chéad uair cuimsithe againn in 2015, atá an t-ardú san ídiú iomlán. Tá miondealú ar an bhfuinneamh a d'úsáideamar ar taispeáint thíos i bhFigiúr 13.




Figiúr 12: Úsáid fuinnimh an GCC, 2015 (MWh)

## BORD AN GCC

Tá seisear Stiúrthóirí Feidhmiúcháin lánaimseartha ar Bhord an GCC. Tionóladh iomlán 48 cruinniú den Bhord in 2015; chuimsigh sé seo 13 chruinniú ghinearálta ag ar pléadh le ceisteanna corparáideacha beartais, straitéise, airgeadais agus pleanála, chomh maith le 35 cruinniú teicniúil ag ar pléadh le hiarratais ar cheadúnais, ionchúisimh agus ceisteanna oibriúcháin.

## AN COISTE COMHAIRLEACH

Tháinig tús le téarma oifige an séú Coiste Comhairleach i bhFeabhra 2013 agus críochnóidh sé i bhFeabhra 2016.  Le linn an ama seo beidh dhá chruinniú déag (12) tarraingte ag an gCoiste, agus beidh ceithre cinn acu sin in 2015. Rinne an Coiste cíoradh ar réimse leathan ceisteanna le linn a dtéarma trí bliana, agus tá a dtuarascáil don Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtas Áitiúil le fáil ar Láithreán gréasáin an GCC.

# 4.2

# PRÓISIS AGUS TEICNEOLAÍOCHT

## ATHRÚ AGUS LEASÚ A BHÍ CUMASAITHE AG TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE

Bíonn teicneolaíocht faisnéise á húsáid ag an GCC i gcónaí chun athrú agus athchóiriú a chumasú, rud a thagann le Straitéis TFC an Rialtais do 2015:

- trí shimpliú, caighdeánú agus pé áit ar féidir, uathoibriú príomhphróisis agus príomhthascanna rialaitheacha;
- uasmhéadú líon na seirbhísí ar líne agus comhsheirbhísí, rud a chuireann seirbhís níos fearr ar fáil do chustaiméirí, a fheabhsaíonn teacht ar shonraí agus a laghdaíonn costais ar an gcáiníocóir agus ár n-úsáideoirí seirbhíse;
- glacadh agus forbairt ar eolas, ar chumarsáid agus ar theicneolaíochtaí measúnaithe spásúil úrscothacha chun torthaí éifeachtacha agus na tosaíochtaí straitéiseacha atá againn a bhaint amach;
- trí rochtain fheabhsaithe ar shonraí agus uirlisí tacaíochta ríthábhachtacha cinnteoireachta a chur ar fáil a ligeann do na páirtithe leasmhara a dtascanna a chur i gcrích ar bhealach níos éifeachtúla.

Le linn 2015 bhunaigh an GCC Fo-Choiste Boird chun maoirseacht a dhéanamh ar rialachas agus ar an treoir straitéiseach ar an athrú a chumasaíonn Teicneolaíocht na Faisnéise. Ghlac an GCC páirt freisin i roinnt fóram malartaithe eolais tras-earnála poiblí náisiúnta agus idirnáisiúnta chun glacadh le próisis nua gnó a éascú agus chun sineirgí a thógáil le comhlachtaí poiblí eile. Sula gcuirtear aon athrú i bhfeidhm bíonn próisis an GCC faoi réir athbhreithniú anailíse gnó dírithe ar chur chuige chustaiméir-lárnach ar rialáil éifeachtach, soláthar eolais comhshaoil ar chaighdeán ard agus ar sheirbhísí a sholáthar ó dhearcadh an tsaoránaigh de. Lean an GCC ag déanamh feabhsúcháin shuntasacha ar a próisis gnó comhshaoil agus corparáideach in 2015 mar ata leagtha amach thíos.

## CÓRAS RIALAITHEACH AN GCC (LEMA)

D'fhás córas comhtháite rialaitheach an GCC, LEMA, go mór in 2015. Cuireann an córas léargas comhtháite ar fáil ar ghníomhaíochtaí ceadúnaithe i dteannta le stádas cloí agus gníomhaíochtaí forfheidhmithe. Tá rochtain leictreonach ag os cionn 3,000 ceadúnaithe tríd an tairseach EDEN agus déanann an córas freastal ar an bpobal freisin trí láithreán gréasáin an GCC ó thaobh gearáin agus aighneachtaí de. Feabhsaíonn an comhtháthú seo cumarsáid agus laghdaíonn sé an t-ualach riaracháin ar cheadúnaithe agus ar fhoireann an GCC. San áireamh le samplaí tá:

- Próiseáil ar 3,500 idirbheart in aghaidh na bliana ar líne do cheadúnaithe cosanta raideolaíocha, ag freastal ar os cionn 1,000 custaiméir.
- Sonraí astaíochta atá nuashonraithe go laethúil a chur ar fáil ar líne d'Uisce Éireann, ag tacú lena n-oibríochtaí dhramhuisce uirbeacha.
- Tuarascálacha ar thionscal an GCC agus ar chuairteanna ar ionaid dhramhaíola chomh maith le freagairt na gceadúnaithe foilsithe ar epa.ie
- An GCC ag baint úsáid as córas sonraí atá níos cruinne agus cothrom le dáta chun láithreacha tosaíochta a fhorfheidhmiú.
- Rianú beo agus príomhtháscairí feidhmíochta ar phríomhthaifid fheidhmíochta a sholáthar do bhainisteoirí an GCC, ag cuimsiú gearáin, teagmhais, aisfhillteacha ceadúnaithe, neamh-chloí agus cuairteanna ar láithreáin.

D'aithin athbhreithniú radaighníomhachta idirnáisiúnta gur sampla ar chleachtas maith í an eilimint chosanta raideolaíoch is nuaí sa chóras i gcomhair ceadúnaithe tionsclaíocha agus cúram sláinte. Tháinig an eilimint seo in ionad cur chuige a bhí bunaithe ar pháipéar poist leis na 3,500 idirghníomh a bhfuil tagairt dóibh thuas.




Figiúr 13: LEMA

## LMSC

Is seirbhís roinnte í an Líonra Malartaithe Sonraí Comhshaoil (LMSC) agus déanann an GCC óstáil uirthi i gcomhair eagraíochtaí na hearnála poiblí. Cuireann tairseach LMSC cumas sínithe singil ar fáil do 5,000 úsáideoir ó 2,000 eagraíocht, thar na hearnálacha poiblí agus príobháideacha, chun rochtain a fháil ar shonraí comhshaoil roinnte agus ar an iliomad iarratais líonra comhshaoil. Críochnaíodh obair athdheartha shuntasach thairsí in 2015 le feabhas a chur ar an seachadadh seirbhíse atá ar fáil do pháirtithe leasmhara. Bhí comhéadan úsáideora níos sruthlínithe agus níos iomasaí san athdhearadh agus chuir sé an comhartha singil is deireanaí i dteicneolaíocht i láthair Rinne páirtithe leasmhara as na hearnálacha poiblí agus príobháideacha comhoibriú ar an obair athdheartha.

Ag tógáil ar an gcomhthathú idir LMSC agus EDEN cuireadh síneadh ar fheidhmiúlacht cuairte láithreáin LEMA ag deireadh 2015 chun gníomhaíochtaí cigireachta raideolaíocha a thógáil isteach. Beidh éifeacht leis an fheidhmiúlacht nua maidir le cuairteanna láithreán a dhéantar in 2016, rud a ligfidh do cheadúnaithe a gcuid cuairteanna sceidealaithe a fheiceáil, doiciméadacht réamh-chuairte a chur isteach, a dtuarascáil cuairte láithreáin a fheiceáil ar líne agus nuashonrú a thabhairt don GCC i dtaobh freagairt ar chinntí cigireachta trí EDEN.

## AN CHREAT-TREOIR UISCE (CTU)

D'fhorbair EDEN feidhmchlár nua agus chuir sé amach é chun tacú leis an gCreat-Treoir Uisce(CTU) a chur i bhfeidhm. Tá an feidhmchlár nua a forbraíodh in 2015 deartha chun tacú le próiseas tréithrithe CTU, sin é an chéad chéim i dtimthriall iomlán pleanála CTU, agus cuirfidh sé na bloic tógála agus na haschuir ar fáil chun tacú le Pleanáil Bainistíochta Abhantraí, le Clár Beart agus le dearadh na gClár Náisiúnta Monatóireachta. Díreoidh céimeanna den fhorbairt sa todhchaí ar rochtain a chur ar fáil don phobal ar an eolas seo agus Feidhmchlár CTU a leathnú le cabhrú le sainmhíniú a thabhairt ar bhearta atá dírithe ar stádas maith cáilíochta uisce a choinneáil nó sin stádas cáilíochta uisce maith a bhaint amach do na huiscí náisiúnta uile.

Rinne bitheolaithe abhann agus locha tuilleadh dul chun cinn i bhforbairt feidhmchlár soghluaiste le haghaidh suirbhéireacht allamuigh. Cruthaíonn an obair seo éifeachtúlacht i mbailiú sonraí ar cháilíocht uisce atá de dhíth le haghaidh an CTU a chur i bhfeidhm agus feabhsaíonn sí bainistíocht agus rochtain ar na sonraí seo.

## LÉARSCÁILEANNA

Rinneadh obair shuntasach ar shonraí spásúil le linn 2015. Chuimsigh sé seo nuashonrú a dhéanamh ar Chlár Cheantair faoi Chosaint, tacair shonraí nua abhann agus dhobharlaigh uisce a chur amach agus tacair shonraí dhobhaircheantair nua agus fo-dhobharcheantair nua a chruthú leis an aidhm bainistiú a dhéanamh ar fheidhmiú na Creat-Treorach Uisce. Tá na sonraí seo curtha ar fáil do na páirtithe leasmhara ar fad, an pobal san áireamh trí EPA's GeoPortal.

## SAOTHARLANNA

Chuir an GCC córas bainistíochta faisnéise saotharlainne comhtháite nua i bhfeidhm mar chuid de chlár iomlán a rinne comhtháthú ar struchtúr ár saotharlanna bunaithe ar ráthaíocht cáilíochta/rialú cáilíochta roinnte. Éascóidh an córas nua comhtháthú gníomhaíochtaí saotharlainne an GCC agus cuirfidh sé eolas ríthábhachtach ar fáil ar chórais tuairiscithe monatóireachta, measúnaithe agus reachtúla an GCC.

## FEABHSUITHE AR CHÓRAIS FAISNÉISE

Rinneadh obair shuntasach le feabhas a chur ar roinnt córais comhshaoil, anailíseach agus corparáideacha atá ann cheana chun gnéithe nua a chur leo rud a d'fhágfadh go mbeadh éifeachtúlacht níos mó leo. Chuir na feabhsúcháin sin ar a gcumas próisis inmheánaigh Cheadúnaithe agus Fhorfheidhmithe a dhéanamh níos éifeachtúla; chuireadar sonraí fíor-ama ar fáil i gcomhair dhéanamh cinntí; agus chuireadar rochtain bhreise ar eolas ar fáil don phobal i gcoitinne agus d'Údaráis Áitiúla trí thairsí gréasáin ar líne.

## CÓRAIS CHORPARÁIDEACHA

Mar chuid de chlár leanúnach chun próisis chorparáideacha inmheánacha an GCC a chomhtháthú agus a shruthlíniú, tá córais nua curtha i bhfeidhm ag an GCC faoi choinne bhainistíocht airgeadais, phróiseáil éilimh thaistil agus costais, íocaíocht thuarastail foirne agus taifid acmhainne daonna a choimeád.

## BONNEAGAR THEICNEOLAÍOCHT NA FAISNÉISE

Neartaíodh bonneagar Theicneolaíocht na Faisnéise inmheánaigh de chuid an GCC, lena dhéanamh níos iontaofa agus níos láidre chun tacú leis na héilimh atá ag athrú i gcónaí le sócmhainní sonraí agus eolais an GCC a bhainistiú. Chuimsigh na feabhsúcháin feabhas a chur ar ár gcumais athshlánaithe sonraí, ar ár gcumais athshlánaithe córais, agus ar chumais do chigirí agus do na foirne in ár n-oifigí réigiúnacha chun rochtain ar shonraí.

# 4.3

## RIALACHAS

### RIALACHAS CORPARÁIDEACH

Leanann an GCC de chloí le riachtanais na *gCód athmheasta Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, 2009.* . Tá Aonad Rialachais Chorparáidigh ag an GCC, agus é freagrach as maoirseacht agus tuairisciú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus cloí leis an gCód Cleachtais. Tá sé mar pholasaí ag an GCC tacú le comhshaol rialuithe éifeachtach, le córais bainistíochta riosca agus le feidhm iniúchta inmheánaigh a fhorbairt agus a neartú go leanúnach.

### INIÚCHADH INMHEÁNACH

Tá Coiste Iniúchóireachta Inmheánaí (CII) ann chun athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtúlacht chórais rialaithe an GCC. Cathaoirleach seachtrach atá ar Choiste Iniúchóireachta Inmheánaí an GCC chomh maith le lucht saineolais eile ón taobh amuigh (in ionad ionchur ó Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin) agus ionadaí sinsearach ón nGníomhaireacht féin.

Le linn 2015, ceapadh iniúchóir seachtrach agus leathnódh ag cur an chláir iniúchta i bhfeidhm, agus lean obair a bhí amuigh ó iniúchadh na bliana roimhe sin, rud a chinntigh gur cuireadh i bhfeidhm na moltaí ó iniúchtaí roimhe seo. Críochnaíodh iniúchadh amháin i réimse Taistil agus Cothaithe agus Tuarastail agus Liúntais agus tosaíodh iniúchadh amháin ar Bhainistíocht Clár a ndearna an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil maoiniú uirthi.

Caithfidh gach comhlacht poiblí atá ag fáil maoiniú poiblí cloí, mar is cuí, le riachtanais chuí an Chóid Caiteachais Poiblí agus á chur seo san áireamh, d'aontaigh an IAC gurb é an bealach ab fhearr le cur síos ar na hathbhreithnithe Luach ar Airgead ná go mba athbhreithnithe Éifeachtúlacha agus Éifeachtacha iad. Cuireadh tús le hathbhreithniú Éifeachtúlacha agus Éifeachtacha i réimse Foghlamtha agus Forbartha le linn 2015.

### BAINISTÍOCHT RIOSCA

Mar a éilítear ar gach gníomhaireacht Stáit, cloíonn an GCC go hiomlán le forálacha an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus tá creat bainistíochta riosca aige a thugann timthriall modhanna oibre bhainistíochta riosca agus cuireann sé creat ar fáil chomh maith chun rioscaí a bhainistiú. Tá Príomhoifigeach Riosca agus Coiste Riosca ag an GCC.

Tháinig an Coiste Riosca le chéile trí huaire in 2015. Críochnaíodh athbhreithniú ar rioscaí in 2015 agus rinneadh an Clár Rioscaí Corparáideacha a nuashonrú chun na hathruithe a léiriú a cuireadh i bhfeidhm maidir le rioscaí agus maoluithe príomha. Leagann an Clár Rioscaí Corparáideacha amach na príomhrioscaí a bhfuil ann dóibh faoi na naoi gcatagóir seo a leanas:

- Clú,
- Rialúcháin Oibriúcháin agus Ghnó,
- Pearsanra,
- Dlíthiúil agus Rialaitheach,
- Bainistíocht agus Teicneolaíocht Faisnéise,
- Calaois agus Caimiléireacht,
- Buiséadach/Airgeadas,
- Sláinte agus Sábháilteacht, agus
- Idirghníomhaireachta.

Tríd an bpróiseas bainistíochta riosca, aithníodh na príomhrioscaí a bhí roimh an GCC mar:

- Iontaoibh agus muinín phobail áitiúla, phríomh pháirtithe leasmhara agus an phobail i gcoitinne sa GCC a choinneáil;
- An leordhóthaineacht acmhainní foirne a theastaíonn i réimsí teicniúla agus corparáideacha araon chun obair a dhéanamh, caighdeáin ardcháilíochta a choimeád agus ár straitéis a sholáthar;

- Leordhóthaineacht ioncaim, go háirithe ioncam shaothraithe agus spléachas leanúnach ar thacaíocht ón gCiste Comhshaoil;
- Dúnadh/leachtú féideartha áiseanna móra ceadúnaithe a bhfuil oidhreachtaí agus costais ghaolmhara dliteanas comhshaoil ag baint leo;
- Cloí le dualgais dhlíthiúla, rialaitheacha agus rialachais, dualgais chuideachta/chorparáideacha chasta, agus cloí le hAchtanna GCC, Achtanna agus Rialacháin RPII.

Mar atá leagtha amach thuas, tá modh oibre láidir ag an GCC chun rioscaí a aithint agus iad a mhaolú go gníomhach.

## PLEAN STRAITÉISEACH

Lean an GCC in 2015 de chur i bhfeidhm na bpríomhghníomhartha tosaíochta a bhí aitheanta i *bPlean Straitéiseach an GCC 2013–2015 – Obair le Daoine Eile chun Comhshaol Níos Fearr a Chruthú.* Tá cur síos ar dhul chun cinn na ngníomhartha seo ar fud na Tuarascála Bliantúla seo faoi na príomhcheannteidil chaibidle maidir le Rialáil, Eolas agus Abhcóideacht.

Rinneadh obair shuntasach le linn 2015 le Plean Straitéiseach nua an GCC 2016-2020 a fhorbairt agus seolfar é in Eanáir 2016. Is é an teideal atá ar an bPlean Straitéiseach nua ná, *Ár gComhshaol, Ár bhFolláine,* agus cuireann se béim ar chomhshaol glan, cosanta dár sláinte, dár bhfolláine agus dár gcáilíocht beatha.

Tá cúig sprioc straitéiseach aitheanta ag an GCC ina phlean straitéiseach nua:

- Rialtóir Iontaofa Comhshaoil,
- Ceannaire Fianaise agus Eolas Comhshaoil ,
- Abhcóide agus Comhpháirtí Éifeachtach,
- Freagairt ar Phríomhdhúshláin Chomhshaoil agus
- Ar Fheabhas go hEagraíochtúil.

Mar atá leagtha amach sa Phlean, tá faoin GCC a chroi-fheidhmeanna rialacháin, fhorfheidhmithe agus mheasúnaithe a láidriú tuilleadh, ag tabhairt tosaíochta do cháilíocht aeir agus uisce agus athrú aeráide, agus ag cur feabhas ar an gcreat chosanta radaíochta. Beidh an GCC ag iarraidh plé níos dlúithe a dhéanamh le saoránaigh, le pobail agus le gnólachtaí chun iompair inbhuanaithe a eagrú. Bhí comhairliúchán leathan le cuid mhaith daoine agus eagraíochtaí, an pobal san áireamh, i gceist leis an bPlean Straitéiseach a fhorbairt.

## TEACHT AR EOLAS

Tá an GCC tiomanta do bheith ina heagraíocht oscailte agus inrochtana. Is dhá mhodh ag an gcuid sin den phobal nach raibh in ann teacht ar an eolas a bhí de dhíth orthu ar bhealaí malartacha go dtí seo iad an tAcht um Shaoráil Faisnéise (SF) agus na Rialacháin um Rochtain ar Fhaisnéis ar an gComhshaol (RFC).

Fuair an GCC 43 iarratas SF i rith 2015. Astu sin, ceadaíodh 34 iarratas nó ceadaíodh go páirteach iad, diúltaíodh sé cinn, aistríodh ceann chuig comhlacht eile SF agus tarraingíodh péire siar. Faoi na Rialacháin RFC, fuair an GCC 65 iarratas. Astu seo, ceadaíodh 39 ceann acu go hiomlán nó go páirteach, diúltaíodh do 23 ceann acu, aistríodh ceann amháin chuig údarás poiblí eile agus tarraingíodh péire acu siar. As na hiarratais a diúltaíodh, bhí leath acu mar dhiúltú teicniúil .i. ní raibh an t-eolas ag an GCC, bhí an t-eolas ar fáil cheana sa chomhad poiblí nó ar ár suíomh gréasáin, nó níor measadh gur eolas comhshaoil é an t-eolas a iarradh faoi na Rialacháin. Bhí diúltú na n-iarratas eile bunaithe ar na forálacha díolúine san Acht SF agus na cúiseanna éigeantacha agus discréideacha le diúltú atá mínithe sna Rialacháin RFC.

Rinne an GCC próiseáil ar naoi n-Athbhreithniú Inmheánach agus dearbhaíodh an cinneadh bunaidh i sé chás agus tugadh cinntí éagsúla nó rochtain i leith na dtrí cinn eile. Bhí dhá achomharc ón achomharcóir céanna chuig an gCoimisinéir um Eolas Comhshaoil ar feitheamh ag deireadh na bliana go fóill





# A

## AGUISÍNÍ


A.1 Foiseacháin an GCC 2015

A.2 Sainchomhairleoirí agus Comhairleoirí arna bhFostú in 2015

A.3 An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997

A.4 Na Ráitis Airgeadais

# A.1

## FOILSEACHÁIN GCC 2015

Tá an chuid is mó d'fhoilseacháin an GCC ar fáil le híoslódáil ó shuíomh gréasáin an GCC ag www.epa.ie/downloads. Tá cuid de na foilseacháin le fáil le ceannach ar líne ón GCC nó ó Dhíolacháin Fhoilseacháin an GCC ag +353 916 0642.

### AER

Tá na tuarascálacha aeir seo a leanas ar fáil ar shuíomh gréasáin an GCC ag http://www.epa.ie/pubs/reports/air/

- Cáilíocht an Aeir in Éirinn 2014- Príomhtháscairí Cháilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh
- Láithreáin Cheadúnaithe an GCC- Tuarascáil ar Astaíochtaí Aeir in 2014
- Tuarascáil Stádais eatramhach ar mheasúnuithe astaíochtaí san aer ag ENVA Éire, Portlaoise

### CORPARÁIDEACH

Tá na tuarascálacha corparáideacha seo a leanas ar fáil ar shuíomh gréasáin an GCC ag http://www.epa.ie/pubs/reports/other/

- Athbhreithniú na Bliana – Buaicphointí 2014
- Ag Glasú an GCC – Ár dTuarascáil Feidhmíochta Comhshaoil 2013–2014
- Láithreáin Cheadúnaithe an GCC- Tuarascáil ar Fhorfheidhmiú Dramhaíola 2014

### DRAMHAÍL

Tá na tuarascálacha seo a leanas ar dhramhaíl ar fáil ar shuíomh gréasáin an GCC ag http://www.epa.ie/pubs/reports/waste/

- Tuarascáil Bhliantúil an Chláir Náisiúnta um Chosc Dramhaíola (CNCD), 2014
- Tuarascáil Dramhaíola Guaise Feirme 2014
- Aicmiú Dramhaíola – Liosta Dramhaíola agus ag Dearbhú an bhfuil Dramhaíl Guaiseach nó Neamh-Ghuaiseach

### UISCE

Tá na tuarascálacha uisce seo a leanas ar fáil ar shuíomh gréasáin an GCC ag http://www.epa.ie/pubs/reports/water/

- Cáilíocht an Uisce Snámha in Éirinn 2014
- Tuarascáil Uisce Óil 2013
- Tuarascáil Uisce Óil 2014
- Cáilíocht Uisce in Éirinn 2010–2012
- Cóireáil Dramhuisce Uirbeach in 2014
- An Plean Feidhmithe Náisiúnta Córais Chóireála Fuíolluisce Baile 2013
- Plean Iniúchta Náisiúnta 2015–2017
- An Plean Iniúchta Náisiúnta Córais Chóireála Dramhuisce Tí

### NÓTAÍ TREORACH

Tá na nótaí treorach seo a leanas ar fáil ar shuíomh gréasáin an GCC ag www.epa.ie/pubs/advice/

- Treoir um Sholáthar Airgeadais do Dhliteanais Comhshaoil
- Treoir shruthlaithe thriaraigh i gcomhair choimeádáin fholaimh lotnaidicíde agus shláinteachais déiríochta
- Rialacháin DTLL agus Cadhnra in Éirinn – Cé a Dhéanann Céard?
- Leidí an GCC ar Chleachtais Téimh Tí
- Treoir Achomair IRL ar Chloí le Rialacháin ODS agus F-Gáis
- Nóta 1 DWSP – Guaiseacha Raideolaíocha agus Rioscaí Gaolmhara: Teagmhas Guaiseach: Teagmhas Núicléach a Tharraingíonn Éilliú
- Nóta 2 DWSP– Guaiseacha Raideolaíocha agus Rioscaí Gaolmhara: Teagmhas Guaiseach: Tréithe Geolaíocha a Tharraingíonn Éilliú
- Nóta 3 DWSP– Guaiseacha Raideolaíocha agus Rioscaí Gaolmhara:
- Comhairliúchán Poiblí ar an bPlean Iniúchta Náisiúnta Córais Chóireála Dramhuisce Tí 2015–2017
- Treoirlínte do Cheadúnaithe ar na Cineálacha Teagmhais ba chóir a Thuairisciú don GCC
- Forbairt agus Measúnú ar Mhalairtí i Measúnú Chomhshaoil Straitéisí. (MST)
- Athrú Aeráide a chomhtháthú le Measúnú Comhshaoil Straitéiseach in Éirinn – Nóta Treorach
- BREF d'Ola Mhianrach agus Scaglanna Gáis Cuid 1 agus 2
- AER/PRTR Doiciméad Treorach Uimh.5 – Leabhar Oibre Thuairisciú Leictreonach agus Lámhleabhar Úsáideora Láithreán Gréasáin

- Faomhadh ar Sheirbhísí Dáileogmhéadrachta in Éirinn – Treoirlínte d'Iarratasóirí
- Feabhsúcháin Radóin -Comhlachtaí Comhairle agus Trealaimh
- Grafaic Faisnéise – Gnóthachtálacha Ghnó Glas Céim 2 – Meitheamh 2011 – Samhain 2014

## Tuarascálacha Taighde Comhshaoil

### Cáilíocht an Aeir

Tá na tuarascálacha aeir seo a leanas ar fáil ar shuíomh gréasáin an GCC ag http://www.epa.ie/pubs/reports/research/air/

- Measúnú Thruailliú Aeir Cháithnínigh agus Hidreacarbón il-timthriallach Aramatach a bhain le hÚsáid Bhreosla Sholadaí i gceithre bhaile mór in Éirinn (Taighde 158)
- Fardail astaíochta níos fearr a fháil do NOx agus Ábhar Cáithníneach ó Iompar agus Suiteálacha Dócháin ar Scála Beag in Éirinn (ETASCI) (Taighde 149)
- Fardail astaíochta níos fearr a fháil do NOx agus Ábhar Cáithníneach ó Iompar agus Suiteálacha Dócháin ar Scála Beag in Éirinn (ETASCI) (Taighde 148)

### Athrú Aeráide

Tá an tuarascáil taighde seo a leanas ar athrú aeráide ar fáil ar shuíomh gréasáin an GCC ag http://www.epa.ie/pubs/reports/research/climate/

- Forbairt ar Mhodheolaíochtaí agus ar Mhúnlú do Gháis Cheaptha Teasa agus Stoic Charbóin Orgánacha in Ithreacha Talmhaíochta (Taighde 136)
- ADAPT: Na Costais agus na Tairbhí a bhaineann le Rioscaí agus Oiriúnú Athrú Aeráide a Mheas (Taighde 140)
- Caillteanas Carbóin as Ithreacha Orgánacha Draenáilte faoi Thalamh Féaraigh – CALISTO (Taighde 141)
- Ensemble d'Fhortheilgin Mhúnla Aeráide Réigiúnach d'Éirinn (Taighde 159)
- Ag Múnlú Cháilíocht an Aeir, Athrú Aeráide agus Luaithreamhán Bolcánach (Taighde 147)

### An Comhshaol agus an tSláinte

Tá na tuarascálacha comhshaoil agus sláinte seo a leanas ar fáil ar shuíomh gréasáin an GCC ag http://www.epa.ie/pubs/reports/research/health/

- Léirshamhlú agus Cainníochtú ar Idirghníomhú Nanacháithníní Fluaraiseacha agus Speicis Cuí Éicea-thocsaineolaíocha
(Taighde 156)
- PALM: Múnla Láthair-Ghníomhaíocht Phearsanta ar Neamhchosaint ar Thruailliú Aeir (Taighde 154)

### AN BHITHÉAGSÚLACHT

Tá an tuarascáil taighde bithéagsúlachta seo a leanas ar fáil ar shuíomh gréasáin an GCC ag http://www.epa.ie/pubs/reports/research/biodiversity/

- Forbairt agus Measúnú ar Mhalairtí i Measúnú Chomhshaoil Straitéisí. (MST)
- MOLAND LITE: Múnlú Úsáid Talún d'fhonn Malairtí MST a fhorbairt agus a mheasúnú (Taighde 157)

### Uisce

Tá na tuarascálacha taighde uisce seo a leanas ar fáil ar shuíomh gréasáin an GCC ag http://www.epa.ie/pubs/reports/research/water/

- I dTreo Prótacal Monatóireachta Cripteaspóiridiam a Fhorbairt (Taighde 137)
- Cógaisíocht sa Chomhshaol Uisceach (Taighde 142)
- Cógaisíocht sa Chomhshaol Uisceach (Taighde 143)
- Cosaint Acmhainní Uisce: Ábhair Braiteora Núíosach a Fhorbairt (Taighde 144)
- Cur chuige Sholais Bíogach a Fhorbairt mar Réiteach Núíosach ar Chóireáil Uisce Óil (Taighde 145)
- Measúnú ar neamhchosaint ar Nanacháithníní Mhiotalacha, ag díriú ar Airgead ar Orgánaigh Mhúnla Fíoruisce ag leibhéal Ceallach agus Géiniteach (Taighde 150)
- CapE-Gabh, Bain Amach, Aimpligh: Modh Mear chun Monatóireacht a dhéanamh ar Mhéideanna Móra Uisce i gcomhair Éilleáin Pataigineacha (Taighde 151)
- Cripteaspóiriodóis: Comhéadan Daonna, Ainmhí agus Comhshaoil (Taighde 152)
- Foinsí Bitheolaíochta agus Tíreolaíochta Éillithe Faecach a Aithint (Taighde 153)
- Taighde Uisce in Éirinn 2014–2020
- Rannpháirtíocht Pobail i mBainistíocht Dobharcheantair Comhtháite (Taighde 155)
- Uirlis Measúnaithe Angaispeirm Riasc Goirt d'Éirinn (SMAATIE) (Taighde 163)

### Bainistíocht Dramhaíola agus Acmhainní

Tá na tuarascálacha taighde seo a leanas ar bhainistíocht acmhainní ar fáil ar shuíomh gréasáin an GCC ag http://www.epa.ie/pubs/reports/research/waste/

- Athbhreithniú ar Chleachtas Bainistíochta Dramhaíola Dheartha agus Thógála i Staidéir Cáis Roghnaithe – Ceachtanna foghlamtha (Taighde 146)
- Imscrúdú ar Theicneolaíochta Núíosacha agus Modhanna Oibre Nua d'Fhorfheidhmiú Comhshaoil (Taighde 160)

### Socheacnamaíocht

Tá an tuarascáil taighde socheacnamaíochta seo a leanas ar fáil ar láithreán Gréasáin an EPA http://www.epa.ie/pubs/reports/research/econ/

- COMHDHEARCADH: Caitheamh, Comhshaol agus Inbhuanaitheacht (Taighde 138)

# A.2

# COMHAIRLIGH AGUS COMHAIRLEOIRÍ A FOSTAÍODH IN 2015

| | | |
|---|---|---|
| Achilles Procurement Services | Cue Vision | Mazars |
| Acustica | Derilinx | Mason, Hayes & Curran |
| Amec Earth & Environmental UK Ltd | DHR Communications | Mentoring Services |
| ASM | EnviroGuide | Penna Plc |
| Barry Doyle & Company | Geosyntec Consultants | RPS Group |
| CAAS Ltd | Integrated Risk Solutions | Sinclair Knight Merz (Ireland) Ltd |
| Carr Communications Ltd | IP Forensics Ireland Limited | Tobin Environmental Services |
| Clean Technology Centre | JBA Consulting Engineers & Scientists Ltd | URS Ireland Ltd |

# A.3

# AN T-ACHT UM ÍOC PRAS CUNTAS, 1997

Tagann an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) faoi théarmaí an Achta um Íoc Pras Cuntas,1997, a tháinig in éifeacht an 2 Eanáir 1998, agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002 a tháinig in éifeacht ar an 7ú Lúnasa 2002.

Is é beartas an GCC féachaint chuige go n-íoctar gach sonrasc go pras. Cuireadh córais agus nósanna imeachta ar leith i bhfeidhm le go bhféadfaí sonraisc a thaifeadadh agus lena chinntiú go ndéanfar íocaíochtaí roimh an dáta dlite. Déantar sonraisc cheannaigh a thaifeadadh ar bhonn laethúil i Rannóg na gCuntas, agus leantar iad go córasach lena chinntiú go ndeimhnítear agus go gcuirtear ar ais lena n-íoc iad gan mhoill. Eisítear íocaíochtaí de réir mar is gá chun íoc pras a chinntiú.

Ceapadh na rialúcháin seo chun neamhchloí ábhartha leis an Acht agus leis na Rialacháin a chosc chomh fada agus is féidir, cé nach féidir dearbhú iomlán a thabhairt

Ní raibh aon íocaíochtaí malla in 2015, a raibh luach thar €317 orthu.



**Laura Burke**
Ard-Stiúrthóir an GCC

# A.4

## RÁITIS AIRGEADAIS NA BLIANA DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2015

### RÁITEAS UM FHREAGRACHTAÍ NA GNÍOMHAIREACHTA

De réir Alt 50(1) den Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992, ní mór don GCC gach gnáth chuntas agus cuntas iomchuí ar an airgead ar fad a fuair sí nó a chaith sí a choinneáil i bhfoirm a cheadódh an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus an GCC ag ullmhú na ráiteas airgeadais sin, ní foláir di:

- beartais chuntasaíochta chuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais a thabhairt agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus ciallmhar;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh seachas má tá sé neamhoiriúnach talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an GCC ag feidhmiú;
- Luaigh an bhfuiltear ag leanúint na gcaighdeáin cuntasaíochta cuí, de réir imeacht ábhartha atá nochta agus mínithe i ráitis airgeadais.

Tá an GCC freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil a nochtann le cruinneas réasúnta ag tráth ar bith staid airgeadais an GCC agus a chuireann ar a cumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 50 d'Acht an GCC. Tá an GCC freagrach freisin as a chuid sócmhainní a chosaint agus céimeanna réasúnta a ghlacadh le calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Ar Son Bhoird na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil::

| | |
|---|---|
| **Laura Burke** | **Micheál Ó Cinnéide** |
| Ard-Stiúrthóir | Stiúrthóir |
| 28/06/2016 | |

## RÁITEAS FAOI RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS 2015

1. Thar ceann Stiúrthóirí an GCC, aithním an chomhfhreagracht atá orainn as a chinntiú go gcoinnítear agus go bhfeidhmítear go hinmheánach córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais maidir le cuntais an GCC a ullmhú agus gach dualgas reachtúil a bhaineann leis an GCC a chomhlíonadh.
2. Admhaíonn Stiúrthóirí an GCC freisin gur cinnteacht réasúnach amháin seachas cinnteacht iomlán is féidir a chur ar fáil maidir le córas na rialúcháin airgeadais inmheánacha go ndéantar na sócmhainní a chosaint, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go ndéantar iad a bhrath go tráthúil agus iad a cheartú. Cé go bhféadfadh éifeachtacht córais rialaithe inmheánaigh athrú de réir a chéile, déanann an GCC athbhreithniú agus nuashonrú ar a leithéid de chórais de réir mar is gá.
3. Príomhnósanna Imeachta chun Rialú Inmheánach Airgeadais Éifeachtach a Sholáthar

   i) Tá bearta déanta ag Stiúrthóirí an GCC chun an timpeallacht rialaithe chuí a chinntiú taobh istigh den GCC:

   - Trí fhoilsiú Phlean Straitéiseach an GCC, 2013-2015 *Obair le Dreamanna Eile chun Comhshaol Níos Fearr a Bhaint Amach*. Leagann an Straitéis seo amach Fís, Spriocanna agus naoi dTosaíocht Straitéiseacha an GCC. Déantar monatóireacht ar chur i bhfeidhm na Straitéise agus cuirfear tuairiscí chuig Bord an GCC ina leith go tréimhsiúil. Clár oibre mionsonraithe a chomhaontú gach bliain agus monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh go míosúil ar dhul chun cinn in aghaidh an chláir oibre sin.
   - Cruinnithe Boird a reáchtáil go rialta, lena n-áirítear cruinnithe bainistíochta míosúla ina mbíonn ceisteanna straitéiseacha ar nós Rialachas Corparáideach, Bainistíocht Airgeadais, Straitéis Chorparáideach agus gnóthaí foirne san áireamh sa Chlár Oibre.
   - Sraith nósanna imeachta airgeadais a ghlacadh chun gnéithe airgeadais suntasacha a bhaineann le gnó an GCC a rialú
   - Sceideal cuimsitheach ar shocruithe árachais a choimeád chun leasanna an GCC a chosaint.
   - Coiste Iniúchóireachta Inmheánaí a bhunú mar chuid d'athbhreithniú leanúnach córasach ar an timpeallacht rialaithe agus ar nósanna imeachta rialachais laistigh den GCC, maoirseacht a dhéanamh ar fheidhm na hIniúchóireachta Inmheánaí agus comhairle a chur ar an mBord maidir leis an gcaoi a bhfuil an fheidhm sin á cur i bhfeidhm agus á forbairt.
   - Beartas agus Creat Bainistithe Riosca a bhunú agus a chur i bhfeidhm, Coiste Riosca agus Príomhoifigeach Riosca a cheapadh.
   - Glacadh le Beartas chun monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar chloí le reachtaíocht chorparáideach.
   - Freagrachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir, feidhmeanna oiriúnacha a tharmligean, agus beartais agus nósanna imeachta uile an GCC a athbhreithniú agus a fhaomhadh.
   - Cód Iompair Gnó maidir le Stiúrthóirí agus Baill Foirne a ghlacadh chucu féin de réir na gceanglas sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit.
   - Cinntiú go gcomhlíontar ceanglais na nAchtanna um Eitic in Oifig Phoiblí agus Ailt 37 agus 38 d'Acht an GCC, 1992, a bhaineann le Leasanna a Dhearbhú agus a Nochtadh.

   ii) Tá Beartas agus Struchtúir Bhainistíochta Riosca an GCC ag cloí leis an gCód Cleachtais athmheasta um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Tá Príomhoifigeach Riosca ceaptha ag an EPA agus tá Coiste Riosca ann.

   Tháinig an Coiste Riosca le chéile trí huaire in 2015. Críochnaíodh athbhreithniú ar rioscaí oifige in 2015 agus nuashonraíodh an Clár Rioscaí Uile-Oifige. Rinneadh an Clár Rioscaí Corparáideacha a nuashonrú chun na hathruithe a léiriú a cuireadh i bhfeidhm maidir le rioscaí agus maoluithe príomha. Leagtar amach ann freisin na príomhrioscaí a bhfuil ann dóibh don Ghníomhaireacht.

   Déantar monatóireacht go rialta ar an gClár Rioscaí Oifige agus ar an gClár Rioscaí Corparáideacha agus déanann an Coiste Rioscaí athbhreithniú orthu. Déanann an Coiste Iniúchóireachta Inmheánaí agus Bord an GCC athbhreithniú bliantúil ar an gClár Rioscaí Corparáideacha. . Cuireann gach Stiúrthóir ráitis dhearbhaithe ar fáil don Bhord go rialta ag admháil freagrachta maidir le nuashonrú, monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach ar an gClár Rioscaí dá (h)oifig féin agus le cinntiú go gcuirtear an Beartas Bainistithe Rioscaí i bhfeidhm.

   iii) Tá córas na rialuithe inmheánacha airgeadais bunaithe ar chreat oibre d'fhaisnéis bainistíochta rialta, ar chóras tarmligin agus cuntasachta, ar thacar nósanna imeachta airgeadais agus ar nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear deighilt na ndualgas. Áirítear leis go háirithe:

- Córas buiséadaithe cuimsitheach le buiséad bliantúil, a ndéanann an Bord Stiúrthóirí athbhreithniú agus faomhadh air.
- Buiséid agus údarás buiséadach agus freagracht as feidhmeanna sonracha a shannadh do bhainisteoirí áirithe. Tá polasaithe agus modhanna oibre ann maidir le ceisteanna buiséadacha agus ceisteanna airgeadais.
- Údarás deiridh maidir le gach íocaíocht ar airgead an GCC, íoc na dtuarastal, na bpinsean, na gcreidiúnaithe, na gcostas, srl. (trí sheic nó trí ríomhaistriú airgid) a theorannú do Stiúrthóirí agus do bheirt Bainisteoirí Cláir ainmnithe.
- Na dualgais phróiseála maidir le hidirbhearta íocaíochta a leithscaradh in dhá chéim: (a) – deimhniú go bhfuarthas earraí/seirbhísí agus go raibh tuarastail, pinsin agus speansais dlite, ag baill foirne a bhí freagrach as na hidirbhearta seo agus (b) – ríomh an airgid iomláin atá dlite ag an Aonad Airgeadais, sula lorgaítear údarú íocaíochta.
- Déanfar agus rialófar socruithe maidir leis an gceannach go léir trí chóras agus nósanna imeachta bainistíochta airgeadais an GCC.
- Athbhreithniú rialta agus leanúnach ar íocaíochtaí a dhéanann an lucht bainistíochta sinsearach.
- Athbhreithniú rialta ag an mBord ar fhaisnéis agus ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla (lena n-áirítear faisnéis bhainistíochta airgeadais agus ceangaltais cheannaigh atá fíorthábhachtach), ina léirítear an fheidhmíocht airgeadais i gcomparáid leis na buiséid.
- Disciplíní bainistíochta tionscadal a chur chun feidhme maidir le cláir thógála agus mórthionscadail eile.
- Córas rialúcháin maidir le faomhadh iomlán conarthaí caipitil.
- Próiseas agus Nósanna Imeachta um Bainistíocht Sócmhainní a fhorbairt.
- Glacadh le agus nuashonrú tréimhsiúil ar Phlean Corparáideach Soláthair.

**iv)** Rinneadh staidéar ar na himpleachtaí airgeadais a bhaineann le rioscaí gnó tríd an bpróiseas foirmiúil chun measúnú a dhéanamh ar rioscaí gnó agus maidir le Pleananna Iniúchóireachta Inmheánaí an GCC a ullmhú. Déantar iad seo a iniúchadh agus a mheasúnú a thuilleadh le cur i bhfeidhm céimnithe Phlean Iniúchóireachta Inmheánaí an GCC. Tá tacar cuimsitheach de Nósanna Imeachta Airgeadais curtha i bhfeidhm chun gnéithe airgeadais suntasacha a bhaineann le gnó an GCC a rialú lena n-áirítear teorainneacha ar údarú do cheannach/ chaiteachas.

**v)** Cathaoirleach seachtrach atá ar Choiste Iniúchóireachta Inmheánaí an GCC chomh maith le lucht saineolais eile ón taobh amuigh (in ionad ionchur ó Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin) agus ionadaí sinsearach ón nGníomhaireacht féin.

Cuireadh Plean Iniúchóireachta Inmheánaí an GCC le haghaidh 2015–2016 i bhfeidhm de réir a chéile i rith na bliana agus críochnaíodh iniúchtaí sna réimsí seo a leanas:

- Taisteal agus Cothú agus Tuarastail; agus
- Athbhreithniú ar Bhainistíocht Clár maoinithe ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

Cuireadh athbhreithniú Luacha ar Airgead (LAA) ar an gClár asfhoinsithe Monatóireachta Aeir faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta Inmheánaí in 2015. Rinneadh an t-athbhreithniú LAA i gcomhréir leis an treoir a leagadh amach i Lámhleabhar LAA na Roinne Airgeadais.

Is iad an Coiste Iniúchóireachta agus Bord an GCC a dhéanann na Pleananna Feidhmithe le díriú ar mholtaí an iniúchta a fhaomhadh. Déantar athbhreithniú rialta ar an dul chun cinn atá á dhéanamh i gcur i bhfeidhm na mbeart atá i ngach aon cheann de Phleananna Feidhmithe na hIniúchóireachta Inmheánaí agus tugtar tuairisc don Choiste Iniúchóireachta agus do Bhord an GCC ina leith.

Dréachtaíodh an Plean Iniúchóireachta Inmheánaí le haghaidh na tréimhse 2016–2017 in 2015 agus léiríonn sé na rioscaí a aithníodh i gClár Rioscaí Corparáideacha an GCC, chomh maith le ceanglais an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus forbairtí agus ceisteanna maidir le Rialachas Corparáideach atá tagtha chun cinn san Earnáil Phoiblí i gcoitinne. Rinne an Coiste Iniúchóireachta Inmheánaí agus Bord an GCC an Plean Iniúchóireachta Inmheánaí seo a fhaomhadh i bhFeabhra 2016.

**4.** Athbhreithniú Bliantúil ar na Rialuithe

Dearbhaím, i dteannta leis na hiniúchtaí inmheánacha a cuireadh i gcrích agus a ndéantar tagairt dóibh i mír 3 (v) thuas, gur shocraigh an GCC go ndéanfaí athbhreithniú neamhspleách foirmiúil, i mí an Mhárta 2013, ar chomhlíonadh an Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit agus ar na córais rialaithe inmheánaigh atá i bhfeidhm sa GCC. Rinne saineolaithe seachtracha an t-athbhreithniú seo, athbhreithniú ina ndearnadh mionscrúdú ar rialachas, ar an mbainistíocht airgeadais agus ar an doiciméadúcháin rialaithe.

Fuarthas san athbhreithniú go n-infheistíonn an GCC i bpróisis Rialachais Chorparáidigh agus Rialaithe Inmheánaigh. Tugadh faoi deara go bhfuil Aonad Rialachais Chorparáidigh lánaimseartha ag an GCC a bhfuil sé de fhreagracht air maoirseacht agus tuairisciú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus ar chomhlíonadh an Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Sonraíodh san athbhreithniú freisin go bhfuil iliomad beartas agus nósanna imeachta ag an GCC a chumhdaíonn príomhréimsí an rialachais agus an rialaithe inmheánaigh. Rinneadh athbhreithniú ar bheartais agus tugadh faoi deara gur leor iad agus gur chloígh siad leis an dea-chleachtas i gcoitinne.

Tugadh faoi deara sa tuarascáil freisin go dtionóltar cruinnithe agus ceardlanna don lucht bainistíochta go minic a bhaineann leis an rialachas agus rialú inmheánach. Tugadh faoi deara freisin go bhfuil ardleibhéal feasachta ann maidir le riachtanas a bheith le córas láidir rialaithe ar fud na heagraíochta.

Seo a leanas conclúid fhoriomlán an athbhreithnithe:

- go bhfuil córas láidir maidir le Rialachas Corparáideach i bhfeidhm san GCC agus go gcloíonn an GCC go substaintiúil leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit.
- go bhfuil an Rialachas Corparáideach forbartha go maith san GCC nuair a chuirtear i gcomparáid í le gníomhaireachtaí stáit eile.
- gur leor an timpeallacht rialaithe sa GCC i gcoitinne, ach go bhfuil líon beag réimsí ann ar cheart feabhas a chur orthu.

Bhí Plean Forfheidhmithe curtha i bhfeidhm go substaintiúil faoi dheireadh 2015 chun díriú ar na moltaí san athbhreithniú thuas, rud a chuirfeadh tuilleadh feabhais ar chóras na rialuithe inmheánacha airgeadais.

Dearbhaím freisin go ndearna Stiúrthóirí na Gníomhaireachta athbhreithniú ar chóras na rialúchán inmheánach sa GCC le haghaidh na tréimhse dar críoch 2015.

Sínithe thar ceann an Bhoird:



**Laura Burke**
**Ard-Stiúrthóir**
28 Meitheamh 2016

# TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE LENA CUR FAOI BHRÁID THITHE AN OIREACHTAIS

## An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015 faoin Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil 1992. Cuimsíonn na ráitis airgeadais an ráiteas ar ioncam agus caiteachas agus cúlchistí ioncaim coinnithe, an ráiteas ar ioncam cuimsitheach, an ráiteas ar staid airgeadais, an ráiteas ar shreabhadh airgid agus na nótaí a bhain leo. Rinneadh na ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm atá forordaithe faoi Alt 50 den Acht, agus de réir an chleachtas cuntasaíochta a bhfuil glacadh leis go ginearálta.

## Freagrachtaí na Gníomhaireachta

Tá an Ghníomhaireacht freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugann siad léargas cruinn agus cothrom agus as rialtacht idirbheart a chinntiú.

## Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Táim freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisciú a dhéanamh orthu de réir an dlí infheidhme.

Rinne mé iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le cúrsaí bainistíochta agus oibriúcháin a ghabhann le comhlachtaí Stáit.

Rinneadh m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (an Ríocht Aontaithe agus Éire) agus de réir Chaighdeáin Iniúchóireachta Eiticiúla an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta.

## Raon Feidhme na hIniúchóireachta ar na Ráitis Airgeadais

Is éard a bhíonn i gceist le hiniúchadh ná fianaise a fháil maidir leis na méideanna agus nochtadh sna ráitis airgeadais, ionas gur féidir dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chalaois nó ar earráid eile. Mar chuid den iniúchadh, déantar measúnú ar na nithe seo:

- cibé an bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach d'imthosca na Gníomhaireachta, ar cuireadh i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach iad agus ar nochtadh go sásúil iad
- ar réasúntacht na meastachán cuntasaíochta suntasach a rinneadh nuair a bhí na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais..

Déanaim iarracht faisnéis a fháil freisin maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais i rith na hiniúchóireachta.

Chomh maith leis sin léigh mé tuarascáil bhliantúil na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil chun neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a aithint agus chun aon fhaisnéis ar cosúil go bhfuil sé neamhchruinn ó thaobh ábhar de, bunaithe ar, nó neamhréireach go hábhartha leis an fhaisnéis a fuair mé agus mé ag déanamh na hiniúchta. Breithním na himpleachtaí i leith mo thuarascála i gcás go gcuirfí ar an eolas mé maidir le haon mhíráitis nó neamhréireachtaí ábhartha.

## Tuairim maidir leis na Ráitis Airgeadais

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais:

- léargas fíorcheart ar staid shócmhainní, dhliteanas agus airgeadais na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil ar an 31 Nollaig 2015; agus ar a hioncam agus a caiteachas do 2015; agus
- gur ullmhaíodh go cuí iad de réir cleachtas cuntasaíochta a bhfuil glacadh leis go ginearálta.

I mo thuairim, ba leor iad taifid cuntasaíochta na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil le go mbeadh na ráitis airgeadais ullamh agus iniúchta i gceart. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

## Ábhair ar a ndéanaim tuairisciú ar bhonn eisceachta

Déanaim tuairisciú ar bhonn eisceachta mura  bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim i gcomhair na hiniúchta faighte agam, nó má thagaim ar:

- aon teagmhas ábhartha nuair nár úsáideadh airgead le haghaidh na gcuspóirí a bhí beartaithe dó nó nuair nach raibh na hidirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis lena ndéantar iad a rialú, nó
- nach bhfuil an fhaisnéis a tugadh i dtuarascáil bhliantúil na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil i gcomhréir leis na ráitis airgeadais ghaolmhara nó leis an fhaisnéis a d'iarr mé agus mé ag déanamh m'iniúchta,
- nach léiríonn an Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais géilliúntas na Gníomhaireachta don Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- go bhfuil nithe ábhartha eile a bhaineann leis an mbealach inar seoladh gnó poiblí.

Níl aon ní le tuairisciú agam maidir leis na nithe ar a ndéantar tuairisciú ar bhonn eisceachta.

**Seamus McCarthy**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
30 Meitheamh 2016

## CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS AGUS CÚLCHISTÍ IONCAIM COINNITHE LE HAGHAIDH NA BLIANA DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2015

| **Ioncam** | **Nóta** | **2015 €'000** | **2014 Athshonraithe €'000** |
|---|---|---|---|
| Deontais Oireachtais | **2(a)** | 26,949 | 26,560 |
| Deontais Chiste Comhshaoil | **2(b)** | 16,130 | 17,918 |
| Costais Aisghafa maidir le Trádáil ina Astúcháin | **3(a)** | 1,210 | 1,265 |
| Seirbhísí Eile | | 39 | 38 |
| Ioncam ó Shaotharlanna Réigiúnacha | | 1,073 | 1,045 |
| Ioncam ó Ghníomhaíochtaí Raideolaíocha | **4** | 1,157 | 472 |
| Gníomhaíochtaí Ceadúnaithe | **5** | 2,440 | 1,915 |
| Gníomhaíochtaí Forfheidhmithe | **6** | 8,640 | 7,695 |
| Fáltais Ilghnéitheacha | **7** | 353 | 194 |
| Glan Chistiú Shochair Iarchurtha | **24(c)** | 7,469 | 7,232 |
| **Ioncam Iomlán** | | **65,460** | **64,334** |
| **Caiteachas** | | | |
| Tuarastail agus ÁSPC | **8** | 21,680 | 20,026 |
| Costais Sochair Scoir | **24(a)** | 9,462 | 9,104 |
| Speansais Taistil | **9** | 1,562 | 1,459 |
| Costais Saotharlainne agus Allamuigh | **10** | 1,420 | 1,798 |
| Costais Chóiríochta | **11** | 1,814 | 1,908 |
| Costais Riaracháin Eile | **12** | 6,853 | 7,381 |
| Sainchomhairleoirí | **13** | 26 | 126 |
| Conraitheoirí, Deontais agus Soláthraithe Seirbhíse Seachtracha | **14** | 9,119 | 9,602 |
| Taighde Comhshaoil | **15** | 6,994 | 8,220 |
| Dímheas | **16** | 4,774 | 3,764 |
| **Caiteachas Iomlán** | | **63,704** | **63,388** |
| **Barrachas/(easnamh) don bhliain roimh leithghabhálacha** | | **1,756** | **946** |
| Aistriú ón/(go dtí) an Cuntas Caipitil | **17** | (918) | (376) |
| (Easnamh) / Barrachas ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta | | (290) | 11 |
| **Barrachas/(easnamh) don bhliain tar éis leithghabhálacha** | | **548** | **581** |
| Barrachas amhail an 1 Eanáir | | 2,005 | 1,101 |
| Barrachas a Aistríodh ón IÉCR | | 0 | 323 |
| Barrachas amhail an 31 Nollaig | | **2,553** | **2,005** |

Baineann an t-ioncam agus an caiteachas ar fad don bhliain le gníomhaíochtaí leanúnacha ag an dáta tuairiscithe. Cuimsíonn an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe na gnóthachain agus na caillteanais ar fad atá aitheanta sa bhliain.

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus na nótaí 1 go 29.

Ar Son Bhoird na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil::

**Laura Burke**
Ard-Stiúrthóir
Dáta Sínithe: 28 Meitheamh 2016

**Micheál Ó Cinnéide**
Stiúrthóir

# RÁITEAS MAIDIR LE HIONCAM CUIMSITHEACH DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2015

| | Nóta | 2015<br>€'000 | 2014<br>Athshonraithe<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| **Barrachas/(easnamh) tar éis leithghabhálacha** | | **548** | **581** |
| Gnóthachain ó oibleagáidí sochar scoir | **24(d)** | 3,308 | 427 |
| Athruithe ar an mbonn tuisceana maidir le luach reatha oibleagáidí sochar scoir | | (1,672) | (19,466) |
| Aistriú isteach sa Scéim – Dliteanas an IÉCR glactha | | 0 | (26,778) |
| **Gnóthachan / (Caillteanas) Achtúireacha sa bhliain** | | **1,636** | **(45,817)** |
| **Coigeartú ar Mhaoiniú Sochar Scoir Iarchurtha** | | **(1,636)** | **45,817** |
| **Ioncam Cuimsitheach Eile don Bhliain** | | **548** | **581** |

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus na nótaí 1 go 29.

Ar Son Bhoird na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil::

Laura Burke
**Ard-Stiúrthóir**

Micheál Ó Cinnéide
**Stiúrthóir**

Dáta Sínithe: 28 Meitheamh 2016

## RÁITEAS MAIDIR LE STAID AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG

| | Nóta | 2015<br>€'000 | 2014<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta – Réadmhaoin Gléasra agus Trealamh** | **19** | **37,519** | **36,964** |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Infháltais | **20** | 1,394 | 928 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid tirim | **21** | 8,409 | 12,318 |
| | | **9,803** | **13,246** |
| **Dliteanais Reatha (Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin)** | | | |
| Suimeanna Iníoctha | **22(a)** | **(7,468)** | **(11,509)** |
| **Glansócmhainní Reatha** | | **2,335** | **1,737** |
| **Dliteanais Reatha (Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin)** | | | |
| Suimeanna iníoctha | **22(b)** | **(313)** | **(626)** |
| **Sócmhainní Iomlána lúide dliteanais reatha roimh sochair scoir.** | | **39,541** | **38,075** |
| **Sochair Scoir.** | | | |
| Oibleagáidí sochar scoir | **24(b)** | 182,080 | 176,246 |
| Sócmhainní maoinithe sochar scoir iarchurtha | **24(c)** | (182,080) | (176,246) |
| | | **0** | **0** |
| **Glansócmhainní Iomlána** | | **39,541** | **38,075** |
| **Ag déanamh ionadaíochta ar** | | | |
| **Cuntas caipitil** | **17** | **36,988** | **36,070** |
| **Cúlchistí Ioncaim Coinnithe** | | **2,553** | **2,005** |
| **Ioncam Cuimsitheach Eile don Bhliain** | | **39,541** | **38,075** |

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus na nótaí 1 go 29.

Ar Son Bhoird na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil:



Laura Burke
**Ard-Stiúrthóir**



Micheál Ó Cinnéide
**Stiúrthóir**

Dáta Sínithe: 28 Meitheamh 2016

# RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2015

| | 2015 | 2014 Athshonraithe |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| **Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | |
| Ioncam Iomarcach thar Chaiteachas | 548 | 581 |
| Dímheas agus Bearnúchán ar Shócmhainní Seasta | 4,774 | 3,764 |
| (Ardú) / Laghdú ar Infháltais | (416) | (76) |
| Ardú / (Laghdú) i Suimeanna iníoctha | (4,041) | 468 |
| Ús Bainc a Fuarthas | (3) | (9) |
| Ús Íoctha | 13 | 18 |
| (Easnamh)/Barrachas ar Dhiúscairt Sócmhainní | 290 | (11) |
| Aistriú go dtí/(ón) gCuntas Caipitil | 918 | 376 |
| Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin | **2,083** | **5,111** |
| | | |
| **Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | |
| Íocaíochtaí chun Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh a fháil | (5,688) | (4,090) |
| Fáltais ó dhiúscairt sócmhainní seasta | 19 | 11 |
| **Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | **(5,669)** | **(4,079)** |
| | | |
| **Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Airgeadais** | | |
| Ús Bainc a Fuarthas | 3 | 9 |
| Ús Bainc Íoctha | (13) | (18) |
| Iarmhéideanna Bainc a Aistríodh ón IÉCR | 0 | 891 |
| Aisíocaíochtaí ar Iasachtaí um Shócmhainní Seasta | (313) | (308) |
| **Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Airgeadais** | **(323)** | **574** |
| | | |
| **Glan ardú / (Laghdú) in Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Tirim** | **(3,909)** | **1,606** |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid tirim ar 1 Eanáir | 12,318 | 10,712 |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid tirim ar 31 Nollaig** | **8,409** | **12,318** |

# NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DÁR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2015

## 1 Beartais Chuntasaíochta

Tá na boinn cuntasaíochta agus na bearta suntasacha cuntasaíochta a ghlacann an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil chuici féin leagtha amach thíos. Cuireadh i bhfeidhm iad ar fad go seasta i rith na bliana agus don bhliain roimhe seo.

### a) Faisnéis Ghinearálta

Bunaíodh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil faoin Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992, lena cheanncheathrú ag Eastát Chaisleán Bhaile Sheonach, Co. Loch Garman.

PríomhSpriocanna – tá tuairisc ar oibríochtaí agus ar phríomh ghníomhaíochtaí an GCC leagtha amach sa Tuarascáil Bhliantúil a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais seo.

Is Aonán Sochair Poiblí (ASB) í an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil.

Rinne an tAcht um Chosaint Raideolaíoch (Forálacha Ilghnéitheacha) 2014 foráil le haghaidh dhíscaoileadh an IÉCR agus chun a foirne agus a feidhmeanna a aistriú chuig an GCC. Cumascadh an GCC agus an IÉCR go foirmiúil ar 1 Lúnasa 2014. Tá ioncam agus costais an iar IÉCR ó Lúnasa go Nollaig 2014 ináirithe mar sin i bhfigiúirí Ioncaim agus Caiteachais do 2014.

### b) Ráiteas Géilliúntais

Tá ráitis airgeadais na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil ullmhaithe don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2015 de réir FRS 102, an caighdeán tuairiscithe a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe agus le hÉirinn, eisithe ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais (FRC), mar a d'fhógair Cuntasóirí Cairte Éireann. Is é sin an chéad tacar ráitis airgeadais a d'ullmhaigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil de réir FRS 102. Ba é 1 Eanáir 2014 an dáta chun aistriú chuig FRS102. Rinneadh ráitis airgeadais na bliana roimhe sin a athshonrú do choigeartú ábhartha ar ghlacadh le FRS 102 sa bhliain reatha. Tá toradh an ghlacadh seo le feiceáil i Nóta 28.

### c)Bonn Ullmhúcháin

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil agus ar shlí atá ceadaithe ag an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil le comhthoiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe de réir Alt 50 den Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992. Tá na bearta cuntasaíochta seo a leanas curtha i bhfeidhm go seasta le déileáil le míreanna a cheaptar a bheith ábhartha maidir le ráitis airgeadais na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil.

### d) Ioncam

Deontais Stáit

Aithnítear Ioncam go ginearálta ar bhonn fabhraithe; aon eisceacht amháin ar seo is ea i gcás Deontais Stáit, a aithnítear ar bhonn fáltas airgid tirim.

Ioncam Gníomhaíochta Ceadúnais

Éilítear ar iarratasóirí ar cheadúnais chomhshaoil táille iomlán an iarratais ar cheadúnas a íoc nuair a dhéantar an t-iarratas. Cionroinntear na suimeanna a fhaightear don Chuntas Ioncaim agus Caiteachais agus do Chúlchistí Ioncam Coinnithe nuair a thugtar na céimeanna seo a leanas den phróiseas ceadúnaithe chun críche:

| | | |
|---|---|---|
| An Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha, Ceadúnais um Chosc agus Rialú Comhtháite ar Thruailliú agus Ceadúnas Bainistithe Dramhaíola: | Iarratas | 30% |
| | Cinneadh Beartaithe | 50% |
| | Eisiúint Ceadúnais | 20% |
| Ceadúnais um Scaradh Dramhuisce: | Iarratas | 10% |
| | Admháil an iarratais iomláin | 40% |
| | Cinneadh a Eisiúint faoi Cheadúnas | 50% |

Aithnítear táillí Ceadúnas Cosanta Raideolaíche mar ioncam i gcomhréir le téarmaí an cheadúnais. Tá táillí a fuarthas roimh ré ar taispeáint mar ioncam roimh ré.

Ioncam eile

Aithnítear ioncaim eile ar bhonn fabhraithe.

### e) An tAonad Trádála in Astúcháin

Bunaíodh an tAonad Trádála in Astúcháin (ETU) laistigh den Ghníomhaireacht um Chosaint Comhshaoil in 2003. Aisíocann an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil costais riartha na scéime trádála astaíochtaí leis an GCC ó fháltais dhíol na liúntas, rud a íoctar go díreach leis an Roinn.

**f) Íocaíochtaí um Dheontais Taighde**

Glacann an GCC gealltanais ar láimh maidir le tionscadail taighde dá ndéantar maoiniú a bhronnadh. Gearrtar caiteachas i leith na dtionscadal taighde seo sna ráitis airgeadais ar bhonn na n-íocaíochtaí tosaigh a rinneadh ar shíniú dhámhachtain an deontais, ar bhonn na n-íocaíochtaí eatramhacha a d'fhéadfadh a bheith faoi réir ag feidhmíocht shásúil agus ar bhonn íocaíochtaí breise arna n-eisiúint ar ghlacadh agus ar fhíorú éileamh maidir le hobair a críochnaíodh. Gearrtar costais a thabhaíonn an GCC i bhfeidhmiú na gclár taighde sna ráitis airgeadais de réir mar a thabhaítear iad.

**g) Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh**

Déantar athshonrú ar Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh ag costas lúide dímheas carntha, agus é coigeartaithe d'aon fhoráil ar bhearnúcháin. Bíonn dímheas á sholáthar ar gach réadmhaoin, gléasra agus trealamh ag rátaí a mheastar go nglanfaidh siad na costais lúide an luach iarmharach measta ar gach sócmhainn ar bhonn líne dhíreach thar a saol úsáideach measta, mar a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| Foirgnimh | 2% | in aghaidh na bliana |
| Troscán agus Feistis | 10% | in aghaidh na bliana |
| Trealamh Saotharlainne agus Allamuigh | 15% | in aghaidh na bliana |
| Trealamh | 20% | in aghaidh na bliana |
| Trealamh TF agus Ríomhaireachta | 25% | in aghaidh na bliana |
| Mótarfheithiclí | 20% | in aghaidh na bliana |

Déantar dímheas ar fheabhsuithe léasacha i rith shaol an léasa.

Is ionann an luach iarmharach agus an méid measta a d'fheadfaí a fháil faoi láthair ó dhiúscairt na sócmhainne, tar éis costais mheasta a bhaint as, á mbeadh an tsócmhainn ar an aois agus sa staid a mbeifí ag súil leis ag deireadh a shaoil úsáideach.

**h) Caipitliú Bogearraí a Forbraíodh go hInmheánach**

Déantar caipitliú ar chostais sheachtracha na mbogearraí a fhorbraíonn an Ghníomhaireacht, áit ar féidir iad a aithint go leithleach mar bhogearraí ar féidir leis an GCC úsáid a bhaint astu agus áit a bhfuil súil go mbeidh buntáistí gnó ag eascairt astu ar feadh roinnt blianta amach anseo.  Déantar costais tuarastail foirne fhorbairt an bhogearra a chaipitliú freisin.

**i) Maoiniú Caipitil**

Comhlíontar sócmhainní seasta an GCC agus céimeanna chun cinn chun obair atá ar siúl, agus ceannachán sócmhainní, a mhaoiniú ó theaglaim de dheontais chaipitil, iasachtaí ceadaithe agus leithroinntí as ioncam reatha.  Aistrítear maoiniú a thagann ó dheontais (lena n-áirítear iad sin a úsáidtear le hiasachtaí a aisíoc) chuig cuntas caipitil a amúchtar de réir dímheas na sócmhainní gaolmhara.

**j) Fardal**

Bíonn gach fardal, tomhaltáin san áireamh, díscríofa sa bhliain ceannaithe.

**k) Infháltais**

Aithnítear infháltais ag luach cothrom, lúide foráil ar fhiacha amhrasacha. Is foráil sonrach í an fhoráil ar fhiacha amhrasacha, agus glactar léi nuair atá fianaise réadach ann nach mbeidh an  Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil in ann na suimeanna uile atá dlite di a bhailiú. Aithníonn an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe na gluaiseachtaí ar fad ar fhoráil d'fhiacha amhrasacha.

**l) Léasanna Oibriúcháin**

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sa Chúlchistí Ioncaim Coinnithe thar saol an léasa. Aithnítear caiteachas ar bhonn líne dhíreach thar thréimhse an léasa, ach amháin nuair atá arduithe léasa ceangailte le ráta  ionchais boilscithe, sa chás sin aithnítear na harduithe sin nuair a thabhaítear iad. Aithnítear aon dreasacht léasa a fhaightear thar saol an léasa.

**m) Sochair Fhostaí**

Sochair Gearrthéarma

Aithnítear sochair gearrthéarma ar nós pá saoire tríd an bhliain, agus cuimsítear sochair atá fabhraithe ag deireadh na bliana i bhfigiúr na Suimeanna iníoctha sa Ráiteas Staid Airgeadais.

Sochair Scoir.

Bhunaigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil a scéimeanna pinsin sochair sainmhínithe féin roimhe seo, scéimeanna a mhaoinítear go bliantúil de réir mar a théitear ar aghaidh ó airgead atá ar fáil dó, lena n-áirítear airgead a sholáthraíonn an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, agus ó ranníocaíochta a bhaintear de thuarastail foirne agus ball. Oibríonn an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil Scéim Pinsin Singil na Seirbhísí Poiblí ("Scéim Singil"), ar scéim sochair sonraithe é d'fhostaithe inphinsin sa tseirbhís poiblí a ceapadh ar 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh. Íoctar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Singil leis an Roinn Caiteachais Phoiblí gus Athchóirithe (RCPA).

Léiríonn costais phinsin sochair phinsin a bhíonn tuillte ag fostaithe agus taispeántar iad mar ghlanmhéid ranníocaíochtaí pinsin foirne i gcás fostaithe a gcoinníonn an Ghníomhaireacht a ranníocaíochtaí. Glactar le méid a chomhfhreagraíonn don táille pinsin mar ioncam sa mhéid is gur féidir é a aisghabháil, agus go bhfuil sé clúdaithe ag deontais a fhaightear i rith na bliana chun íocaíochtaí pinsin a urscaoileadh.

Léirítear gnóthachain nó caillteanais achtúireach a thagann ó dhliteanais scéime sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach, agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid asghabhála ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

Léiríonn na ráitis airgeadais, ag luach chothrom, na sócmhainní agus na dliteanais a thagann ó oibleagáidí pinsin na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil agus ó aon mhaoiniú gaolmhar, agus aithníonn siad na costais a bhaineann le sochair pinsin a chur ar fáil sna tréimhsí cuntasaíochta ina saothraíonn na fostaithe iad. Déantar dliteanais na Scéime Pinsean a thomhas ar bhonn achtúireach agus modh chreidiúint réamh-mheasta an aonaid teilgthe á úsáid.

Tá dliteanais phinsin cothrom le luach reatha íocaíochtaí pinsin na todhchaí a thuill an fhoireann go dtí seo. Is éard atá i maoiniú pinsean iarchurtha ná an tsócmhainn chomhfhreagrach a dhéanfar a aisghabháil amach anseo ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

**n) Iasachtaí**

Aithnítear iasachtaí ar dtús ag an bpraghas idirbhirt (luach láithreach ar airgead tirim iníoctha, costais idirghnímh san áireamh). Sonraítear iasachtaí ina dhiaidh sin ag costais amúchta. Aithnítear speansas úis ar bhonn mhodh éifeachtach úis agus tá sé ináirithe i gcostais airgeadais. Grádaítear iasachtaí mar dhliteanais reatha mura bhfuil sé de cheart an iasacht a iarchur dhá mhí dhéag (12) ar a laghad ón dáta tuairiscithe.

**o) Breithiúnais Chuntasaíochta Chriticiúla agus Meastacháin**

Éilíonn ullmhúchán na ráitis airgeadais go ndéanfadh bainistíocht breithiúnais, meastacháin agus boinn tuisceana a mbeidh tionchar acu ar na méideanna a tuairiscíodh mar shócmhainní agus dhliteanais ar dháta an Ráitis ar an Staid Airgeadais agus na méideanna a tuairiscíodh mar ioncaim agus speansais le linn na bliana. Mar sin féin is é an nádúr atá le meastacháin go bhféadfadh an toradh iarbhír a bheith difriúil ó na meastacháin. Bhí an éifeacht is suntasaí ag na breithúnais a leanas ar na méideanna a bhí aitheanta sna ráitis airgeadais.

Oibleagáid sochair scoir

Déantar nuashonrú go bliantúil ar na boinn tuisceana atá mar bhunús ag na luachanna achtúireacha trína gcinntítear na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais (ar a n-áirítear rátaí lascaine, rátaí ardaithe i leibhéil cúitimh amach anseo, rátaí báis agus treocht sa ráta costais chúram sláinte) bunaithe ar thosca eacnamaíocha reatha, agus ar aon athrú cuí ar théarmaí agus ar choinníollacha an phinsin agus ar phleananna iar-scoir.

D'fhéadfadh tionchar a bheith acu seo a leanas ar na boinn tuisceana:

**i)** an ráta lascaine, athruithe ar an ráta brabúis ar bhannaí ardchaighdeáin corparáideacha

**ii)** leibhéil chúitimh sa todhchaí, tosca margaidh lucht oibre sa todhchaí

**iii)** rátaí treochta chostais chúraim sláinte, ráta boilscithe chostais leighis sna réigiúin chuí

| 2 Deontais Stáit | | | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **Deontais ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil:** | | | | |
| **Deontais Oireachtais** | Reatha | Fo-Cheannteidil C3 agus C4. | 16,506 | 15,203 |
| | Caipiteal | Fo-Cheannteidil C3, C4 agus C7. | 3,715 | 4,723 |
| | Cláir Eile | Fo-Cheannteideal B3. | 6,728 | 6,634 |
| | | | **26,949** | **26,560** |
| **Deontais Chiste Comhshaoil** | Neamhphá | | 4,900 | 4,918 |
| | Taighde | | 7,000 | 8,480 |
| | Cláir Eile | | 4,230 | 4,520 |
| | | | **16,130** | **17,918** |
| **Iomlán na nDeontas ón Stát** | | | **43,079** | **44,478** |

Is leithroinnt shonrach é an Ciste Taighde faoi chomhair chostas Taighde Comhshaoil. Caitheadh €7.458M ar na gníomhaíochtaí taighde seo in 2015 (2014 – €8.263M).

| 3 Gníomhaíochtaí an Aonaid Trádála in Astúcháin (ETU) | €'000 | €'000 |
|---|---|---|
| **(a) Costas an Aonaid Trádála in Astúcháin:** | | |
| Táillí Cláraithe Oibreoirí Trádála in Astúcháin, srl. | 4 | 4 |
| Costais le haisghabháil ó Chistí Ceantála, srl. | 1,206 | 1,261 |
| **Maoiniú Iomlán Chostais an ETU** | **1,210** | **1,265** |

| **(b) Achoimre ar Chistí an Aonaid Trádála in Astúcháin:** | €'000 | €'000 |
|---|---|---|
| Táillí Oibreoirí ETU a Fuarthas | 0 | 4 |
| Táillí Eitlíochta a Fuarthas | 4 | 0 |
| **Iomlán na gCistí a Gineadh** | **4** | **4** |
| | | |
| Cistí Tugtha ar Aghaidh | 195 | 325 |
| Cistí a fuarthas ón Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil | 1,280 | 1,131 |
| Costais Iomlána ATA na Bliana Reatha aisghafa | (1,210) | (1,265) |
| **Iarmhéid Chistí an ATA atá Tugtha ar Aghaidh (féach Nóta 22(a)).** | **269** | **195** |

| 4 Ioncam ó Ghníomhaíochtaí Raideolaíocha | €'000 | €'000 |
|---|---|---|
| Seirbhís Chalabrúcháin | 49 | 16 |
| Seirbhís Tomhaiste Radóin | 83 | 48 |
| Seirbhís Mhonatóireachta ar Radaíocht | 280 | 89 |
| Táillí Ceadúnais | 721 | 316 |
| Ioncam Ilghnéitheach/Conartha | 24 | 3 |
| **Ioncam Iomlán ó Sheirbhísí Raideolaíocha** | **1,157** | **472** |

| 5 Gníomhaíochtaí Ceadúnaithe – TAT & RCT, Dramhaíl agus an CTU | €'000 | €'000 |
|---|---|---|
| Táillí Ceadúnais réamhíoctha amhail an 1 Eanáir | 2,798 | 4,326 |
| Táillí a Fuarthas | 680 | 387 |
| Lúide Aisíocaíochtaí Íoctha | 0 | 0 |
| Táillí Ceadúnais réamhíoctha ar 31 Nollaig (féach Nóta 22 (a)) | (1,038) | (2,798) |
| **Méid curtha chun sochair don Chuntas Ioncaim agus Caiteachais** | **2,440** | **1,915** |

Ceadúnú: An Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha(TAT), Cosc Comhtháite ar Thruailliú (CCT) agus Dramhaíola

Faoi Alt 83 den Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992 tá an GCC freagrach as ceadúnú a dhéanamh ar phróisis thionsclaíocha mhóra/chasta nó eile a bhféadfadh truailliú mór tarlú dá mbarr. Faoi Alt 40 den Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996 tá an GCC freagrach as ceadúnú a dhéanamh ar gach mórghníomhaíocht aisghabhála dramhaíola agus diúscartha atá á bhfeidhmiú ag na húdaráis áitiúla agus ag fiontair phríobháideacha.

Ceadúnú: Scaradh Dramhuisce (WWD)

Déantar foráil leis na Rialacháin um Scaradh Dramhuisce (Údarú) 2007 chun scaradh dramhuisce na n-údarás áitiúil a cheadúnú.

Ní mór ceadúnas a fháil ón GCC i gcás scartha ó cheantair a fhreastalaíonn ar choibhéis áitritheora de bhreis is 500. Ní mór ceantair a fhreastalaíonn ar choibhéis áitritheora de níos lú ná 500 a bheith deimhnithe ag an GCC.

Is as táillí a ghearrtar maidir le próiseáil iarratas ar cheadúnais den sórt sin a fhaigheann an GCC a hioncam ceadúnaithe.

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| **6 Gníomhaíochtaí Forfheidhmithe – TAT & RCT, Dramhaíl, CTU agus Uisce Óil** | **€'000** | **€'000** |
| Muirir Fhorfheidhmithe ar gearradh sonrasc orthu | 8,452 | 7,576 |
| Ioncam Forfheidhmithe ó Ionchúisimh | 188 | 119 |
| **Ioncam Iomlán ó Ghníomhaíochtaí Forfheidhmithe** | **8,640** | **7,695** |

Faoi Alt 96 den Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992 tá an GCC freagrach as ceadúnú a dhéanamh ar phróisis tionsclaíocha mhóra/chasta nó eile a bhféadfadh truailliú mór tarlú dá mbarr. Faoi Alt 15 den Acht um Bainistiú Dramhaíola,1996 tá an GCC freagrach as ceadúnú a dhéanamh ar gach mórghníomhaíocht aisghabhála dramhaíola agus diúscartha atá á bhfeidhmiú ag na húdaráis áitiúla agus ag fiontair phríobháideacha. Faoi na Rialacháin um Scaradh Dramhuisce (Údarú) 2007, tá an EPA freagrach as sceití dramhuisce a rialú. Faoi rialacháin (Uisce Óil) an Aontais Eorpaigh 2014 is féidir leis an GCC táille a ghearradh as monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht sholáthair uisce óil do dhaoine.

Is as táillí a ghearrtar maidir leis an obair forfheidhmithe seo a fhaigheann an GCC a ioncam forfheidhmithe.

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| **7 Fáltais Ilghnéitheacha** | **€'000** | **€'000** |
| Díol foilseachán | 1 | 0 |
| Ús ar thaisce bhainc | 3 | 9 |
| Fáltais Ilghnéitheacha | 349 | 185 |
| | **353** | **194** |

| | | Athshonraithe |
|---|---|---|
| **8 Tuarastail agus ÁSPC na Foirne** | **€'000** | **€'000** |
| Tuarastail | 20,082 | 18,436 |
| ÁSPC Fostóirí | 1,703 | 1,590 |
| **Costais Iomlána Tuarastal** | **21,785** | **20,026** |
| Costais Tuarastail Fhorbairt TF caipitlithe | (105) | 0 |
| **Gearrtar Costais Tuarastail ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus ar na Cúlchistí Ioncaim Coinnithe** | **21,680** | **20,026** |

Ináirithe sa chostas Tuarastail iomlán de€21,784K tá fabhrú de €690K (2014 €660K) maidir le teidlíochtaí saoire bliantúil foirne carntha.

**(a) Anailís ar chostais tuarastail foirne sa bhreis ar €60,000:**

Bhí an líon fostaithe ar thit a gcuid sochar fostaí laistigh de gach banda €10,000 ó €60,000 suas mar a leanas:

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| €60,000 go €70,000 | 119 | 116 |
| €70,000 go €80,000 | 19 | 21 |
| €80,000 go €90,000 | 23 | 20 |
| €90,000 go €100,000 | 7 | 7 |
| €100,000 go €110,000 | 0 | 0 |
| €110,000 go €120,000 | 2 | 3 |
| €120,000 go €130,000 | 2 | 0 |
| €130,000 go €140,000 | 1 | 2 |
| €140,000 go €150,000 | 0 | 0 |
| €150,000 go €160,000 | 1 | 1 |

| (b) Anailís foirne de réir láthair: | | | |
|---|---|---|---|
| | Ceanncheathrú | 144 | 141 |
| | Cigireacht Réigiúnach Caisleán an Bharraigh | 25 | 27 |
| | Cigireacht Réigiúnach Corcaigh | 43 | 41 |
| | Cigireacht Réigiúnach Baile Átha Cliath | 122 | 121 |
| | Cigireacht Réigiúnach Cill Chainnigh | 18 | 20 |
| | Cigireacht Réigiúnach Muineachán | 12 | 12 |
| | Oifigí Réigiúnacha | 4 | 4 |
| | | **368** | **366** |

| **Luach Saothair Bhaill an Bhoird** | **An Bord** | **Deimhnithe** | **Cruinnithe** |
|---|---|---|---|
| **Ball den Bhord** | **Táillí** | **Speansais** | **d'fhreastail** |
| Laura Burke (Ard-Stiúrthóir) | 0 | 643 | 13 |
| Dara Lynott (Leas-Ard-Stiúrthóir) | 0 | 443 | 11 |
| Ann McGarry | 0 | 3,783 | 12 |
| Gerard O'Leary | 0 | 403 | 12 |
| Matthew Crowe | 0 | 0 | 12 |
| Micheal O'Cinneide | 0 | 189 | 13 |
| | **0** | **5,461** | |

ionóladh trí cinn déag de chruinnithe Ginearálta Boird le linn 2015.

**Speansais Bhaill an Bhoird**

Aisíoctar costais taistil agus bia a thabhaítear nuair a bhítear ag freastal ar chruinnithe Boird ar na rátaí a bhaineann leis an Státseirbhís. B'ionann na speansais a íocadh le Stiúrthóirí as freastal ar chruinnithe an Bhoird in 2015 agus €5,461 é miondealaithe mar €3,732 ar mhíleáiste, €1,632 ar bhia agus €97 ar chostais eile. Ba é an t-iomlán in 2014 ná €2,759 (€1,866 ar mhíleáiste, €543 ar bhia agus €350 ar chostais eile).

Is Stiúrthóirí feidhmiúcháin lánaimseartha iad Stiúrthóirí na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil. Íoctar tuarastal cuimsitheach leo agus dá bharr sin ní íoctar aon táillí Stiúrthóirí leo. Is Ard-Stiúrthóir agus cúigear ball an Bhord Stiúrtha atá mar phríomhphearsanra bainistíochta ag an GCC. B'ionann an cúiteamh iomlán a íocadh le príomhphearsanra bainistíochta, tuarastail Stiúrthóirí, speansais dheimhnithe agus luach saothair an Ard-Stiúrthóra san áireamh agus €869K (2014 – €778K).

Fuair an tArd-Stiúrthóir tuarastal €153,162 in 2015 (2014 – €153,162) agus tá sí i dteideal pinsean a fháil freisin ag teacht le gnáth-theidlíochtaí Scéim Aoisliúntais Foirne na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (Ard-Stiúrthóir agus Stiúrthóir), 1996.

| | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| **9 Speansais Taistil** | **€'000** | **€'000** |
| Taisteal agus Cothú | 1,424 | 1,311 |
| Speansais Mhótarfheithiclí | 148 | 162 |
| Aisíocaíochtaí Taistil | (10) | (14) |
| | **1,562** | **1,459** |

**Costais Forbartha agus Oiliúna Foirne**

Áirítear suim €129,114 (2014 – €108,127) i dtaca le speansais taistil agus cuirtear isteach í faoi chostais a bhaineann le forbairt agus oiliúint foirne ag Nóta 12.

| **10 Costais Saotharlainne agus Allamuigh** | **€'000** | **€'000** |
|---|---|---|
| Speansais Saotharlainne agus Allamuigh | 974 | 1,373 |
| Deisiúcháin ar Threalamh agus Cothabháil | 421 | 412 |
| Éadaí Cosanta | 25 | 13 |
| | **1,420** | **1,798** |

| 11 Costais Chóiríochta | €'000 | €'000 |
|---|---|---|
| Cíos agus Rátaí | 613 | 623 |
| Cumhacht, Solas agus Téamh, Glantóireacht | 650 | 654 |
| Deisiúcháin, Cothabháil, Slándáil | 551 | 631 |
| | **1,814** | **1,908** |

| 12 Costais Riaracháin Eile | €'000 | €'000 |
|---|---|---|
| Teileafón agus Postas | 339 | 313 |
| Cló Foilseachán agus Soláthairtí Stáiseanóireachta | 243 | 291 |
| Árachas | 167 | 157 |
| Muirir Ríomhairí agus Próiseála Sonraí | 3,290 | 3,758 |
| Táillí Iniúchóireachta | 22 | 16 |
| Rialachas Corparáideach agus Costais Iniúchóireachta Inmheánaí | 24 | 40 |
| Táillí Dlí | 1,130 | 1,594 |
| Ceapachán Foirne agus costais ghaolmhara eile | 80 | 42 |
| Ús agus Muirir Bhainc | 11 | 8 |
| Leabhair, Tréimhseacháin, agus Leabharlann | 62 | 30 |
| Costais Forbartha agus Oiliúna Foirne | 672 | 598 |
| Fógraíocht | 68 | 81 |
| Cumarsáid | 557 | 306 |
| Ús Iasachta | 13 | 18 |
| Ilghnéithigh | 175 | 129 |
| | **6,853** | **7,381** |

| 13 Costais Sainchomhairliúcháin | €'000 | €'000 |
|---|---|---|
| Sainchomhairleoirí | 26 | 126 |
| | **26** | **126** |

| Seo a leanas gníomhaíochtaí an chláir oibre inar baineadh úsáid as na comhairleachtaí seo: | €'000 | €'000 |
|---|---|---|
| An tAonad Trádála in Astúcháin | 0 | 67 |
| Cumarsáid agus Seirbhísí Corparáideacha | 26 | 59 |
| | **26** | **126** |

| 14 Conraitheoirí, Deontais agus Soláthraithe Seirbhíse Seachtracha | €'000 | €'000 |
|---|---|---|
| Conraitheoirí | 3,205 | 3,360 |
| Deontais | 2,238 | 4,148 |
| Soláthraithe Seirbhísí Corparáideacha | 3,676 | 2,094 |
| | **9,119** | **9,602** |

| Seo a leanas na príomhréimsí oibre inar tabhaíodh costais faoin gceannteideal seo: | €'000 | €'000 |
|---|---|---|
| Cumarsáid agus Seirbhísí Corparáideacha | 448 | 687 |
| An Clár um Monatóireacht agus Measúnú ar Chaighdeán an Uisce (CTU) | 1,730 | 2,386 |
| Forfheidhmiú i Leith Cúrsaí Comhshaoil | 2,163 | 3,326 |
| An Clár Náisiúnta um Chosc Dramhaíola | 2,015 | 2,265 |
| Measúnú Comhshaoil | 1,681 | 419 |
| An tAonad Trádála in Astúcháin | 212 | 126 |
| Aeráid, Ceadúnú agus Úsáid Acmhainní | 662 | 303 |
| Cosaint Raideolaíoch | 208 | 90 |
| | **9,119** | **9,602** |

Ó 2013, tá bainistíocht déanta ag an GCC i gcomhar le Comhairle Contae na Gaillimhe ar láithreán Líonta Talún na Gaillimhe Thoir, tar éis leachtú chuideachta oibriúcháin Greenstar. Tá íocaíochtaí deontais de €1,026K (2014 €1,618K) a rinneadh le Comhairle Contae na Gaillimhe chun an ghníomhaíocht seo a mhaoiniú san áireamh sna figiúirí maidir le Forfheidhmiú Comhshaoil thuas.

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| **15 Taighde Comhshaoil** | **€'000** | **€'000** |
| Clár Taighde an GCC | 7,458 | 8,263 |
| Ioncam Taighde Cómhaoinithe | (464) | (43) |
| Íocaíochtaí maidir leis an gClár Taighde | **6,994** | **8,220** |

Seoladh clár reatha an GCC maidir le taighde comhshaoil in 2014. Tá sé á mhaoiniú tríd an gCiste Comhshaoil. Tá sé d'aidhm ag an gclár taighde an taighde a mhaoiniú ina ndíreofar ar na príomhcheisteanna bainistíochta comhshaoil, a chosnóidh agus a fheabhsóidh an comhshaol nádúrtha ar deireadh thiar thall. Cuimsíonn caiteachas Chlár Taighde an GCC in 2015 ar luach €7.458M Íocaíochtaí Deontais €6.552M in éineacht le costais feidhmithe agus gníomhaíochta €906K. Tá €251K eile d'íocaíochtaí deontais ar thionscadail taighde ináirithe sna figiuirí Deontais ag Nóta 14.

Amhail an 31 Nollaig 2015 b'ionann gealltanais a rinneadh ach nár gearradh ar na ráitis airgeadais go fóill i dtaca le tionscadail Taighde agus€ 21.380M (2014- €17.445M) agus an miondealú seo a leanas déanta:

| | €'000 | €'000 |
|---|---|---|
| **Gealltanais Deontais le híoc amhail an 1 Eanáir** | 17,445 | 16,063 |
| Deontais a Ceadaíodh le linn na bliana | 11,254 | 10,963 |
| Deontais Dídhílsithe le linn na bliana | (516) | (1,851) |
| Íocaíochtaí Deontais a rinneadh sa bhliain | (6,803) | (7,730) |
| Gealltanais le híoc amhail an 31 Nollaig | **21,380** | **17,445** |

Níl costais feidhmiúcháin an GCC maidir leis na Cláir thaighde san áireamh sna figiúirí seo.

| **16 Dímheas ar Shócmhainní Seasta** | | |
|---|---|---|
| Dímheas ar Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh (Nota 19) | 4,774 | 3,764 |
| | **4,774** | **3,764** |

| **17 Cuntas Caipitil** | | **€'000** | **€'000** |
|---|---|---|---|
| Ar 1 Eanáir 2015 | Cuntas Caipitil | | 36,070 |
| Aistriú ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais | | | |
| Ioncam Leithdháilte chun críche Caipitil | - Breiseanna Sócmhainní Seasta | 5,638 | |
| | !- Chun Breiseanna Amach Anseo a Mhaoiniú | 50 | |
| | - Iasachtaí a Aisíoc | 313 | |
| | | **6,001** | |
| **Lúide:** | | | |
| Diúscairtí | | 851 | |
| Lúide dímheas roimhe sin ar dhiúscairtí | | (542) | |
| | | **309** | |
| Muirear dímheasa don bhliain | | **4,774** | |
| Aistriú glan ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais | | | 918 |
| **Ar 31 Nollaig 2015** | | | **36,988** |

Ar 31 Nollaig chuimsigh iarmhéid an Chuntais Caipitlí €107,000 (2014 – €57,000) maidir le athíocaíochtaí ar shócmhainní seasta (féach Nóta 20 – Infháltais).

**18 Cánachas**

Tá an EPA díolmhaithe go sonrach faoi fhorálacha Alt 32, agus Sceideal 2, den Acht Airgeadais, 1994. Dá réir sin, níl aon mhuirir chánachais curtha san áireamh sna cuntais.

## 19 Sócmhainní Seasta – Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

| Costas | Iomlán €'000 | Foirgnimh €'000 | Troscán & Feistis €'000 | Trealamh TF agus CE €'000 | Trealamh Saotharlainne agus Allamuigh €'000 | Mótarfheithiclí €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Ar 1 Eanáir 2015 | 69,152 | 40,794 | 3,888 | 12,573 | 10,696 | 1,201 |
| Breiseanna | 5,638 | 345 | 107 | 4,003 | 1,081 | 102 |
| Diúscairtí | (851) | (112) | (229) | (1) | (418) | (91) |
| **Ar 31 Nollaig 2015** | **73,939** | **41,027** | **3,766** | **16,575** | **11,359** | **1,212** |
| **Dímheas** | | | | | | |
| Ar 1 Eanáir 2015 | 32,188 | 10,283 | 3,362 | 8,341 | 9,272 | 930 |
| Muirear don Bhliain | 4,774 | 811 | 172 | 3,077 | 592 | 122 |
| Ar Dhiúscairtí | (542) | (9) | (183) | (1) | (258) | (91) |
| **Ar 31 Nollaig 2015** | **36,420** | **11,085** | **3,351** | **11,417** | **9,606** | **961** |
| **Glanluach de Réir na Leabhar** | | | | | | |
| At 31 Nollaig 2015 | **37,519** | **29,942** | **415** | **5,158** | **1,753** | **251** |
| Ar 31 Nollaig 2014 | **36,964** | **30,511** | **526** | **4,232** | **1,424** | **271** |

Thóg Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) foirgneamh na ceanncheathrún agus mhaoinigh sí an tógáil le hiasacht tráchtála. Maoiníonn an GCC na haisíocaíochtaí bliantúla a dhéanann an OPW. Cuirtear an ghné úis de na haisíocaíochtaí a chlúdaíonn an GCC san áireamh don bhliain ina dtagann sí chun cinn.

Tá an tsócmhainn agus na socruithe maoinithe lena mbaineann taifeadta i leabhair an GCC le substaint na n-idirbheart bunúsach a léiriú.

Thóg Oifig na nOibreacha Poiblí foirgneamh do chigireacht réigiúnach an GCC ag Lóiste Seville, Cill Chainnigh, ar láithreán a fuarthas don GCC. Tá aistriú dlíthiúil an láithreáin chuig an GCC á phróiseáil ag OOP trí Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit.

In 2015 rinne an GCC caipitliú €2.925M (2014 – €1.377M) maidir leis an gcostas seachtrach agus €105K maidir le costas inmheánach tuarastail fhorbairt bhogearra d'úsáid inmheánaigh. Tá sé seo ag teacht lenár mBeartas Cuntasaíochta maidir le Caipitliú Bogearraí a Forbraíodh go hInmheánach.

| 20 Infháltais | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|
| Féichiúnaithe | 1,287 | 871 |
| Réamhíocaíochtaí i leith Sócmhainní Seasta | 107 | 57 |
| | **1,394** | **928** |

**Réamhíocaíochtaí i leith Sócmhainní Seasta:**

Amhail an 31 Nollaig 2013 bhí réamhíocaíochtaí dar luach €107,000 (2014 – €57,000) ar an iomlán déanta mar atá leagtha amach anseo thíos. Tá na réamhíocaíochtaí seo curtha san áireamh sna suimeanna a aistríodh ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais chuig an gCuntas Caipitil.

**Réamhíocaíochtaí le hOifig na nOibreacha Poiblí (OPW)**

Ag deireadh 2015, bhí réamhíocaíochtaí €16,960 i seilbh OOP i leith mionoibreacha caipitil agus troscáin.

I Nollaig 2014, rinneadh réamhíocaíocht €40,000 le OOP as dallóga fuinneoige.

Rinneadh íocaíocht bhreise €50,000 le OOP maidir le dallóga in 2015.

Tá an t-airgead go léir a thagann ó fhéichiúnaithe dlite laistigh de bhliain amháin.

| 21 Airgead tirim agus coibhéisí airgid tirim | €'000 | €'000 |
|---|---|---|
| Airgead Tirim agus Iarmhéideanna Bainc | **8,409** | **12,318** |

Is ionann an t-ioncam ó Cheadúnú Réamhíoctha (féach Nóta 5) agus €1.038M (2014 – €2.798M) de na hiarmhéideanna sa Bhanc ag dáta an Chláir Chomhardaithe.

| 22 Suimeanna iníoctha | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|
| **(a) Méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin:** | | |
| Táillí Ceadúnais (féach Nóta 5) | 1,038 | 2,798 |
| Táillí Réamhíoctha Ceadúnais um Chosaint Raideolaíoch | 635 | 533 |
| Cistí an ATA ar Láimh (féach Nóta 3(b)) | 269 | 195 |
| Trádáil agus Speansais Eile | 5,200 | 7,657 |
| Méideanna dlite don OOP maidir le hathíocaíochtaí iasachta | 326 | 326 |
| | **7,468** | **11,509** |
| Tá na suimeanna seo a leanas atá dlite do na Coimisinéirí Ioncaim san áireamh i dTrádáil agus Speansais Eile thuas: | | |
| Cáin Shiarchoinneálach i leith Seirbhísí Gairmiúla | 486 | 460 |
| ÍMAT/ÁSPC/MSU | 610 | 597 |
| CBL | 271 | 146 |
| Cáin Chonarthaí Iomchuí | 24 | 0 |
| | **1,391** | **1,203** |
| **(b) Méideanna atá dlite tar éis bliain amháin.:** | | |
| Méideanna dlite don OOP maidir le hathiocaíochtaí iasachta | **313** | **626** |

## 23 Iasachtaí

Thóg Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) foirgneamh na ceanncheathrún i Loch Garman agus mhaoinigh sí an tógáil le hiasacht tráchtála 20 bliain. Maoiníonn an GCC na haisíocaíochtaí bliantúla a dhéanann an OOP. Tá an tsócmhainn agus na hiasachtaí lena mbaineann taifeadta i leabhair an GCC le substaint na n-idirbheart bunúsach a léiriú.

| | |
|---|---|
| Iníoctha laistigh de bhliain amháin | 326 |
| Iníoctha idir bliain agus dhá bhliain | 313 |

## 24 Costais Sochair Scoir

| (a) Anailís ar chostais iomlán shochair scoir a ghearrtar ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus ar na Cúlchistí Ioncaim Coinnithe | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|
| Costas Seirbhíse Reatha | 6,650 | 4,933 |
| Ús ar dhliteanais scéime sochair scoir | 3,847 | 5,113 |
| Ranníocaíochtaí Fostaithe | (1,035) | (942) |
| | **9,462** | **9,104** |

| (b) Gluaiseacht sna glanoibleagáidí sochair scoir le linn na bliana airgeadais | €'000 | €'000 |
|---|---|---|
| Glanoibleagáid shochair scoir ar 1 Eanáir | 176,246 | 123,197 |
| Oibleagáidí ar glacadh leo maidir le scéim pinsin an IÉCR ar 1 Lúnasa 2014 | 0 | 26,778 |
| Costais seirbhíse reatha | 6,650 | 4,933 |
| Costais Úis | 3,847 | 5,113 |
| (Gnóthachan)/Caillteanas Achtúireach | (1,635) | 19,039 |
| Pinsin a íocadh sa bhliain | (3,028) | (2,814) |
| Glanoibleagáid shochair scoir ar 31 Nollaig | **182,080** | **176,246** |

**(c) Cistiú Iarchurtha do Shochair Scoir**

Aithníonn an GCC gur sócmhainní a fhreagraíonn do dhliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe le haghaidh sochair scoir atá sna suimeanna sin ar bhonn na mbonn tuisceana a ndéantar cur síos orthu thíos agus roinnt teagmhas san am atá thart. Ar na himeachtaí seo tá an bonn reachtúil um bunú na scéimeanna aoisliúntais, agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair i ndáil le maoiniú pinsean na seirbhíse poiblí, lena n-áirítear ranníocaíochtaí fostaithe agus an próiseas bliantúil meastacháin. Níl aon fhianaise ag an GCC nach leanfaidh leis an mbeartas maoinithe sin chun suimeanna den chineál sin a chlúdach i gcomhréir le cleachtas reatha.

Ba é seo a leanas an glanmhaoiniú iarchurtha i gcomhair aoisliúntais a aithníodh sna Cuntais Ioncaim agus Caiteachais agus sna Cúlchistí Ioncaim Coinnithe:

| | €'000' | €'000' |
|---|---|---|
| Maoiniú In-aisghabhála maidir le costais aoisliúntais na bliana reatha | 10,497 | 10,046 |
| Deontas stáit curtha chun feidhme chun aoisliúntais a íoc | (3,028) | (2,814) |
| | **7,469** | **7,232** |

Bhí €182.080M (2014- €176.246M) sa tsócmhainn mhaoiniúcháin iarchurtha aoisliúntais ar 31 Nollaig 2015.

| **(d) Stair na n-oibleagáidí sochar shainithe** | **2015 € M** | **2014 € M** | **2013 € M** | **2012 € M** | **2011 M** |
|---|---|---|---|---|---|
| Oibleagáidí sochar sainithe | 182 | 176 | 123 | 123 | 104 |
| Gnóthachain / (caillteanais) ó thaithí ar dhliteanais shonraithe scéime sochair : | | | | | |
| Méid (€M) | 3.308 | 0.427 | 6.5 | -0.1 | -1.0 |
| Céatadán na nDliteanas Scéime | 1.8% | 0.2% | 5.3% | -0.1% | -1.0% |

Is ionann an caillteanas achtúireach carnach a aithnítear sa Ráiteas ar Iomlán na nGnóthachan agus na gCaillteanas agus **€56.340M**

**(e) Cur Síos Ginearálta ar na Scéimeanna**

Is socruithe pinsin bunaithe ar an tuarastal deiridh iad na scéimeanna sochair shainithe le sochair agus ranníocaíochtaí arna sainiú trí thagairt do "shamhail" reatha rialacháin scéime na hearnála poiblí. Soláthraíonn na scéimeanna pinsean do bhaill foirne (1/80 in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce chnapshuime (3/80 in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin céilí agus leanaí. Is é breithlá 65 bliain Gnáthaois Scoir an chomhalta, agus tá comhaltaí a bhí mar chomhaltaí roimh -2004 i dteideal éirí as gan laghdú achtúireach ó aois 60. Soláthraíonn na scéimeanna pinsean do bhaill foirne (1/48 in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce chnapshuime (1/32 in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin céilí agus leanaí. Tá baill an Bhoird i dteideal dul ar scor nuair a thagann deireadh lena gconradh. De ghnáth, ardaíonn na pinsin á n-íoc (agus á gcur siar) mar aon le boilsciú tuarastail ghinearálta na hearnála poiblí.

Tá an luacháil a úsáidtear le haghaidh nochtadh faoi CTA 102, tá sí bunaithe ar luacháil achtúireach iomlán a rinne achtúire cáilithe neamhspleách ar 25 Feabhra 2016 a chuir ceanglais an CTA san áireamh d'fhonn dliteanais na scéime a mheasúnú ar 31 Nollaig 2015.

| Seo a leanas na príomhbhoinn tuisceana achtúireacha | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| Arduithe tuarastail amach anseo | 2.65% | 2.25% |
| Arduithe sochair scoir amach anseo | 2.15% | 1.75% |
| Arduithe sa phinsean stáit amach anseo | 1.65% | 1.25% |
| Ráta lascaine | 2.55% | 2.20% |
| Boilsciú amach anseo | 1.65% | 1.25% |
| Athluacháil iarchuir | 2.15% | 1.75% |

Mortlaíocht

Mortlaíocht Réamh-Scoir – Fireann: 62% de PNML00,  Baineann 70% de PNFL00.

Mortlaíocht Iar-Scoir – Fireann: 58%  ILT15,  Baineann 62% de ILT15.

Tugann an bunús mortlaíochta atá glactha cead go sainráite feabhsúcháin a dhéanamh in ionchas saoil thar am, ionas go mbeidh ionchas saoil nuair a théann duine ar scor ag brath ar an mbliain ina slánaíonn an ball aois scoir. Léirítear sa tábla thíos an t-ionchas saoil a bheidh ag baill a bhainfidh 65 bliain d'aois amach in 2015 agus 2035.

| **An bhliain ina slánóidh an duine 65 bliain d'aois** | **2015** | **2035** |
|---|---|---|
| Ionchas saoil – fir | 85.9 | 88.5 |
| Ionchas saoil – mná | 88.5 | 90.6 |

## 25 Práinnfhreagairt Bhaile Chairdif

I rith 2011, ghlac an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ceannas i gcomhordú na práinnfhreagartha maidir leis an tine a tharla i láithreán líonadh talún faoi thalamh ag Baile Chairdif, an Nás agus ghlac sí freagracht ar bhainistíocht an láithreáin ina dhiaidh sin. Bhain costas de €592K (2014 – €1,583K) san iomlán leis an obair seo in 2015 agus tá an costas seo le brath faoi na ceannteidil chostais seo a leanas sna ráitis airgeadais seo:

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Nóta 10 Costais Saotharlainne agus Allamuigh - Oibríochtaí Láithreáin, Diúscairt Dramhaíola, srl. | 240 | 716 |
| Nóta 11 Costais Chóiríochta - Costais Slándála an láithreáin den chuid is mó. | 199 | 392 |
| Nóta 12 Costais Riaracháin eile - Cumarsáid, Sláinte agus Sábháilteacht agus Costais Árachais den chuid is mó. | 20 | 36 |
| Nóta 14 Costais Chonraitheoirí agus Soláthraithe Seirbhíse Seachtracha - Pearsanra d'obair oibriúcháin láithreáin srl. den chuid is mó. | 122 | 424 |
| Nóta 9 Speansais Taistil - Costais Taistil agus Chothaithe fhoireann an EPA. | 11 | 15 |
| **Costais Iomlána a Tabhaíodh** | **592** | **1,583** |

Tháinig deireadh leis an mbaint leanúnach a bhí ag an GCC i mbainistíocht láthair Bhaile Chairdif ar an 12 Meitheamh 2015, nuair a ghlac Comhairle Contae Chill Dara le ceannas ar an mbainistíocht ar an láthair.

Aistríodh Sócmhainní Seasta (córais bhladhmtha gáis, córais slándála láthair agus fálú agus oifigí láthair den chuid is mó), a chosain €727K, agus a raibh glanluach de réir na leabhar de €309K acu, chuig Comhairle Contae Chill Dara gan aon chostas don Chomhairle ar an dáta aistrithe.

## 26 Gealltanais Léasa

Ar an 31 Nollaig 2015 bhí na híocaíochtaí íosléasa sa todhchaí a leanas faoi léasanna oibriúcháin neamhchealaithe ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil do gach ceann de na tréimhsí seo a leanas:

| | 2015 |
|---|---|
| | €'000 |
| Iníoctha laistigh de bhliain amháin | 676 |
| Iníoctha laistigh de dhá go cúig bliana | 1,321 |
| Iníoctha tar eis cúig bliana | 1,617 |

Bhí íocaíochtaí léasa oibriúcháin a aithníodh mar speansais €583K (2014 – €627K).

## 27 Nochtadh Páirtí Gaolmhara

Tá modhanna oibre maidir le teacht ar chinneadh glactha ag an GCC de réir an Achta fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992, agus de réir an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus na rialacháin a ritheadh faoi. Lean an GCC na nósanna imeachta sin i gcaitheamh na bliana.

## 28 Aistriú chuig FRS 102

| **Réiteach Caipitil agus Cúlchistí** | | **Mar atá ag 01-Ean-14** | **Mar atá ag 31-Nol-14** |
|---|---|---|---|
| | | €'000 | €'000 |
| **Réiteach Caipitil agus Cúlchistí (mar atá luaite cheana)** | | 36,696 | 38,075 |
| Fabhrú phá saoire | Nóta 28a | (637) | 0 |
| Caipiteal agus Cúlchistí (mar atá athshonraithe) | | **36,059** | **38,075** |

| Réiteach an Bharrachais don bhliain | | **An bhliain dar críoch 31-Nol-14** |
|---|---|---|
| | | €'000 |
| Easnamh don bhliain (mar atá luaite cheana) | | (56) |
| Fabhrú phá saoire a cuireadh ar fáil ar 31 Nollaig 2013 – aischoigeartú. | Nóta 28a | 637 |
| Barrachas don bhliain (mar atá athshonraithe) | | **581** |

### (a) Fabhrú phá saoire

Roimh 2014, ní raibh aon fhabhrú déanta ag an GCC ar phá saoire a bhí tuillte ag fostaithe ach nach raibh leas bainte acu as ag an dáta tuairiscithe. Aithníodh fabhrú de €660K sna ráitis airgeadais den chéad uair in 2014, agus ba €690K. an fabhrú a aithníodh in 2015. Faoi FRS 102, caithfidh na ráitis airgeadais fabhruithe mar sin a aithint. Ba é an fabhrú pá saoire nár aithníodh in 2013 ná €637K. Caithfear an fabhrú seo a aithint anois i bhfigiúir 2013.

Is é an tionchar a bheidh ag an athrú seo ar an GCC ná ardú de €637K sna suimeanna iníoctha ar an dáta aistrithe – 1 Eanáir 2014.  Tá laghdú de €637K ar an mbarrachas don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013. Déantar aischoigeartú de €637K ar an bhfabhrú seo sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014, agus dá bharr sin tagann ardú €637K ar an toradh. Os rud é go bhfuil fabhrú déanta ag an GCC ar phá saoire in 2014 agus 2015 níl gá le haon choigeartú breise.

## 29 Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

Cheadaigh na stiúrthóirí na ráitis airgeadais ar 28 Meitheamh 2016.

# ENVIRONMENTAL PROTECTION AGENCY

The Environmental Protection Agency (EPA) is responsible for protecting and improving the environment as a valuable asset for the people of Ireland. We are committed to protecting people and the environment from the harmful effects of radiation and pollution.

## The work of the EPA can be divided into three main areas:

Regulation: *We implement effective regulation and environmental compliance systems to deliver good environmental outcomes and target those who don't comply.*

Knowledge: *We provide high quality, targeted and timely environmental data, information and assessment to inform decision making at all levels.*

Advocacy: *We work with others to advocate for a clean, productive and well protected environment and for sustainable environmental behaviour.*

## Our Responsibilities

### Licensing

We regulate the following activities so that they do not endanger human health or harm the environment:

- waste facilities (*e.g. landfills, incinerators, waste transfer stations*);
- large scale industrial activities (*e.g. pharmaceutical, cement manufacturing, power plants*);
- intensive agriculture (*e.g. pigs, poultry*);
- the contained use and controlled release of Genetically Modified Organisms (*GMOs*);
- sources of ionising radiation (*e.g. x-ray and radiotherapy equipment, industrial sources*);
- large petrol storage facilities;
- waste water discharges;
- dumping at sea activities.

### National Environmental Enforcement

- Conducting an annual programme of audits and inspections of EPA licensed facilities.
- Overseeing local authorities' environmental protection responsibilities.
- Supervising the supply of drinking water by public water suppliers.
- Working with local authorities and other agencies to tackle environmental crime by coordinating a national enforcement network, targeting offenders and overseeing remediation.
- Enforcing Regulations such as Waste Electrical and Electronic Equipment (WEEE), Restriction of Hazardous Substances (RoHS) and substances that deplete the ozone layer.
- Prosecuting those who flout environmental law and damage the environment.

### Water Management

Monitoring and reporting on the quality of rivers, lakes, transitional and coastal waters of Ireland and groundwaters; measuring water levels and river flows.

National coordination and oversight of the Water Framework Directive.

Monitoring and reporting on Bathing Water Quality.

### Monitoring, Analysing and Reporting on the Environment

- Monitoring air quality and implementing the EU Clean Air for Europe (CAFÉ) Directive.
- Independent reporting to inform decision making by national and local government (*e.g. periodic reporting on the State of Ireland's Environment and Indicator Reports*).

### Regulating Ireland's Greenhouse Gas Emissions

- Preparing Ireland's greenhouse gas inventories and projections.
- Implementing the Emissions Trading Directive, for over 100 of the largest producers of carbon dioxide in Ireland.

### Environmental Research and Development

- Funding environmental research to identify pressures, inform policy and provide solutions in the areas of climate, water and sustainability.

### Strategic Environmental Assessment

- Assessing the impact of proposed plans and programmes on the Irish environment (*e.g. major development plans*).

### Radiological Protection

- Monitoring radiation levels, assessing exposure of people in Ireland to ionising radiation.
- Assisting in developing national plans for emergencies arising from nuclear accidents.
- Monitoring developments abroad relating to nuclear installations and radiological safety.
- Providing, or overseeing the provision of, specialist radiation protection services.

### Guidance, Accessible Information and Education

- Providing advice and guidance to industry and the public on environmental and radiological protection topics.
- Providing timely and easily accessible environmental information to encourage public participation in environmental decision-making (*e.g. My Local Environment, Radon Maps*).
- Advising Government on matters relating to radiological safety and emergency response.
- Developing a National Hazardous Waste Management Plan to prevent and manage hazardous waste.

### Awareness Raising and Behavioural Change

- Generating greater environmental awareness and influencing positive behavioural change by supporting businesses, communities and householders to become more resource efficient.
- Promoting radon testing in homes and workplaces and encouraging remediation where necessary.

### Management and Structure of the EPA

The EPA is managed by a full time Board, consisting of a Director General and five Directors. The work is carried out across five Offices:

- Office of Climate, Licensing, Research and Resource Use
- Office of Environmental Enforcement
- Office of Environmental Assessment
- Office of Radiological Protection
- Office of Communications and Corporate Services

The EPA is assisted by an Advisory Committee of twelve members who meet regularly to discuss issues of concern and provide advice to the Board.

Environmental Protection Agency
*An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil*

**Ceanncheathrú**

**Bosca Oifig Phoist 3000,**
**Eastát Chaisleán Bhaile Sheáin**
**Contae Loch Garman, Éire**

**T: +353 53 916 0600**
**F: +353 53 916 0699**
**R: info@epa.ie**
**G: www.epa.ie**
**Íosghlaoigh: 1890 33 55 99**

**Cigireacht Réigiúnach**
Teach Mhic Cumascaigh,
Richview, Bóthar Chluain Sceach,
Baile Átha Cliath 14, Éire

T: +353 1 268 0100
F: +353 1 268 0199

**Cigireacht Réigiúnach**
Inis Cara, Contae Chorcaí,
Éire

T: +353 21 487 5540
F: +353 21 487 5545

**Cigireacht Réigiúnach**
Lóiste Sevilla, Bóthar Challainn,
Cill Chainnigh, Éire

T: +353 56 779 6700
F: +353 56 779 6798

**Cigireacht Réigiúnach**
Bóthar Sheáin de Móra, Caisleán an Bharraigh
Contae Mhaigh Eo, Éire

T: +353 94 904 8400
F: +353 94 902 1934

**Cigireacht Réigiúnach**
An Gleann, Muineachán, Éire

T: +353 47 77600
F: +353 47 84987

**Oifigí Réigiúnacha**

An Lárionad Cathrach
Sráid na hEaglaise, Baile Átha Luain,
Contae na hIarmhí, Éire
T: +353 906 475722

Seomra 3, Ionad Comhdhála an Ráithín,
Teach an Phiarsaigh, Bóthar an Phiarsaigh
Páirc Ghnó an Ráithín, Luimneach,
Éire
T: +353 61 224764

Arna chló ar stoc páipéir atá neamhdhíobhálach don timpeallacht